AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 12.10.2011
COIM(2011) 628 leagan deireanach

2011/0288 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le maoiniú, bainistiú agus faireachán a dhéanamh ar an gcomhbheartas talmhaíochta

{SEC(2011) 1153}
{SEC(2011) 1154}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Is i dtogra an Choimisiúin le haghaidh an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) do 2014-2020 (an togra le haghaidh an CAI)[1] a leagtar síos an creat buiséadach agus na príomhthreochtaí don Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT). Ar a bhonn sin, tá an Coimisiún ag tíolacadh sraithe rialachán lena leagfar síos an creat rialaitheach i gcomhair an CBT le linn na tréimhse 2014-2020, maille le measúnú tionchair ar chásanna malartacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist le héabhlóid an bheartais.

Tá na hathchóirithe atáthar á moladh faoi láthair bunaithe ar an Teachtaireacht maidir leis an CBT as seo go 2020[2] ina raibh breac-chuntas ar roghanna ginearálta beartais chun dul i ngleic leis na dúshláin a bheidh le sárú amach anseo ag lucht talmhaíochta agus ag limistéir thuaithe agus chun na cuspóirí a leagadh síos don CBT a bhaint amach, mar atá 1) táirgeadh inmharthana bia; 2) bainistíocht inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus gníomhaíocht ar son na haeráide; agus 3) forbairt chothrom críoch. Fuair na moltaí maidir le hathchóiriú atá sa Teachtaireacht tacaíocht ghinearálta le linn na díospóireachta idirinstitiúidí[3] agus sa chomhairliúchán le geallsealbhóirí a rinneadh faoi chuimsiú an mheasúnaithe tionchair.

Téama coitianta a tháinig chun cinn go minic le linn an phróisis seo is ea an gá éifeachtúlacht acmhainní a chur chun cinn d'fhonn fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a bhaint amach i gcomhair thalmhaíocht an AE agus i gcomhair limistéar tuaithe i gcomhréir leis an straitéis Eoraip 2020, agus struchtúr an CBT á choinneáil roinnte ar dhá cholún a úsáideann ionstraimí comhlántacha chun na cuspóirí céanna a bhaint amach. Le Colún I cumhdaítear íocaíochtaí díreacha agus bearta margaidh lena dtugtar tacaíocht bhunúsach bhliantúil d'ioncam fheirmeoirí an AE agus tacaíocht i gcás ina dtarlóidh suaitheadh áirithe ar an margadh. Le Colún II cumhdaítear forbairt tuaithe i gcás ina ndéanfaidh na Ballstáit cláir ilbhliantúla a tharraingt suas agus a chómhaoiniú faoi chomhchreat[4].

Trí athchóirithe leanúnacha mhéadaigh an CBT treocht mhargaidh na talmhaíochta agus thug tacaíocht ioncaim do tháirgeoirí, d'fheabhsaigh sé an chaoi ar comhtháthaíodh ceanglais chomhshaoil agus threisigh tacaíocht d'fhorbairt tuaithe mar bheartas comhtháthaithe chun limistéir thuaithe a fhorbairt ar fud an AE. De bharr an phróisis athchóirithe sin, áfach, tháinig éilimh chun cinn go ndáilfí an tacaíocht ar bhealach níos fearr i measc na mBallstát agus laistigh díobh, agus gur fearr mar a spriocdhíreofaí bearta a bhfuil sé mar aidhm acu dul i

---

1 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún *Buiséad don Eoraip 2020*, COIM(2011)500 críochnaitheach, 29.6.2011.

2 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún *An CBT i dtreo 2020*: *déileáil leis na dúshláin bhia, acmhainní nádúrtha agus chríche a bheidh ann amach anseo*, COIM(2010)672 críochnaitheach, 18.11.2010.

3 Féach go háirithe an rún ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Meitheamh 2011, 2011/2015(INI), agus conclúidí na hUachtarántachta an 18.3.2011.

4 Is éard atá sa chreat reachtach atá ann faoi láthair Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (íocaíochtaí díreacha), Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (ionstraimí margaidh), Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (forbairt tuaithe), Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 ón gComhairle (maoiniú).

ngleic le dúshláin chomhshaoil agus dul i ngleic le luaineacht an mhargaidh ar bhealach níos fearr.

San am a chuaigh thart, rinneadh athchóirithe chun freagairt a thabhairt ar dhúshláin de thionscnamh inmheánach, barrachais ollmhóra agus géarchéimeanna maidir le sabháilteacht bia mar shampla; agus rinne siad leas an AE laistigh dá theorainneacha agus go hidirnáisiúnta mar aon. Sa lá atá inniu ann, áfach, is tosca seachtracha is cúis le formhór na ndúshlán atá ag an tionscal talmhaíochta agus dá bhrí sin tá beartas níos ginearálta de dhíth chun freagairt a thabhairt orthu.

Meastar go leanfaidh ioncam ó thalmhaíocht de bheith faoi bhrú amach anseo ó tharla go mbeidh breis rioscaí ann d'fheirmeoirí, go bhfuil an táirgiúlacht ag moilliú agus go mbeidh corrlaigh níos lú de dheasca méaduithe ar phraghsanna ionchuir; dá bhrí sin is gá tacaíocht ioncaim a choinneáil agus ionstraimí a threisiú chun rioscaí a bhainistiú ar bhealach níos fearr agus freagairt níos fearr a thabhairt i gcás géarchéimeanna. Tá sé sár-riachtanach go mbeadh an talmhaíocht láidir ar mhaithe le tionscal an bhia san AE agus le slándáil dhomhanda bia.

Ag an am céanna, táthar ag iarraidh ar thionscal na talmhaíochta agus ar limistéir thuaithe breis iarrachta a dhéanamh chun na spriocanna teanntásacha maidir leis an gcomhshaol agus le fuinneamh agus an straitéis bhithéagsúlachta, ar cuid de clár oibre Eoraip 2020 iad, a bhaint amach. Is gá tacú le feirmeoirí, arb iad na príomhbhainisteoirí talún iad maille le foraoiseoirí, chun córais agus cleachtais feirmeoireachta a ghlacadh agus a chothabháil a fhabhróidh go mór cuspóirí a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid ó tharla nach bhfuil aon léiriú i bpraghsanna margaidh ar leasanna den sórt sin don phobal. Tá sé sár-riachtanach freisin an tairbhe is optamaí a bhaint as an acmhainn atá i limistéir éagsúla thuaithe agus sa dóigh sin cur le fás uilechuimsitheach agus comhtháthú.

Dá bhrí sin, amach anseo ní bheidh an CBT ina bheartas nach bhfreastalóidh ach ar chuid bheag, bíodh go bhfuil sé sár-riachtanach, de gheilleagar an AE, ach beartas lena mbaineann tábhacht straitéiseach i gcomhair slándála bia, an chomhshaoil agus cothroime idir críocha a bheidh ann freisin. Is ansin atá an breisluach don AE a thiocfaidh ó bheartas, ar comhbheartas i bhfírinne é, lena mbainfear an úsáid is éifeachtúla as acmhainní teoranta an bhuiséid chun earnáil talmhaíochta inmharthana a chothabháil ar fud an AE, agus a rachaidh i ngleic le saincheisteanna tábhachtacha trasteorainn amhail athrú aeráide agus treisiú dlúthpháirtíochta i measc na mBallstát, agus fairis sin, a cheadóidh solúbthacht sa chur chun feidhme chun freastal ar riachtanais áitiúla.

Foráiltear sa chreat atá leagtha amach sa togra le haghaidh an CAI gur cheart a struchtúr décholúnach a fhágáil ag an CBT agus an buiséad le haghaidh gach colúin acu a choinneáil, i dtéarmaí ainmniúla, ar a leibhéal le haghaidh 2013 agus gur cheart é a bheith dírithe ar thorthaí de réir phríomhthosaíochtaí an AE. Ba cheart táirgeadh inbhuanaithe a chur chun cinn le híocaíochtaí díreacha trí 30 % dá gclúdach buiséadach a shannadh do bhearta sainordaitheacha a dhéanann leas na haeráide agus an chomhshaoil. Ba cheart na leibhéil íocaíochta a chóineasú go forchéimnitheach agus ba cheart uasteorannú forchéimnitheach a chur i bhfeidhm ar íocaíochtaí le tairbhithe móra. Ba cheart forbairt tuaithe a áireamh i gComhchreat Straitéiseach le cistí comhbhainistíochta eile de chuid an AE, an cur chuige ina taobh a threisiú agus a dhíriú ar na torthaí agus coinníollachtaí *ex-ante* feabhsaithe follasacha a chur i bhfeidhm. Ar deireadh thiar, ó thaobh beart margaidh de ba cheart maoiniú an CBT a threisiú le dhá ionstraim atá lasmuigh den CAI: 1) cúltaisce éigeandála chun gníomhú i ngéarchéimeanna; agus 2) raon feidhme Chiste na hEorpa um Choigeartú don Domhandú a shíneadh.

Ar a bhonn sin, tá príomheilimintí chreat reachtach an CBT le linn na tréimhse 2014-2020 leagtha amach sna rialacháin seo a leanas:

– Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha le haghaidh íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi choimsiú an chomhbheartais talmhaíochta ('an Rialachán maidir le híocaíochtaí díreacha');

– Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta (an Rialachán maidir le CEM Aonair);

– Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) ('an Rialachán maidir le forbairt tuaithe');

– Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air ('an Rialachán cothrománach');

– Togra le haghaidh Rialacháin ón gComhairle lena gcinntear bearta maidir le cabhair agus aisíocaíochtaí áirithe a shocrú a bhaineann le comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta;

– Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 maidir le cur i bhfeidhm íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí i leith na bliana 2013;

– Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 maidir le córas na scéime aoníocaíochta agus tacaíocht do shaothraithe fíniúnacha.

Forbairt é an Rialachán maidir le forbairt tuaithe ar an togra arna thíolacadh ag an gCoimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2011 ina leagtar amach comhrialacha le haghaidh gach ciste a oibríonn faoi Chomhchreat Straitéiseach[5]. Tiocfaidh rialachán ina dhiaidh seo maidir leis an scéim le haghaidh na ndaoine is díothaí. Cuirtear an cistiú don scéim sin faoi cheannteideal éagsúil de chuid CAI anois.

Ina theanta sin, táthar ag ullmhú rialacha nua maidir le foilsiú faisnéise i dtaobh tairbhithe ag cur san áireamh agóidí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh d'fhonn an bealach is iomchuí a aimsiú chun réiteach a fháil idir ceart na dtairbhithe chun cosanta ar a sonraí pearsanta agus prionsabal na trédhearcachta.

---

[5] Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh arna gcumhdach ag an gComhchreat Straitéiseach agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006, COIM(2011)615 an 6.10.2011.

## 2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNÚ TIONCHAIR

Ar bhonn na meastóireachta ar an gcreat beartais atá ann faoi láthair agus ar bhonn anailíse ar dhúshláin agus riachtanais a bheidh ann amach anseo, déantar measúnú agus comparáid idir tionchar trí chás mhalartacha sa mheasúnú tionchair. Toradh is ea é ar phróiseas fada a thosaigh in Aibreán 2010 agus a bhí faoi stiúir grúpa idirsheirbhíse a thug anailís fhairsing chainníochtúil agus cháilíochtúil le chéile, lena n-áirítear bonnlíne a bhunú i bhfoirm réamh-mheastachán meántéarmach le haghaidh margaí talmhaíochta agus ioncaim go dtí 2020 agus tionchar na gcásanna éagsúla beartais a shamhaltú de réir eacnamaíocht na hearnála.

Is iad seo a leanas na trí chás a léirítear sa mheasúnú tionchair: 1) cás an choigeartaithe, ina leantar leis an gcreat beartais atá ann faoi láthair ach ina dtéitear i ngleic leis na lochtanna is tábhachtaí atá air, amhail dáileadh na n-íocaíochtaí díreacha; 2) cás an chomhtháthaithe, ina n-athraítear an beartas go mór trí fheabhas a chur ar spriocdhíriú agus ar ghlasú íocaíochtaí díreacha agus trí threisiú a dhéanamh ar spriocdhíriú straitéiseach i gcomhair beartas forbartha tuaithe a bheidh níos comhordaithe le beartais eile an AE, agus tríd an mbunús dlí a shíneadh chomh maith chun scóip níos fairsinge a thabhairt do chomhar táirgeoirí; agus 3) cás an athdhírithe, ina gcuirtear an beartas i dtreo nua sa chaoi go mbeidh sé dírithe go heisiach ar an gcomhshaol agus go gcuirfear deireadh le híocaíochtaí díreacha go forchéimnitheach, cás é ina dtoimhdítear go bhféadfar an acmhainneacht táirgeachta a choinneáil gan tacaíocht a thabhairt agus go bhféadfar freastal ar riachtanais shocheacnamaíocha limistéar tuaithe le beartais eile.

I bhfianaise na géarchéime eacnamaíche agus an bhrú ar an airgeadas poiblí, ar saincheisteanna iad ar ar thug an AE freagra tríd an straitéis Eoraip 2020 agus an togra le haghaidh CAI, tugann gach aon de na trí chás méid éagsúil tábhachta do gach ceann de na trí chuspóir beartais a bheidh ag an CBT a bheidh ann amach anseo agus a bhfuil sé d'aidhm aige an talmhaíocht a chur faoi bhonn níos iomaíche agus níos inbhuanaithe agus na limistéir thuaithe a dhéanamh bríomhar. D'fhonn an beartas a ailíniú níos fearr leis an straitéis Eoraip 2020, go háirithe ó thaobh éifeachtúlachta acmhainní de, beidh sé níos riachtanaí fós amach anseo táirgiúlacht na talmhaíochta a fheabhsú trí thaighde, aistriú eolais agus cur chun cinn comhair agus nuálaíochta (lena n-áirítear tríd an gComhpháirtíocht Eorpach um Nuálaíocht maidir le táirgiúlacht agus inbhuanaitheacht na talmhaíochta). Cé nach bhfuil beartas talmhaíochta an AE ag feidhmiú a thuilleadh i dtimpeallacht ina bhfuil beartais a shaobhann trádáil, táthar ag tnúth le breis brú ar an earnáil áirithe seo ó thuilleadh léirscaoilte, go háirithe faoi chuimsiú Chlár Oibre Forbartha Doha nó an Chomhaontaithe Saorthrádála le Mercosur.

Tarraingíodh na trí chás beartais suas ag cur san áireamh na bpríomhroghanna a cuireadh in iúl le linn an chomhairliúcháin a rinneadh mar chuid den mheasúnú tionchair. Iarradh ar pháirtithe leasmhara aighneachtaí a chur isteach idir 23.11.2010 agus 25.1.2011 agus reáchtáladh coiste comhairleach an 12.1.2011. Seo thíos achoimre ar na príomhphointí[6]:

– Tá geallsealbhóirí d'aon tuairm go ginearálta gur gá CBT láidir a bheith ann atá bunaithe ar struchtúr décholúnach chun dul i ngleic le dúshláin na slándála bia, na bainistíochta oiriúnaí ar acmhainní nádúrtha agus na forbartha críochaí.

[6] Féach Iarscríbhinn 9 den mheasúnú tionchair chun forbhreathnú a fháil ar an 517 aighneacht a fuarthas.

– Measann formhór na bhfreagróirí gur cheart ról a bheith ag an CBT i gcobhsú margaí agus praghsanna.

– Tá tuairimí éagsúla ag geallsealbhóirí i dtaobh na nithe ar cóir tacaíocht a dhíriú orthu (go háirithe athdháileadh cabhrach dírí agus uasteorannú íocaíochtaí).

– Táthar d'aon tuairim gur féidir leis an dá cholún a bheith tábhachtach chun gníomhaíocht ar son na haeráide a ghéarú agus chun feidhmíocht i dtaobh an chomhshaoil a mhéadú ar mhaithe le sochaí an AE. Cé go gcreideann cuid mhaith feirmeoirí go bhfuiltear á dhéanamh cheana féin, dar leis an bpobal i gcoitinne d'fhéadfaí úsáid ní b'éifeachtúla a bhaint as íocaíochtaí faoi Cholún I.

– Is mian leis na freagróirí go mbeadh gach cuid den AE, limistéir mhídheisiúla san áireamh, páirteach i bhfás agus i bhforbairt amach anseo.

– D'aibhsigh go leor freagróirí comhtháthú an CBT le beartais eile, amhail beartais comhshaoil, sláinte, trádála agus forbartha.

– Amharctar ar nuálaíocht, forbairt gnóthas iomaíoch agus soláthar earraí poiblí do shaoránaigh an AE mar bhealaí chun an CBT a ailíniú leis an straitéis Eoraip 2020.

Seo thíos an chomparáid a rinneadh sa mheasúnú tionchair idir na trí chás mhalartacha beartais:

Chuirfeadh cás an athdhírithe luas faoin gcoigeartú struchtúrach in earnáil na talmhaíochta, tríd an táirgeadh a bhogadh go dtí na limistéir ab éifeachtúla ó thaobh costais de agus go dtí na hearnálacha ba mhó brabús. Cé go méadódh sé cistiú ar son an chomhshaoil go mór, nochtfadh sé an earnáil do bhreis rioscaí de dheasca an raoin feidhme theoranta a bheadh ag idirghabháil mhargaidh. Thairis sin, bheadh costas mór sóisialta agus don chomhshaol ag baint leis ó tharla go gcaillfeadh na limistéir ba lú iomaíochas cuid mhaith ioncaim agus go ndéanfaí cuid mhaith díghrádú comhshaoil iontu, ós rud é go gcaillfeadh an beartas a éifeacht mar luamhán a thagann ó íocaíochtaí díreacha a nascadh leis na ceanglais maidir le tras-chomhlíonadh.

Ag ceann eile an speictrim, is le cás an athdhírithe a bheadh an comhleanúnachas beartais ab fhearr ann maille le feabhsuithe teoranta inbhraite maidir le hiomaíochas na talmhaíochta agus le feidhmíocht i dtaobh an chomhshaoil araon. Tá amhras tromchúiseach ann, áfach, go bhféadfadh an cás áirithe seo dul i ngleic ar bhealach leordhóthanach leis na dúshláin mhóra a bheidh ann amach anseo maidir leis an aeráid agus leis an gcomhshaol, ar dúshláin iad a mbeidh inbhuanaitheacht fhadtéarmach na talmhaíochta i dtreis leo.

Cur chuige úrnua atá i gceist le cás an chomhtháthaithe lena gcuirfí feabhas ar spriocdhíriú agus ar ghlasú íocaíochtaí díreacha. Léiríonn an anailís gur féidir glasú a chur i gcrích ar chostas réasúnta d'fheirmeoirí cé nach bhféadtar ualach riaracháin éigin a sheachaint. Ar an dul céanna, is féidir spreagadh nua a thabhairt d'fhorbairt tuaithe ar chuntar go mbainfidh na Ballstáit agus na réigiúin úsáid éifeachtúil as na deiseanna nua agus nach ndéanfaidh an comhchreat straitéiseach le cistí eile an AE an tsineirgíocht le Colún I a laghdú ná láidreachtaí sainiúla na forbartha tuaithe a lagú. Má fhaightear an chothromaíocht cheart, is é seo an cás is fearr a rachadh i ngleic le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach na talmhaíochta agus na limistéar tuaithe.

Ar a bhonn sin, baintear de thátal sa mheasúnú tionchair gurb é an cás comhtháthaithe an cás is cothroime maidir le hailíniú forchéimnitheach a dhéanamh idir an CBT agus cuspóirí straitéiseacha an AE agus tá an chothromaíocht sin le fáil freisin i gcur chun feidhme na n-eilimintí éagsúla sna tograí reachtacha. Beidh sé sár-riachtanach freisin creat meastóireachta a fhorbairt chun feidhmíocht an CBT a thomhas le sraith choitinn táscairí a bheidh nasctha le cuspóirí beartais.

Leagadh béim nach beag ar an simpliúchán feadh an phróisis agus ba cheart cur leis ar bhealaí éagsúla, mar shampla trí chuíchóiriú a dhéanamh ar thras-chomhlíonadh agus ionstraimí margaidh, nó an leagan amach atá ar scéim na bhfeirmeoirí beaga. Thairis sin, ba cheart glasú na n-íocaíochtaí díreacha a dhéanamh ar bhealach a íoslaghdóidh an t-ualach riaracháin, costais na rialuithe san áireamh.

## 3. EILIMINTÍ DLÍTHIÚLA AN TOGRA

Tá sé beartaithe an struchtúr atá ag an CBT faoi láthair a choinneáil, mar atá dhá cholún le bearta bliantúla sainordaitheacha a chuirfear i bhfeidhm go ginearálta faoi chuimsiú Cholún I maille le bearta deonacha atá oiriúnaithe do shainiúlachtaí tíortha agus réigiún faoi chur chuige an chláraithe ilbhliantúil faoi chuimsiú Cholún II. Leis an leagan amach nua atá ar íocaíochtaí díreacha, áfach, táthar ag iarraidh breis leasa a bhaint as na sineirgíochtaí le Colún II, agus ag an am céanna táthar ag cur an cholúin sin faoi Chomhchreat Straitéiseach chun an comhordú idir é agus cistí comhbhainistíochta eile de chuid an AE a fheabhsú.

Ar a bhonn sin, coinneofar an struchtúr atá ann faoi láthair mar atá ceithre bunionstraimí dhlíthiúla, cé go méadófar raon feidhme an rialacháin mhaoinithe chun forálacha coiteanna a thabhairt le chéile faoi chuimsiú an rialacháin chothrománaigh, mar a thugtar air anois.

Comhlíonann na tograí prionsabal na coimhdeachta. Comhbheartas i bhfírinne is ea an CBT: réimse is ea é ina roinntear inniúlacht idir an AE agus na Ballstáit agus a bhainistítear ar leibhéal an AE d'fhonn earnáil na talmhaíochta a choinneáil ar bhonn inbhuanaithe agus ilghnéitheach ar fud an AE, agus chun dul i ngleic le saincheisteanna móra trasteorainn amhail athrú aeráide agus treisiú na dlúthpháirtíochta idir na Ballstáit. I bhfianaise thromchúis na ndúshlán a bheidh ann amach anseo maidir le slándáil bia, an comhshaol agus cothroime idir críocha, is beartas é an CBT fós lena mbaineann tábhacht straitéiseach chun a áirithiú go dtabharfar an fhreagairt is éifeachtaí ar na dúshláin bheartais agus go mbainfear an úsáid is éifeachtúla as acmhainní buiséadacha. Thairis sin, tá sé beartaithe struchtúr na n-ionstraimí a choinneáil mar atá sé faoi láthair, i.e. in dhá cholún, agus níos mó saoirse ag na Ballstáit réitigh a chur in oiriúint dá sainiúlachtaí áitiúla faoi Cholún II, ar colún é a chómhaoiníonn siad. Cuirfear an Chomhpháirtíocht Eorpach um Nuálaíocht atá nua agus an tsraith straitéisí um bainistiú rioscaí faoi chuimsiú Cholún II. Ag an am céanna ba cheart an beartas a ailíniú níos fearr leis an straitéis Eoraip 2020 (lena n-áirítear comhchreat le cistí eile de chuid an AE) agus ba cheart roinnt feabhsuithe agus eilimintí simpliúcháin a thabhairt isteach. Ar deireadh thiar, léiríonn an anailís a rinneadh faoi chuimsiú an mheasúnaithe thionchair go follasach an costas a bheadh ann i dtéarmaí iarmhairtí don gheilleagar, don chomhshaol agus don tsochaí mura ndéanfar gníomhaíocht éigin.

I dteannta na bhforálacha maidir le maoiniú, tugann an rialachán cothrománach na rialacha ábhartha le chéile i gcomhair gach ionstraime, amhail forálacha maidir le traschomhlíonadh, seiceálacha agus pionóis. Dá thoradh sin, tá rialacha leagtha síos sa rialachán anois maidir le

maoiniú, an córas comhairleach feirme, córais bhainistíochta agus rialaithe, traschomhlíonadh agus glanadh cuntas.

Is é an aidhm rialacha maoinithe a choigeartú ar bhonn na taithí atá faighte go dtí seo, traschomhlíonadh a chuíchóiriú agus a fheabhsú agus an córas comhairleach feirme a neartú.

I ndáil le traschomhlíonadh go háirithe, athbhreithniú na rialacha atá ann faoi láthair d'fhonn iad a shimpliú, an ghné a bhaineann le hathrú aeráide a neartú laistigh de DMTC agus comhchuibheas a áirithiú leis na forálacha a bhaineann le glasú agus le bearta comhshaoil ábhartha a chuirtear ar fáil faoi fhorbairt tuaithe.

Ar deireadh thiar, bonn is ea an rialachán le comhchreat faireacháin agus meastóireachta chun feidhmíocht an CBT a thomhas le linn na chéad tréimhse eile.

Tá eilimintí simpliúcháin éagsúla sa rialachán seo. Sa chéad dul síos, déanann sé na rialacha ar fad maidir le traschomhlíonadh a athghrúpáil in aon ghníomh reachtach amháin. Sa dóigh sin déanann sé iad níos inléite.

Thairis sin, foráiltear ann maidir le líon na ngníomhaireachtaí íocaíochta a laghdú agus ról an chomhlachta comhordaithe a threisiú. A bhuí leis sin beidh an córas níos trédhearcaí agus is lú ualaí a bheidh i gceist leis do riaracháin náisiúnta agus do sheirbhísí an Choimisiúin araon. Beidh gá le níos lú creidiúnuithe agus dearbhuithe ráthaíochta ar leibhéal an Bhallstáit agus laghdófar líon na n-iniúchóireachtaí a dhéanann an Coimisiún.

Ailíneofar na rialacha maidir le bainistíocht agus rialuithe, a oiread is féidir, i gcás an dá cholún atá sa CBT chun deimhneacht dhlíthiúil agus nósanna imeachta comhchuibhithe a thabhairt isteach. Thairis sin, foráiltear sa rialachán go dtabhfar de chumhacht don Choimisiún laghdú a cheadú ar líon na seiceálacha ar an láthair i gcomhair Ballstát ina bhfuil córais rialaithe dea-fheidhmiúla agus rátaí ísle earráidí. D'fhéadfadh an méid sin an t-ualach riaracháin a laghdú d'fheirmeoirí agus do riaracháin náisiúnta araon

## 4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Foráiltear sa togra le haghaidh CAI gur cheart leanúint de chuid shuntasach de bhuiséad an AE a thiomnú don talmhaíocht, ó tharla go mbaineann tábhacht straitéiseach leis an gcomhbheartas talmhaíochta. Dá bhrí sin, agus de réir praghsanna reatha, tá sé beartaithe go ndíreoidh an CBT ar a chroíghníomhaíochtaí le EUR 317.2 billiún leithdháilte ar Cholún I agus EUR 101.2 billiún ar Cholún II feadh na tréimhse 2014-2020.

Tá EUR 17.1 billiún de chistiú breise mar chomhlánadh ar chistiú Cholún I agus Cholún II. Is éard atá i gceist leis an gcistiú breise sin EUR 5.1 billiún i gcomhair taighde agus nuálaíochta, EUR 2.5 billiún i gcomhair sabháilteachta bia agus EUR 2.8 billiún i gcomhair tacaíocht bia do na daoine is díothaí faoi cheannteidil eile de chuid an CAI, chomh maith le EUR 3.9 billiún mar chúltaisce nua i gcomhair géarchéimeanna in earnáil na talmhaíochta agus suas le EUR 2.8 billiún sa Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú lasmuigh den CAI. Dá bhrí sin is ionann an buiséad iomlán agus EUR 435.6 billiún feadh na tréimhse 2014-2020.

Maidir le dáileadh tacaíochta i measc na mBallstát, tá sé beartaithe i gcás gach Ballstáit a fhaigheann íocaíochtaí díreacha atá faoi bhun 90 % de mheán an AE, go laghdófar an bhearna sin aon trian. Ríomhtar na huasmhéideanna náisiúnta sa rialachán maidir le híocaíochtaí díreacha ar an mbonn sin.

Tá dáileadh tacaíochta ar fhorbairt tuaithe bunaithe ar chritéir oibiachtúla atá nasctha leis na cuspóirí beartais agus an dáileadh reatha á chur san áireamh. Amhail an cás faoi láthair, ba cheart rátaí cómhaoinithe ní b'airde a bheith ann chun leasa na réigiún lagfhorbartha, ar rátaí iad a bheidh feidhm acu maidir le bearta áirithe eile amhail aistriú eolais, grúpaí táirgeoirí, comhar agus Leader.

Tabharfar roinnt solúbthachta isteach i gcás aistrithe idir colúin (suas le 5 % d'íocaíochta díreacha): ó cholún I go colún II lena chur ar chumas na mBallstát a mbeartas forbartha tuaithe a threisiú, agus ó cholún II go colún I i gcás na mBallstát sin ina bhfuil leibhéal na n-íocaíochtaí díreacha fós faoi bhun 90 % den mheán don AE.

Tá mionsonraí an tionchair airgeadais a thiocfaidh as na tograí le haghaidh athchóiriú an CBT leagtha amach sa ráiteas airgeadais a ghabhann leis na tograí.

2011/0288 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le maoiniú, bainistiú agus faireachán a dhéanamh ar an gcomhbheartas talmhaíochta**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach[7],

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[8],

Tar éis dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí[9],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún maidir le 'An CBT as seo go 2020: Déileáil leis na dúshláin bhia, acmhainní nádúrtha agus chríche san am atá le teacht'[10] leagadh amach na dúshláin, na cuspóirí agus na treoshuímh a d'fhéadfadh a bheith ann don Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT) tar éis 2013. I bhfianaise na díospóireachta i dtaobh na Teachtaireachta sin, ba cheart an CBT a athchóiriú le héifeacht ón 1 Eanáir 2014. San athchóiriú sin ba cheart príomhionstraimí uile an CBT a chumdach, lena n-áirítear Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2005 maidir le maoiniú an chomhbheartais talmhaíochta[11] mar atá leasaithe le Rialachán [COIM(2010)…(*Comhaontú Liospóin*)][12] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Ón taithí a fuarthas ón Rialachán sin a chur chun feidhme is léir gur gá eilimintí áirithe den mheicníocht mhaoinithe agus faireacháin a choigeartú. I bhfianaise raon feidhme an athchóirithe sin, is iomchuí Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 a aisghairm agus téacs nua a chur ina ionad. Ba cheart don

7 IO C ..., lch.
8 IO C ..., lch.
9 IO C , , lch .
10 COIM(2010) 672 críochnaitheach, 18.11.2010.
11 IO L 209, 11.8.2005, lch. 1.
12 IO L […], […], lch. […].

athchóiriú, a mhéid is féidir, forálacha a chomhchuibhiú, a chuíchóiriú agus a shimpliú.

(2) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a chur i gcrích go leordhóthanach i bhfianaise na nasc idir é agus ionstraimí eile an CBT, na srianta ar acmhainní airgeadais na mBallstát in Aontas méadaithe, agus gur féidir, dá bhrí sin, na cuspóirí sin a bhaint amach níos fearr ag leibhéal an Aontais trí ráthaíocht ilbhliantúil maoinithe ón Aontas agus trí dhíriú isteach ar a thosaíochtaí, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5(4) den Chonradh sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

(3) Chun eilimintí áirithe neamhriachtanacha an Rialacháin seo a fhorlíonadh nó a leasú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún maidir le creidiúnú na ngníomhaireachtaí íocaíochta agus na gcomhlachtaí comhordaithe, ábhar an Chórais Chomhairligh Feirme, na bearta atá le maoiniú ag buiséad an Aontais faoi idirghabháil phoiblí agus luacháil na n-oibríochtaí i ndáil le hidirghabháil phoiblí, aisíocaíochtaí leis na Ballstáit a laghdú agus a chur ar fionraí, an cúiteamh idir caiteachas agus ioncam faoi na Cistí, aisghabháil fiach, na pionóis a chuirtear i bhfeidhm ar thairbhithe i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha incháilitheachta, rialacha maidir le hurrúis agus maidir le feidhmiú an chórais chomhtháite riaracháin agus rialaithe, na bearta a eisiatar ó ghrinnscrúdú ar idirbhearta, na pionóis a chuirtear i bhfeidhm faoi thras-chomhlíonadh, na rialacha maidir le cothabháil féarthailte buana, na rialacha maidir leis an imeacht feidhme agus an ráta malartaithe atá le húsáid ag na Ballstáit nach n-úsáideann an euro agus maidir le ábhar chomhchreat meastóireachta na mbeart arna nglacadh faoin CBT. Tá sé thar a bheith tábhachtach go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear le saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur an tráth céanna, go tráthúil agus go hiomchuí, chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

(4) Is éard atá sa CBT sraith beart, a mbaineann cuid acu le forbairt tuaithe. Tá sé tábhachtach go gcuirfear maoiniú ar fáil do na bearta sin chun rannchuidiú le cuspóirí an CBT a chur i gcrích. Ós rud é go bhfuil eilimintí áirithe i bpáirt ag na bearta ach go bhfuil siad difriúil óna chéile ó thaobh roinnt gnéithe, ba cheart a maoiniú a chur le chéile sa tsraith chéanna forálacha a fhágann go bhféadfar déileáil leo ar bhealach difriúil nuair is gá. I Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 cruthaíodh dhá chiste talmhaíochta Eorpacha, eadhon, an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta ('CERT' anseo feasta) agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe ('CETFT' anseo feasta). Ba cheart an dá Chiste seo a choimeád.

(5) Ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) Uimh. [RA]/xxx ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad bliantúil an Aontais [13] agus ag na forálacha arna nglacadh dá bhun maidir leis

[13] IO L […], […], lch. […].

na bearta atá leagtha amach sa Rialachán seo. Leagtar síos go háirithe sa Rialachán forálacha a bhaineann le comhbhainistíocht le Ballstáit bunaithe ar phrionsabail bainistíochta fónta airgeadais, trédhearcachta agus neamh-idirdhealaithe, chomh maith le forálacha maidir le feidhmiú comhlachtaí creidiúnaithe, na prionsabail bhuiséadacha, ar forálacha iad is ceart a urramú faoi chuimsiú an Rialacháin seo.

(6) Ba cheart do bhuiséad an Aontais caiteachas don CBT a mhaoiniú, lena n-áirítear caiteachas ar fhorbairt tuaithe, tríd an dá Chiste cibé acu go díreach nó i gcomhthéacs comhbhainistíochta leis na Ballstáit. Ba cheart na cineálacha beart is féidir a mhaoiniú leis na Cistí sin a shonrú.

(7) Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le creidiúnú gníomhaireachtaí íocaíochta ag Ballstáit, maidir le nósanna imeachta a bhunú chun na dearbhuithe urrúis bhainistíochta is gá a fháil, agus maidir le deimhniú córas bainistíochta agus faireacháin, agus maidir le deimhniú cuntas bliantúil ag comhlachtaí neamhspleácha freisin. Ina theannta sin, chun trédhearcacht seiceálacha náisiúnta a áirithiú, go háirithe maidir le nósanna imeachta údaraithe, bailíochtaithe agus íocaíochta, chun an t-ualach riaracháin agus iniúchta a laghdú do sheirbhísí an Choimisiúin agus do na Ballstáit chomh maith i gcás ina gceanglaítear gach gníomhaireacht íocaíochta a chreidiúnú, ba cheart líon na n-údarás agus na gcomhlachtaí a dtarmligtear na cúraimí sin chucu a shrianadh, ag cur san áireamh socruithe bunreachtúla gach Ballstáit.

(8) I gcás ina gcreidiúnaíonn Ballstát níos mó ná gníomhaireacht íocaíochta amháin, tá sé tábhachtach go n-ainmneoidh sé comhlacht comhordaithe aonair chun comhsheasmhacht a áirithiú i mbainistiú na gcistí, chun idirchaidreamh a dhéanamh idir an Coimisiún agus na gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe éagsúla agus chun a áirithiú go ndéanfar an fhaisnéis a iarrann an Coimisiún faoi oibríochtaí roinnt gníomhaireachtaí íocaíochta a chur ar fáil go tapa. Ba cheart don chomhlacht comhordúcháin a bheith freagrach as a áirithiú go ndéantar gníomhaíocht feabhais agus go gcoimeádtar an Coimisiún ar an eolas maidir le gníomhaíochtaí leantacha agus ba cheart dó cur i bhfeidhm aonchineálach comhrialacha agus comhchaighdeán a áirithiú.

(9) Is iad gníomhaireachtaí íocaíochta arna gcreidiúniú ag na Ballstáit amháin a thugann urrús réasúnach go bhfuil na seiceálacha is gá curtha i gcrích sula ndeonaítear cabhair ón Aontas do thairbhithe. Ba cheart a leagan síos go sainráite mar sin nach féidir ach caiteachas arna dhéanamh ag gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe a aisíoc ó bhuiséad an Aontais.

(10) Chun cabhrú le tairbhithe bheith níos feasaí ar an ngaol idir cleachtais talmhaíochta agus bainistíocht feirmeacha ar thaobh amháin, agus caighdeáin a bhaineann leis an gcomhshaol, athrú aeráide, dea-bhail talmhaíochta talaimh, sábháilteacht bia, sláinte phoiblí, sláinte ainmhithe, sláinte plandaí agus leas ainmhithe ar an taobh eile, is gá go mbunóidh Ballstáit córas cuimsitheach comhairleach feirme a thairgeann comhairle do thairbhithe. Ní ceart don chóras comhairleach feirme difear a dhéanamh ar aon bhealach d'oibleagáid agus do fhreagracht na dtairbhithe i leith na gcaighdeán sin. Chomh maith leis sin ba cheart do na Ballstáit deighilt shoiléir idir comhairle agus seiceálacha a áirithiú.

(11) Ba cheart don chóras comhairleach feirme na ceanglais agus na caighdeáin as a ndéantar tras-chomhlíonadh a chumhdach ar a laghad. Ba cheart don chóras sin na

ceanglais atá le hurramú i ndáil le cleachtais talmhaíochta is tairbhiúil don aeráid agus don chomhshaol a chumhdach freisin le haghaidh íocaíochtaí díreacha chomh maith le cothabháil an limistéir talamhaíochta faoi Rialachán (AE) Uimh. ÍD/xxx ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an xxx lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíocht dhíreach le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta[14]. Ba cheart a chumhdach faoin gcóras sin, faoi dheireadh, eilimintí áirithe a bhaineann le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide, le bithéagsúlacht, le cosaint uisce, le fógra i leith galar ainmhithe agus plandaí agus le nuálaíocht chomh maith le forbairt inbhuanaithe ghníomhaíocht eacnamaíoch na bhfeirmeacha beaga.

(12) Ba cheart do thairbhithe a bheith in ann teacht isteach sa chóras comhairleach feirme ar bhonn deonach. Ba cheart a cheadú do na tairbhithe páirt a ghlacadh sa chóras, fiú mura bhfaigheann siad tacaíocht faoin CBT. Féadfaidh na Ballstáit, mar sin féin, critéir thosaíochta a leagan síos. I ngeall ar chineálan chórais, is iomchuí déileáil leis an bhfáisnéis a fhaightear le linn na gníomhaíochta comhairlí mar fhaisnéis rúnda, ach amháin i gcás sáruithe tromchúiseacha ar dhlí an Aontais nó ar an dlí náisiúnta. Chun éifeachtúlacht an chórais a áirithiú, ba cheart do na comhairleoirí a bheith cáilithe go cuí agus ba cheart iad á gcur faoi oiliúint go rialta.

(13) Ba cheart don Choimisiún na hacmhainní airgeadais is gá, chun an caiteachas arna thabhú ag gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe i leith an CERT a chumhdach, a chur ar fáil do na Ballstáit i bhfoirm aisíocaíochtaí in aghaidh cur sa leabharan chaiteachais arna thabhú ag na gníomhaireachtaí sin. Go dtí go n-íoctar na haisíocaíochtaí sin, i bhfoirm íocaíochtaí míosúla, ba cheart do na Ballstáit acmhainní airgeadais a úsáid i gcomhréir le riachtanais a ngníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe. Ba ceart do na Ballstáit féin agus do na tairbhithe féin atá gafa le feidhmiú an CBT costais phearsanra agus costais riaracháin an CBT a thabhú.

(14) Trí chóras agraimeitéareolaíoch a úsáid agus íomhánna satailíte a fháil agus a fheabhsú, ba cheart modhanna a chur ar fáil don Choimisiún chun na margaí talmhaíochta a bhainistiú agus chun faireachán ar chaiteachas talmhaíochta a éascú.

(15) I gcomhthéacs smacht buiséadach a urramú, is gá an t-uasteorainn bhliantúil don chaiteachas arna maoiniú ag an CERT a shainiú trí na huasmhéideanna atá leagtha síos don Chiste sin faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx ón gComhairle an […] lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020[15] [*CAI*] a chur san áireamh.

(16) Le smacht buiséadach ceanglaítear freisin go n-urramófar an uasteorainn bhliantúil arna maoiniú ag an CERT i ngach cúinse agus ag gach céim den nós imeachta buiséid agus d'fheidhmiú an bhuiséid. Ceanglaítear leis seo go bhféachfar ar an uasteorainn d'íocaíochtaí díreacha in aghaidh an Bhallstáit atá leagtha amach i Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx[ÍD] mar uasteorainn do na híocaíochtaí díreacha sin i gcás an Bhallstáit lena mbaineann agus go bhfanfaidh aisíoc na n-íocaíochtaí sin laistigh den uasteorainn sin. Ina theannta sin, le smacht buiséadach ceanglaítear go gcomhlíonann na gníomhartha uile arna mbeartú ag an gCoimisiún nó arna nglacadh ag an reachtóir

[14] IO L […], […], lch. […].
[15] IO L […], […], lch. […].

nó ag an gCoimisiún faoin CBT agus arna maoiniú ag an CERT, go gcomhlíonann siad an uasteorainn do chaiteachas arna maoiniú ag an gCiste sin.

(17) D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfaidh na suimeanna chun an CBT a mhaoiniú na huasteorainneacha bliantúla, ba cheart an mheicníocht airgeadais a choimeád dá dtagraítear i Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle an 19 Eanáir 2009 lena mbunaítear comhrialacha maidir le scéimeanna tacaíochta dírí d'fheirmeoirí faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus lena mbunaítear scéimeanna áirithe tacaíochta d'fheirmeoirí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005, Rialachán (CE) Uimh. 247/2006, Rialachán (CE) Uimh. 378/2007 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003[16] trína gcoigeartaítear leibhéal na tacaíochta dírí. Sa chomhthéacs céanna, is gá an Coimisiún a údarú chun na coigeartuithe sin a shocrú i gcás nach socraíonn an Chomhairle iad roimh an 30 Meitheamh den bhliain féilire a bhfuil feidhm acu ina leith.

(18) Ní dhéanann na bearta a dhéantar chun ranníocaíocht airgeadais an CERT agus an CETFT a chinneadh i leith ríomh na n-uasteorainneacha airgeadais difear do chumhachtaí an údaráis bhuiséadaigh arna ainmniú ag an gConradh. Ba cheart do na bearta sin a bheith bunaithe ar shuimeanna tagartha arna socrú i gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitúideach an […] idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhónta airgeadais[17] agus Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx [*CAI*].

(19) Le smacht buiséadach éilítear chomh maith go ndéantar scrúdú leanúnach ar an staid bhuiséadach mheántéarmach. Ba cheart don Choimisiún, mar sin, agus an dréachtbhuiséad do bhliain áirithe á thíolacadh aige, a réamhaisnéisí agus a anailísí a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle agus, más gá, bearta iomchuí a mholadh don reachtóir. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún lánúsáid a bhaint as a chumhachtaí bainistíochta i gcónaí chun a áirithiú go gcomhlíonfar an uasteorainn bhliantúil agus, más gá, bearta iomchuí a mholadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó don Chomhairle chun an staid bhuiséadach a chur ina cheart. Más rud é, ag deireadh bliana buiséid, nach féidir an uasteorainn bhliantúil a chomhlíonadh de thoradh aisíocaíochtaí a d'iarr na Ballstáit, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann bearta a dhéanamh lena gceadófar dáileadh sealadach an bhuiséid atá ar fáil ar na Ballstáit i gcomhréir lena n-iarrataí ar aisíocaíochtaí nach bhfuil íoctha go fóill, agus lena gceadófar comhlíonadh na huasteorann arna socrú don bhliain lena mbaineann. Ba cheart íocaíochtaí don bhliain sin a mhuirearú ar an mbliain buiséid dár gcionn agus ba cheart suim iomlán maoinithe ón Aontas in aghaidh an Bhallstáit a shuíomh go cinntitheach, agus cúiteamh idir Bhallstáit chun an tsuim atá socraithe a chomhlíonadh.

(20) Agus an buiséad á chur chun feidhme aige, ba cheart don Choimisiún córas míosúil luathrabhaidh agus faireacháin do chaiteachas talmhaíochta a oibriú, sa chaoi go bhfeadfaidh an Coimisiún, má tá baol ann go sárófar an uasteorainn bhliantúil, bearta iomchuí a dhéanamh faoi na cumhachtaí bainistíochta atá aige agus bearta eile a mholadh más rud é gur léir nach bhfuil na bearta sin leordhóthanach. Ba cheart don Choimisiún tuarascáil thréimhsiúil a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an

---

16 IO L 30, 31.1.2009, lch. 16.

17 IO L […], […], lch. […]..

gComhairle ina ndéanfar comparáid idir éabhlóid an chaiteachais arna dhéanamh agus na próifílí go dtí an bpointe sin agus ina dtabharfar measúnú ar an gcur chun feidhme intuartha don chuid atá fágtha den bhliain buiséid.

(21) Agus na doiciméid buiséid á dtarraingt suas, ba cheart don ráta malartaithe arna úsáid ag an gCoimisiún an fháisnéis is deireanaí a léiriú, ach an t-aga moille idir dréachtú agus tíolacadh na ndoiciméad a chur san áireamh.

(22) I Rialachán (AE) Uimh. RR/xxx ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an […] lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh arna gcumhdach ag an gComhchreat Straitéiseach agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiunaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006[18], déantar foráil maidir le rialacha a bhfuil feidhm acu i dtaca le tacaíocht airgeadais ó na Cistí arna gcumhdach ag an Rialachán sin, lena n-áirítear an CETFT. Áirítear sna forálacha sin freisin rialacha áirithe maidir le hincháilitheacht caiteachais, bainistíocht airgeadais, agus córais bhainistíochta agus rialaithe. Maidir le bainistíocht airgeadais an CETFT, ar mhaithe le soiléire dhlíthiúil agus comhleanúnachas idir na Cistí talmhaíochta, ba cheart tagairt a dhéanamh do na forálacha ábhartha maidir le gealltanais bhuiséideacha, spriocdhátaí íocaíochta agus dídhílsiú Rialachán (AE) Uimh. RR/xxx.

(23) Déantar na cláir forbartha tuaithe a mhaoiniú ó bhuiséad an Aontais ar bhonn gealltanas i dtráthchodanna bliantúla Ba cheart gurbh fhéidir leis na Ballstáit cistí an Aontais a bhfuil foráil déanta ina leith a úsáid chomh luath agus a thosaíonn siad na cláir. Tá gá mar sin le córas réamh-mhaoinithe atá srianta go hiomchuí lena n-áiritheofar sreabhadh seasta cistí sa chaoi is go ndéanfar íocaíochtaí leis na tairbhithe faoi na cláir ag an tráth iomchuí.

(24) Cé is moite de réamh-mhaoiniú, ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir íocaíochtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún leis na gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe. Ba cheart íocaíochtaí eatramhacha agus íocaíocht iarmhéideanna, agus rialacha maidir lena n-íocaíocht a shocrú. Ba cheart do riail an tsaortha uathoibríoch cuidiú le cur i bhfeidhm na gclár a bhrostú agus cuidiú le bainistíocht fhónta airgeadais.

(25) Ba cheart cabhair ón Aontas a íoc le tairbhithe in am trátha ionas go bhféadfaidh siad í a úsáid go héifeachtúil. Má mhainníonn na Ballstáit na sprioc-amanna íocaíochta atá leagtha síos i reachtaíocht an Aontais a chomhlíonadh d'fhéadfadh deacrachtaí tromchúiseacha teacht as do na tairbhithe agus d'fhéadfaí buiséadú bliantúil an Aontais a chur i gcontúirt. Dá bhrí sin, ba cheart caiteachas arna dhéanamh gan sprioc-amanna íocaíochta a urramú a eisiamh ó mhaoiniú ón Aontas. Chun prionsabal na comhréireachta a urramú, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí ón riail ghinearálta seo. Ba cheart an prionsabal seo, arna leagan síos i Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005, a choimeád agus a chur i bhfeidhm maidir leis an CERT (Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta) agus maidir leis an CETFT (Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe). Má íocann na Ballstáit go déanach, ba cheart dóibh úis a chur leis an bpríomhshuim ar a chostas féin chun na

[18] IO L […], […], lch. […].

tairbhithe a chúiteamh. Le foráil dá leithéid d'fhéadfaí na Ballstáit a spreagadh chun sprioc-amanna íocaíochta a urramú níos fearr, agus d'fhéadfaí níos mó urrúis a thabhairt do thairbhithe go n-íocfaí iad in am, nó ar a laghad go gcúiteofaí iad i gcás íocaíochta déanaí.

(26) I Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 foráiltear do laghduithe agus fionraí íocaíochtaí míosúla nó eatramhacha don CERT agus don CETFT. D'ainneoin fhoclaíocht scaoilte na bhforálacha sin, tugtar faoi deara go n-úsáidtear na forálacha sin sa chleachtas go bunúsach chun íocaíochtaí a laghdú i leith neamh-urramú sprioc-amanna íocaíochta, uasteorainneacha agus 'ceisteanna cuntasaíochta' dá samhail, ar féidir iad a bhrath go héasca sna dearbhuithe caiteachais. Leis na forálacha sin ceadófar laghduithe agus fionraí i gcás easnamh tromchúiseach agus seasmhach i gcórais rialaithe náisiúnta, ach áireofar iontu coinníollacha substainteacha sriantacha go leor mar chúis leo agus foráilfear do nós imeachta ar leith, ina mbeidh dhá chéim atá le leanúint. Tá an t-údarás buiséadach tar éis a iarraidh ar an gCoimisiún arís agus arís eile íocaíochtaí le Ballstáit neamh-chomhlíontacha a chur ar fionraí. I bhfianaise an chúlra seo, is gá an córas dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 a shoiléiriú agus na rialacha maidir le laghduithe agus fionraí don CERT agus don CETFT araon a chumasc in Airteagal ar leith amháin. Ba cheart an córas laghduithe do 'cheisteanna cuntasaíochta' a choimeád ach foclaíocht níos soiléire a bheith ann i gcomhréir leis an gcleachtas riaracháin atá ann cheana. Ba cheart an fhéidearthacht íocaíochtaí a laghdú nó a fhionraí i gcás easnamh suntasach agus seasmhach i gcóras rialaithe náisiúnta a leathnú trí fhaillí in aisghabháil íocaíochtaí neamhrialta a áireamh, ach an nós imeachta dhá chéim a choimeád i gcás laghduithe nó fionraí dá leithéidí.

(27) Sa reachtaíocht talmhaíochta earnálach ceanglaítear ar na Ballstáit faisnéis faoin líon seiceálacha atá déanta agus faoi thoradh na seiceálacha sin a sheoladh faoi sprioc-amanna sonraithe. Úsáidtear an staidreamh rialaithe sin chun an leibhéal earráide ar leibhéal na mBallstát a chinneadh agus, go ginearálta, chun seiceáil a dhéanamh ar bhainistíocht an CERT agus an CETFT. Is foinse thábhachtach iad chun go ndeimhneoidh an Coimisiún go bhfuil bainistiú ceart á dhéanamh ar na cistí agus is eilimint fhíor-riachtanach iad don dearbhú bliantúil urrúis. I bhfianaise thábhacht na faisnéise staidrimh seo agus chun a áirithiú go n-urramóidh na Ballstáit a n-oibleagáid maidir le hí a sheoladh in am, is gá bac a bheith ann ar sholáthar déanach na sonraí is gá ar dhóigh atá comhréireach le méid an easnaimh sonraí. Dá bhrí sin, ba cheart forálacha a bhunú lenar féidir leis an gCoimisiún cuid de na híocaíochtaí míosúla nó idirmheánacha nár seoladh an fhaisnéis staidrimh ábhartha ina leith in am a fhionraí.

(28) Chun athúsáid cistí an CERT agus an CETFT a cheadú, tá gá le rialacha maidir le suimeanna sonracha a shannadh. Ba cheart an liosta atá i Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 a chomhlánú leis na suimeanna a bhaineann le híocaíochtaí déanacha agus le himréiteach cuntas maidir le caiteachas faoin CERT. Chomh maith leis sin, i Rialachán (CEE) Uimh. 352/78 ón gComhairle an 20 Feabhra 1978 maidir le creidiúnú urrús, taiscí agus ráthaíochtaí arna dtabhairt faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus arna bhforghéilleadh ina dhiaidh sin[19] leagadh síos rialacha maidir le cinn scríbe na suimeanna a thig as urrúis fhorghéillte. Ba cheart na forálacha a chomhchuibhiú agus a chumasc leis na forálacha atá ann cheana maidir le hioncam sannta. Ba cheart mar sin Rialachán (CEE) Uimh. 352/78 a aisghairm.

[19] IO L 50, 22.2.1978, lch. 1.

(29) I Rialachán (CE) Uimh. 814/2000 ón gComhairle an 17 Aibreán 2000 maidir le bearta faisnéise a bhaineann leis an gcomhbheartas talmhaíochta[20] agus ina rialacha cur chun feidhme sainítear na bearta faisnéise a bhaineann leis an CBT ar féidir iad a mhaoiniú faoi phointe (c) d'Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005. I Rialachán (CE) Uimh. 814/2000 tá liosta na mbeart sin agus a gcuspóirí agus socraítear ann na rialacha maidir lena maoiniú agus maidir le cur chun feidhme na dtionscadal comhfhreagrach. Ón uair a glacadh an Rialachán sin, táthar tar éis rialacha a ghlacadh i Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx[RA] maidir le deontais agus soláthar. Ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha sin freisin maidir le bearta faisnéise faoin CBT. Ar mhaithe le simpliú agus le comhleanúnachas, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 814/2000 a aisghairm ach na forálacha sonracha maidir leis na cuspóirí agus cineálacha beart atá le maoiniú a choimeád. Ba cheart a chur san áireamh leis na bearta sin an gá lena áirithiú go ndéanfar cumarsáid níos éifeachtúla leis an bpobal i gcoitinne agus go mbeidh sineirgíochtaí níos láidre idir gníomhaíochtaí cumarsáide arna ngabháil ar láimh ar thionscnamh an Choimisiúin agus lena áirithiú go gcuirfear tosaíochtaí polaitiúla an Aontais in iúl go héifeachtach. Mar sin ba cheart a chumhdach iontu freisin bearta faisnéise is ábhartha don CBT faoi chuimsiú na teachtaireachta corparáide dá dtagraítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún: Buiséad don Eoraip sa bhliain 2020 – Cuid II: Doiciméid bheartais[21]

(30) Bainfidh bainistíocht chomhpháirteach i bpáirt le maoiniú beart agus oibríochtaí faoin CBT. Chun a áirithiú go ndéanfar cistí an Aontais a bhainistiú go fónta, ba cheart don Choimisiún seiceálacha a dhéanamh ar bhainistíocht na gCistí ag na húdaráis Bhallstáit atá freagrach as na híocaíochtaí a dhéanamh. Is iomchuí cineál na seiceálacha atá le déanamh ag an gCoimisiún a shainiú, téarmaí a fhreagrachtaí maidir leis an mbuiséad a chur chun feidhme a shonrú agus oibleagáidí comhair na mBallstát a shoiléiriú.

(31) Chun go bhféadfaidh an Coimisiún a oibleagáid a chomhlíonadh maidir le seiceáil go bhfuil córais bhainistíochta agus chigireachta do chaiteachas Aontais sna Ballstáit ann agus ag feidhmiú go cuí, ba cheart foráil a dhéanamh, gan aird ar an gcigireacht arna déanamh ag na Ballstáit féin, maidir le seiceálacha ag daoine arna dtarmligean ag an gCoimisiún ar ceart dóibh bheith in ann cúnamh a iarraidh ó na Ballstáit ina gcuid oibre.

(32) Ní foláir teicneolaíocht faisnéise a úsáid chomh minic agus is féidir chun an fhaisnéis atá le cur chuig an gCoimisiún a sholáthar. Agus seiceálacha á ndéanamh aige, ba cheart rochtain iomlán agus láithreach a bheith ag an gCoimisiún ar fhaisnéis faoi chaiteachas arna taifeadadh i bhfoirm páipéir agus i gcomhaid leictreonacha araon.

(33) Chun an caidreamh airgeadais idir na gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe agus buiséad an Aontais a bhunú, ba cheart don Choimisiún cuntais na ngníomhaireachtaí íocaíochta seo a imréiteach gach bliain. Ba cheart don chinneadh maidir le himréiteach na gcuntas iomláine, cruinneas agus fírinneacht na gcuntas a chumhdach ach gan comhréireacht an chaiteachais le reachtaíocht an Aontais a chumhdach.

---

[20] IO L 100, 20.4.2000, lch. 7.

[21] COIM(2011) 500 críochnaitheach, lch.7.

(34) Ba cheart don Choimisiún, atá freagrach as cur i bhfeidhm cuí dhlí an Aontais faoi Airteagal 17 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, cinneadh a dhéanamh an gcomhlíonann an caiteachas arna thabhú ag na Ballstáit reachtaíocht an Aontais. Ba cheart é a bheith de cheart ag na Ballstáit bonn údair a thabhairt lena gcinntí íocaíochtaí a dhéanamh agus a bheith de cheart acu dul ar iontaoibh idir-réitigh i gcás nach bhfuil aon chomhthoil idir iad féin agus an Coimisiún. Chun urrúis dlí agus airgeadais a thabhairt do na Ballstáit maidir le caiteachas arna dhéanamh san am atá thart, ba cheart don Choimisiún uastréimhse a shocrú lena gcinnfear na hiarmhairtí airgeadais ba cheart a theacht as neamh-chomhlíonadh. Maidir leis an CETFT, ba cheart don nós imeachta imréitigh comhréireachta maidir le ceartúcháin airgeadais arna ndéanamh ag an gCoimisiún mar atá leagtha síos i gCuid 2 de Rialachán (AE) Uimh. RR/xxx.

(35) Maidir leis an CERT, ba cheart suimeanna arna n-aisghabháil a aisíoc leis an gCiste i gcás nach bhfuil an caiteachas i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus nach bhfuil aon teidlíocht ann. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le córas freagrachta airgeadais i leith neamhrialtachtaí in éagmais aisghabhála iomláine. I ndáil leis seo ba cheart nós imeachta a bhunú lena bhféadfaidh an Coimisiún leasanna bhuiséad an Aontais a chosaint trína chinneadh suimeanna a cailleadh de thoradh neamhrialtachtaí agus nár aisghabhadh faoi sprioc-amanna réasúnacha a ghearradh ar na Ballstáit lena mbaineann. Ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha maidir leis na suimeanna uile nár aisghabháladh fós faoi thráth theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. I gcásanna áirithe faillí ar thaobh an Bhallstáit, tá údar maith leis an tsuim iomlán a ghearradh ar an mBallstát lena mbaineann. Ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha céanna maidir leis an CETFT, ag coimeád mar sin féin na sainiúlachta go bhfanfaidh suimeanna arna n-aisghabháil nó arna gcur ar ceal i ndiaidh neamhrialtachtaí ar fáil do na cláir forbartha tuaithe formheasta den Bhallstát lena mbaineann mar gur leithdháileadh na suimeanna sin ar an mBallstát sin. Ba cheart forálacha maidir le hoibleagáidí tuairiscithe do na Ballstáit a leagan amach freisin

(36) D'fhéadfadh sé gurb é an éifeacht a thiocfadh as nósanna imeachta aisghabhála arna n-úsáid ag na Ballstáit go gcuirfí moill roinnt blianta ar an aisghabháil, gan aon ráthaíocht gur toradh dearfach a bheidh orthu. D'fhéadfadh sé nach mbeadh costas cur chun feidhme na nósanna imeachta sin i gcomhréir leis na suimeanna a bhailítear nó is féidir a bhailiú. Dá thoradh sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann stop a chur leis na nósanna imeachta aisghabhála i gcásanna áirithe.

(37) Chun leasanna airgeadais bhuiséad an Aontais a chosaint, ba cheart do na Ballstáit bearta a ghlacadh chun a dheimhniú dóibh féin go bhfuil idirbhearta arna maoiniú ag an CERT agus ag an CETFT á ndéanamh agus á gcur i gcrích i gceart. Ba cheart do na Ballstáit aon neamhrialtachtaí nó neamh-chomhlíonadh oibleagáidí arna ndéanamh ag tairbhithe a chosc, a bhrath agus déileáil leo go héifeachtach. Chun na críche seo, ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le cosaint leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach[22].

(38) I rialacháin éagsúla talmhaíochta earnálach tá forálacha a bhaineann le prionsabail ghinearálta maidir le seiceálacha, aistarraingtí, laghduithe nó eisiaimh ó íocaíochtaí agus a bhaineann le gearradh pionós. Ba cheart na rialacha sin a thiomsú sa chreat dlí

[22] IO L 312, 23.12.1995, lch. 1.

céanna ar leibhéal cothrománach. Ba cheart oibleagáidí na mBallstát maidir le seiceálacha riaracháin agus seiceálacha ar an láthair agus na rialacha maidir le haisghabháil, laghdú agus eisiaimh cabhrach a chumhdach iontu. Ba cheart rialacha maidir le seiceálacha ar oibleagáidí nach mbaineann de riachtanas le híocaíocht cabhrach a leagan síos freisin.

(39) I roinnt forálacha na reachtaíochta talmhaíochta earnálach ceanglaítear go dtaisctear urrús chun a áirithiú go n-íoctar suim mura gcomhlíontar oibleagáid. Ba cheart feidhm a bheith ag riail chothrománach aonair maidir leis na forálacha sin go léir chun go neartófar an creat le haghaidh urrús.

(40) Ba cheart do na Ballstáit córas comhtháite riaracháin agus rialaithe a oibriú i gcás íocaíochtaí áirithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx [ÍD] agus i Rialachán (AE) Uimh. FT/xxx ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an Xxx maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Forbairt Tuaithe (CETFT)[23] Chun éifeachtacht thacaíocht an Aontais agus faireachán uirthi a fheabhsú, ba cheart na Ballstáit a údarú chun úsáid a bhaint as an gcóras comhtháite sin freisin i gcás scéimeanna tacaíochta eile de chuid an Aontais.

(41) Ba cheart príomheilimintí an chórais chomhtháite sin agus, go háirithe, na forálacha maidir le bunachar sonraí ríomhairithe, córas chun dáileachtaí talmhaíochta a aithint, iarratais ar chabhair nó éilimh íocaíochta agus córas chun teidlíochtaí íocaíochtaí a aithint agus a thaifeadadh a choimeád.

(42) Na híocaíochtaí dá bhforáiltear i scéimeanna tacaíochta de chuid an Aontais arna gcumhdach le córas comhtháite, ba cheart do na húdaráis inniúla náisiúnta iad a íoc leis na tairbhithe go hiomlán, faoi réir aon laghduithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo, agus laistigh de thréimhsí arna leagan síos. Chun go mbeadh bainistiú íocaíochtaí díreacha níos solúbtha, ba cheart a cheadú do Bhallstáit íocaíochtaí arna gcumhdach ag an gcóras comhtháite a íoc i suas le dhá thráthchuid in aghaidh na bliana.

(43) Is féidir faireachán an-éifeachtach a dhéanamh ar idirbhearta atá ina gcuid de chóras maoinithe an CERT ach grinnscrúdú a dhéanamh ar dhoiciméid tráchtála gnóthas atá ag glacadh nó ag déanamh íocaíochtaí. Tá na forálacha maidir le hiniúchadh na ndoiciméad tráchtála leagtha síos i Rialachán (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle an 26 Bealtaine 2008 maidir le Ballstáit d'iniúchadh idirbheart ar cuid iad den chóras maoinithe ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta[24]. Tríd an iniúchadh sin forlíontar na seiceálacha eile déanta ag na Ballstáit cheana. Ina theannta sin, ní dhéanann sé difear d'fhorálacha náisiúnta maidir le hiniúchadh atá níos fairsinge ná na cinn dá bhforáiltear sa Rialachán sin.

(44) Faoi Rialachán (CE) Uimh. 485/2008, ní mor do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun cosaint éifeachtach leasanna airgeadais bhuiséad an Aontais a áirithiú, agus go háirithe chun barántúlacht agus comhlíonadh oibríochtaí arna maoiniú ag an CERT a sheiceáil. Ar mhaithe le soiléire agus réasúntacht, ba cheart na forálacha ábhartha a chomhtháthú sa ghníomh céanna. Ba cheart mar sin Rialachán (CE) Uimh. 485/2008 a aisghairm.

---

[23] IO L […], […], lch. […].

[24] IO L 143, 3.6.2008, lch. 1.

(45) Ba cheart na doiciméid a úsáidtear mar bhonn grinnscrúdaithe dá leithéid a chinneadh i gcaoi is gur féidir grinnscrúdú iomlán a chur i gcrích. Ba cheart na gnóthais atá le grinnscrúdú a roghnú ar bhonn cineál na n-idirbheart arna ndéanamh faoina bhfreagracht agus ar bhonn miondealaithe ar na gnóthais a fhaigheann agus a dhéanann íocaíochtaí in aghaidh na hearnála de réir a dtábhachta i gcóras maoinithe an CERT.

(46) Ba cheart cumhachtaí na n-oifigeach atá freagrach as grinnscrúdú agus na hoibleagáidí atá ar ghnóthais doiciméid tráchtála a chur ar fáil do na hoifigigh sin ar feadh tréimhse sonraithe agus aon fhaisnéis a iarrann siad a sholáthar a shainiú. Ba cheart forálacha a dhéanamh lena gceadaítear doiciméid tráchtála a urghabháil i gcásanna áirithe.

(47) Ag féachaint do struchtúr idirnáisiúnta na trádála talmhaíochta agus ar mhaithe le dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, is gá comhar a eagrú idir na Ballstáit. Is gá freisin córas láraithe doiciméadachta a bhunú ar leibhéal an Aontais maidir le gnóthais a fhaigheann agus a dhéanann íocaíochtaí atá bunaithe i dtríú tíortha.

(48) Cé gurb iad na Ballstáit atá freagrach as a gcláir ghrinnscrúdaithe a ghlacadh, ní mór na cláir sin a chur in iúl don Choimisiún ionas gur féidir leis a ról maoirseachta agus comhordúcháin a ghlacadh chuige féin, chun a áirithiú go nglacfar na cláir ar bhonn critéar iomchuí agus chun a ráthú go mbeidh an grinnscrúdú dírithe ar earnálacha nó ar ghnóthais ina mbeidh baol mór calaoise.

(49) Tá sé fíor-riachtanach go mbeidh roinn ar leith ag gach Ballstát freagrach as grinnscsrúdú doiciméad tráchtála dá bhforáiltear sa Rialachán seo nó as an grinnscrúdú sin a chomhordú. Ba cheart na ranna ar leith sin a eagrú gan spleáchas do na ranna a dhéanann grinnscrúdú roimh íocaíocht a fháil. Ba cheart faisnéis a bhailítear le linn an ghrinnscrúdaithe sin a chosaint le rúndacht ghairmiúil.

(50) Maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2003 lena mbunaítear comhrialacha maidir le scéimeanna íocaíochta dírí d'fheirmeoirí faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus lena mbunaítear scéimeanna áirithe tacaíochta d'fheirmeoirí agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2019/93, Rialachán (CE) Uimh. 1452/2001, Rialachán (CE) Uimh. 1453/2001, Rialachán (CE) Uimh. 1454/2001, Rialachán (CE) Uimh. 1868/94, Rialachán (CE) Uimh. 1251/1999, Rialachán (CE) Uimh. 1254/1999, Rialachán (CE) Uimh. 1673/2000, Rialachán (CEE) Uimh. 2358/71 agus Rialachán (CE) Uimh. 2529/2001[25], a ionadaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 73/2009, bunaíodh an prionsabal leis an Rialachán sin gur cheart íocaíocht iomlán tacaíochtaí áirithe do thairbhithe faoin CBT a nascadh le comhlíonadh rialacha maidir le bainistíocht talún, táirgeacht talmhaíochta agus gníomhaíocht talmhaíochta. Léiríodh an prionsabal sin ina dhiaidh sin i Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2005 maidir le tacaíocht d'fhorbairt na tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) [26] agus i Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2007 lena mbunaítear comheagraíocht mhargaí talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha le haghaidh táirgí áirithe talmhaíochta (Rialachán maidir le CEM

[25] IO L 270, 21.10.2003, lch. 1.
[26] IO L 277, 21.10.2005, lch. 1.

Aonair) [27]. Faoin gcóras 'tras-chomhlíonta' mar a thugtar air ní mór do na Ballstáit pionóis a fhorchur trí thacaíocht a fuarthas faoin CBT go hiomlán nó i bpáirt a laghdú nó a eisiamh.

(51) Leis an gcóras tras-chomhlíonta déantar bunchaighdeáin don chomhshaol, d'athrú aeráide, do dhea-bhail talmhaíochta agus comhshaoil talún, do shláinte phoiblí, do shláinte ainmhithe, do shláinte plandaí agus leas ainmhithe a chorprú sa CBT. Leis an nasc seo dírítear ar rannchuidiú le talmhaíocht inbhuanaithe a fhorbairt trí na tairbhithe a chur ar an eolas faoin ngá urramú do na bunchaighdeáin sin. Dírítear leis freisin ar rannchuidiú leis an CBT a chomhoiriúnú níos mó d'ionchas an tsochaí tríd an mbeartas sin a dhéanamh níos comhsheasmhaí leis na beartais maidir leis an gcomhshaol, sláinte phoiblí, sláinte ainmhithe, sláinte plandaí agus leas ainmhithe.

(52) Is dlúthchuid den CBT é an córas tras-chomhlíonta agus ba cheart é a choimeád dá bharr. Mar sin féin, ba cheart a raon feidhme, a áirítear go dtí seo i liostaí ar leith de cheanglais reachtúla bhainistíochta agus de chaighdeáin maidir le dea-bhail talmhaíochta agus comhshaoil talún, a chuíchóiriú ionas go n-áiritheofar a chomhsheasmhacht agus go ndéanfar é níos sofheicthe. Chun na críche sin ba cheart na ceanglais agus na caighdeáin a eagrú i liosta aonair agus a ghrúpáil de réir limistéar agus saincheisteanna. I bhfianaise na taithí a fuarthas is léir nach bhfuil go leor bainte ag roinnt ceanglas faoi raon feidhme an tras-chomhlíonta le gníomhaíocht talmhaíochta ná le limistéar an ghabháltais nó baineann siad le húdaráis náisiúnta seachas le tairbhithe. Is iomchuí dá bhrí sin an raon feidhme seo a choigeartú i ndáil leis seo. Ina theannta sin ba cheart foráil a dhéanamh maidir le cothabháil féarthailte buana in 2014 agus in 2015.

(53) Ní foláir do Bhallstáit na ceanglais reachtúla bhainistíochta a chur chun feidhme go hiomlán chun a bheith oibríochtúil ar leibhéal feirme agus a gcothrom de chóir a áirithiú idir feirmeoirí mar is gá.

**(54)** Maidir le Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce[28] ní bheidh na forálacha oibríochtúil ach amháin faoi thras-chomhlíonadh nuair a bheidh na Ballstáit tar éis iad a chur chun feidhme go hiomlán go háirithe le hoibleagáidí soiléire iontu d'fheirmeoirí. De réir na Treorach cuirfear na ceanglais ar leibhéal feirme i bhfeidhm faoin 1 Eanáir 2013 ar a dhéanaí.

(55) Maidir le Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach,[29] ní bheidh na forálacha oibríochtúil ach amháin faoi thras-chomhlíonadh nuair a bheidh na Ballstáit tar éis iad a chur chun feidhme go hiomlán go háirithe le hoibleagáidí soiléire iontu d'fheirmeoirí**.** De réir na Treorach cuirfear na ceanglais ar leibhéal feirme i bhfeidhm go forchéimnitheach de réir sceidil ama agus go háirithe déanfar na prionsabail ghinearálta maidir le srianadh comhtháite lotnaidí a chur i bhfeidhm faoin 1 Eanáir 2014 ar a dhéanaí.

---

27 IO L 299, 16.11.2007, lch. 1.
28 IO L 327, 22.12.2000, lch. 1.
29 IO L 309, 24.11.2009, lch. 71.

(56) De réir Airteagal 22 de Threoir 2000/60/CE, déanfar Treoir 80/68/CEE ón gComhairle an 17 Nollaig 1979 maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú de bharr substaintí contúirteacha áirithe [30] a aisghairm an 23 Nollaig 2013. Chun na rialacha faoi thras-chomhlíonadh a bhaineann le cosaint screamhuisce a choimeád, is iomchuí, a fhad is atáthar ag feitheamh ar Threoir 2000/60/CE a áireamh faoi raon feidhme an tras-chomhlíonta, raon feidhme an tras-chomhlíonta a choigeartú agus caighdeán dea-bhaile talmhaíochta agus comhshaoil a chuimsíonn ceanglais Airteagal 4 agus Airteagal 5 de Threoir 80/68/CEE a shainiú.

(57) Tá sé intuighte sa chóras tras-chomhlíonta go mbeidh srianta áirithe riaracháin ar na tairbhithe agus ar lucht riaracháin náisiúnta araon ós rud é nach mór a áirithiú go gcoinneofar taifid, go ndéanfar seiceálacha agus go gcuirfear pionóis i bhfeidhm nuair is gá. Ba cheart do na pionóis sin a bheith comhréireach, éifeachtach agus athchomhairleach. Ba cheart na pionóis sin a bheith gan dochar do phionóis eile atá leagtha síos faoi fhorálacha eile dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta. Ar mhaithe le comhsheasmhacht, is iomchuí forálacha ábhartha de chuid an Aontais a chumasc in aon ionstraim dlí amháin. I gcás feirmeoirí atá rannpháirteach sa scéim um fheirmeoirí beaga dá dtagraítear i dTeideal V de Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx[ÍD], b'fhéidir go measfar go sáraíonn na hiarrachtaí atá le déanamh faoin gcóras tras-chomhlíonta an tairbhe a bhaineann leis na feirmeoirí sin a choinneáil faoin gcóras sin. Ar mhaithe le simpliú, ba cheart na feirmeoirí sin a dhíolmhú ón tras-chomhlíonadh agus go háirithe óna chóras rialaithe agus ón riosca maidir le pionóis tras-chomhlíonta. Mar sin féin, ba cheart an díolúine sin a bheith gan dochar don oibleagáid forálacha infheidhme na reachtaíochta earnálaí a urramú agus don fhéidearthacht go ndéanfaí seiceáil agus go ngearrfaí píonóis faoin reachtaíocht sin.

(58) I Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 bunaítear creat caighdeán maidir le dea-bhail talmhaíochta agus comhshaoil na talún nach mór do na Ballstáit caighdeáin náisiúnta a ghlacadh dá réir ag cur san áireamh saintréithe sonracha na limistéar lena mbaineann, lena n-áirítear coinníollacha ithreach agus aeráide agus córais feirmeoireachta atá ann cheana (úsáid talún, rothlú barraí, cleachtais feirmeoireachta) agus struchtúir feirmeacha. Leis na caighdeáin sin maidir le dea-bhail talmhaíochta agus comhshaoil na talún dírítear ar rannchuidiú le hidiú ithreach a chosc, ábhar orgánach ithreach agus struchtúr ithreach a chothabháil, íosleibhéal cothabhála a áirithiu, meathlú gnáthóg a sheachaint agus uisce a chosaint agus a bhainistiú. Ba cheart go n-áireodh raon feidhme níos leithne an chórais thras-chomhlíonta mar atá leagtha síos sa Rialachán seo creat ar cheart do Bhallstáit caighdeáin náisiúnta maidir le dea-bhail talmhaíochta agus comhshaoil a ghlacadh dá réir. Ba cheart go n-áireodh creat an Aontais rialacha chun díriú níos fearr ar shaincheisteanna uisce, ithreach, stoic carbóin, bitheagsúlachta agus tírdhreacha chomh maith le híosleibhéal cothabhála na talún.

(59) Ba cheart go dtuigfeadh tairbhithe go soiléir cad atá le comhlíonadh acu i dtaca le rialacha maidir le tras-chomhlíonadh. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit na ceanglais agus na caighdeáin go léir atá mar chuid de na rialacha sin a chur in iúl ar bhealach uileghabhálach, intuigthe agus mínitheach, lena n-áirítear, nuair is féidir, ar mhodh leictreonach.

[30] IO L 20, 26.1.1980, lch. 43.

(60) Chun tras-chomhlíonadh a chur chun feidhme go héifeachtach ní foláir fíorú ar leibhéal na dtairbhithe go bhfuil oibleagáidí á gcomhlíonadh. I gcás ina gcinneann Ballstát go n-úsáidfidh sé an rogha gan laghdú ná eisiamh a chur i bhfeidhm i gcás ina bhfuil an suim lena mbaineann níos lú ná EUR 100, ba cheart don údarás rialaithe inniúil a fhíorú, i gcás sampla tairbhithe le linn na bliana ina dhiaidh sin, go nglacann an feirmeoir na bearta is gá chun an neamh-chomhlíonadh lena mbaineann a leigheas.

(61) Chun comhar comhchuí idir an Coimisiún agus na Ballstáit maidir le maoiniú chaiteachas an CBT a áirithiú agus, go háirithe, chun go bhféadfaidh an Coimisiún faireachán a dhéanamh ar bhainistíocht airgeadais sna Ballstáit agus cuntais na ngníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe a imréiteach, ní foláir do na Ballstáit faisnéis áirithe a chur in iúl don Choimisiún nó a choimeád ar fáil dó.

(62) Chun sonraí a thiomsú atá le cur chuig an gCoimisiún, agus chun go bhféadfadh an Coimisiún rochtain láithreach a fháil ar shonraí caiteachais i bhfoirm páipéir agus leictreonach, ní foláir rialacha iomchuí maidir le tíolacadh agus tarchur sonraí, lena n-áirítear teorainneacha ama, a leagan síos.

(63) Ós rud é go bhféadfadh sonraí pearsanta nó rúin ghnó a bheith ag baint leis na córais rialaithe náisiúnta agus an imréiteach comhréireachta a chur i bhfeidhm, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimsiún rúndacht na faisnéise a gheofaí sa chomhthéacs sin a ráthú.

(64) Ar mhaithe le bainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais agus ar mhaithe le hionramháil neamhchlaonta ag leibhéal na mBallstát agus na dtairbhithe, ba cheart rialacha maidir le húsáid an euro a leagan síos.

(65) Féadfaidh ráta malartaithe an euro isteach san airgeadra náisiúnta athrú le linn na tréimhse ina gcuirtear an oibríocht i gcrích. Ba cheart, dá bhrí sin, an ráta is infheidhme maidir leis na suimeanna lena mbaineann a chinneadh agus an imeacht trína mbaintear amach cuspóir eacnamaíoch na hoibríochta a chur san áireamh. Ba cheart gurbh é an ráta malartaithe a chuirtear i bhfeidhm ráta an dáta ar a dtarlaíonn an imeacht seo. Ní foláir an imeacht oibríochtúil seo a shonrú nó cur i bhfeidhm na himeachta a tharscaoileadh, ag urramú critéar áirithe agus go háirithe an luas lena gcuirtear gluaiseachtaí airgeadra ar aghaidh.Tá na rialachá sin leagtha síos i Rialachán (CE) Uimh. 2799/98 ón gComhairle an 15 Nollaig 1998 lena mbunaítear socruithe agra-airgeadais le haghaidh an euro[31] agus comhlántar leo forálacha dá samhail i Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005. Ar mhaithe le soiléire agus réasúntacht, ba cheart na forálacha ábhartha a chomhtháthú sa ghníomh céanna. Ba cheart mar sin Rialachán (CE) Uimh. 2799/2008 a aisghairm.

(66) Ba cheart rialacha ar leith a leagan síos chun déileáil le cásanna eisceachtúla airgeadaíochta a tharlaíonn laistigh den Aontas nó ar an margadh domhanda agus a éilíonn beart láithreach chun a áirithiú go n-oibríonn na socruithe arna mbunú faoin CBT go héifeachtach.

(67) Ba cheart go mbeadh an rogha ag Ballstáit nár ghlac leis an euro íocaíochtaí a dhéanamh i leith caiteachais a thig as reachtaíocht an CBT in euro seachas san

[31] IO L 349, 24.12.1998, lch. 1.

airgeadra náisiúnta. Tá gá le rialacha sonracha chun a áirithiú nach dtiocfaidh aon bhuntáiste éagórach as an rogha seo do pháirtithe ag déanamh nó ag fáil íocaíochta.

(68) Ba cheart gach beart faoin CBT a bheith faoi réir faireacháin agus meastóireachta chun a cháilíocht a fheabhsú agus chun an méid atá bainte amach tríd a thaispeáint. Sa chomhthéacs seo ba cheart don Choimisiún liosta táscairí a chinneadh agus tionchar bheartas an CBT a mheas i ndáil le cuspóirí beartais. Ba cheart don Choimisiún creat a bhunú chun comhmheastóireacht agus comhfhaireachán a dhéanamh lena n-áiritheofaí, i measc rudaí eile, go mbeadh sonraí ábhartha, lena n-áirítear faisnéis faoi na Ballstáit, ar fáil go tráthúil. Agus an méid sin á dhéanamh aige ba cheart dó a chur san áireamh na riachtanais sonraí agus na sineirgíochtaí idir foinsí ionchasacha sonraí. Ina theannta sin, sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coiste Eacnamhaíoch agus Sóisialta agus Coiste na Réigiún: Buiséad don Eoraip sa bhliain 2020 – Cuid II, dearbhaíodh gur cheart an caiteachas i leith aeráide i mbuiséad foriomlán an Aontais a mhéadú go 20 % ar a laghad ina mbeadh ranníocaíocht ó bheartais éagsúla. Ba cheart gurbh fhéidir leis an gCoimisiún, mar sin, tionchar thacaíocht an Aontais faoi chuimsiú chuspóirí an CBT maidir le hathrú aeráide a mheas.

(69) Tá feidhm ag reachtaíocht an Aontais maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, go háirithe Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin[32] agus Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta arna ndéanamh ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin[33].

(70) Ina bhreithiúnas i gCásanna Uamtha C-92/09 and 93/09[34] dhearbhaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go raibh na forálacha ábhartha i Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 maidir le hoibleagáid na mBallstát faisnéis a fhoilsiú faoi dhaoine nádúrtha a thairbhíonn ó chistí talmhaíochta Eorpacha neamhbhailí. Ós rud é gurbh é leas daoine nádúrtha go gcosnaítear a sonraí pearsanta, agus d'fhonn na cuspóirí difriúla taobh thiar den oibleagáid faisnéis faoi thairbhithe cistí a fhoilsiú a thabhairt chun réitigh, oibleagáid dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 259/2008 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 ón gComhairle maidir le faisnéis faoi thairbhithe cistí a thagann ón gCiste Eorpach Ráthaíochta Talmhaíochta (CERT) agus ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT)[35], leasaíodh an Rialachán sin chun a leagan síos go sainráite nach bhfuil feidhm ag an oibleagáid seo maidir le daoine nádúrtha. Roimh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle rialacha nua a ghlacadh agus agóidí arna ndéanamh ag an gCúirt á gcur san áireamh ba cheart anailís dhomhain agus measúnú a dhéanamh chun teacht ar an mbealach is iomchuí chun an ceart maidir le sonraí pearsanta na dtairbhithe a chosaint agus an gá le trédhearcacht a thabhairt chun réitigh. Go dtí go ndéanfar an anailís agus an measúnú sin, ba cheart na

---

32 IO L 281, 23.11.1995, lch. 31.

33 IO L 8, 12.01.2001, lch. 1.

34 Breithiúnas i gcásanna uamtha C-92/09 agus C-93/09, *Volker agys Markus Schecke GbR* agus *Hartmut Eifert/Land Hessen*, [2010] ECR I-0000

35 IO L 76, 19.3.2008, lch. 28.

forálacha reatha maidir le foilsiú faisnéise faoi thairbhithe na gcistí talmhaíochta Eorpacha a choimeád.

(71) Chun dálaí aonfhoirmeacha a áirithiú chun an Rialachán seo a chur chun feidhme ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú chumhachtaí chur chun feidhme an Choimisiúin[36].

(72) Ba cheart an nós imeachta comhairleach a úsáid chun gníomhartha cur chun feidhme áirithe a ghlacadh. Maidir leis na gníomhartha cur chun feidhme lena mbaineann ríomhaireachtaí suimeanna arna ndéanamh ag an gCoimisiún, cuireann an nós imeachta comhairleach ar chumas an Choimisiúin freagracht a ghlacadh go hiomlán as bainistiú an bhuiséid agus díríonn sé ar éifeachtúlacht mhéadaithe, intuarthacht agus luas, ag cur san áireamh na dteorainneacha ama agus na nosanna imeachta buiséadacha. Maidir le gníomhartha cur chun feidhme laistigh de chreat na n-íocaíochtaí a dhéantar leis na Ballstáit agus maidir le hoibriú an nós imeachta um imréiteach cuntas, cuireann an nós imeachta comhairleach ar chumas an Choimisiúin freagracht a ghlacadh go hiomlán as bainistiú an bhuiséid agus as cuntais bhliantúla na ngníomhaireachtaí íocaíochta náisiunta a fhíorú d'fhonn glacadh leis na cuntais sin nó, i gcás caiteachais nár tabhaíodh i gcomhréir le rialacha an Aontais, an caiteachas sin a eisiamh ó mhaoiniú an Aontais. I gcásanna eile, ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh.

(73) Ba cheart tuilleadh cumhachta a thabhairt don Choimisiún cúraimí áirithe riaracháin nó bainistíochta a chur i gcrích, go háirithe maidir leis an glan-iarmhéid atá ar fáil do chaiteachas an CERT a shocrú. Níor cheart go mbeidh feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 maidie leis na cumhachtuithe sin.

(74) Tágann deacrachtaí praiticiúla sonracha as an trasdul ó fhorálacha na Rialachán arna n-aisghairm ag an Rialachán seo go dtí na forálacha sa Rialachán seo. Chun déileáil leis na deacrachtaí sin a d'fhéadfadh a bheith ann, ba cheart a fhoráil go nglacfadh an Coimisiún na bearta is gá agus a bhfuil údar cuí leo.

(75) Ós rud é go mbeidh an tréimhse cláraithe le haghaidh clár forbartha tuaithe a mhaoinítear ar bhonn an Rialacháin seo ar siúl ón 1 Eanáir 2014, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo amhail ón dáta sin. Mar sin féin, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha áirithe a bhaineann le bainistíocht airgeadais na gcistí amhail ó dháta níos luaithe a chomhfhreagraíonn do thús na bliana airgeadais,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

[36] IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

# CLÁR NA nÁBHAR

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN ..... 2

1. COMHTHÉACS AN TOGRA ..... 2

2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNÚ TIONCHAIR ..... 5

3. EILIMINTÍ DLÍTHIÚLA AN TOGRA ..... 7

4. IMPLEACHT BHUISÉADACH ..... 8

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le maoiniú, bainistiú agus faireachán a dhéanamh ar an gcomhbheartas talmhaíochta ..... 10

TEIDEAL I RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE ..... 30

TEIDEAL II FORÁLACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE CISTÍ TALMHAÍOCHTA ..... 31

Caibidil I Cistí Talmhaíochta ..... 31

Caibidil II Gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile ..... 33

TEIDEAL III CÓRAS COMHAIRLEACH FEIRME ..... 37

TEIDEAL IV BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS NA gCISTÍ ..... 39

Caibidil I An CERT ..... 39

Roinn I Caiteachas a Mhaoiniú ..... 39

Roinn 2 Smacht buiséadach ..... 41

Caibidil II An CETFT ..... 44

Roinn 1 Forálacha ginearálta don CETFT ..... 44

Roinn 2 maoiniú clár forbartha tuaithe ..... 45

Roinn 3 Ranníocaíocht airgeadais le cláir forbartha tuaithe ..... 45

Roinn 4 An Duais do chomhar nuálaíoch áitiúil a Mhaoiniú ..... 49

Caibidil III Forálacha Coiteanna ..... 50

Caibidil IV Cuntais a imréiteach ..... 55

Roinn I Forálacha ginearálta ..... 55

Roinn II Imréiteach ..... 57

Roinn III Neamhrialtachtaí..... 59

TEIDEAL V CÓRAIS RIALAITHE AGUS PIONÓIS ..... 62

Caibidil I Rialacha ginearálta..... 62

Caibidil II Córas comhtháite riaracháin agus rialaithe..... 68

Caibidil III Grinnscrúdú ar idirbhearta..... 74

Caibidil IV Forálacha eile maidir le seiceálacha..... 79

TEIDEAL VI TRAS-CHOMHLÍONADH ..... 81

Caibidil I  Raon Feidhme ..... 81

Caibidil II  An córas rialaithe agus pionóis a bhaineann le tras-chomhlíonadh..... 84

TEIDEAL VII FORÁLACHA COITEANNA..... 87

Caibidil I Cumarsáid ..... 87

CAIBIDIL II  Úsáid an euro ..... 89

Caibidil III Tuarascáil agus meastóireacht..... 92

TEIDEAL VIII  FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA ..... 94

IARSCRÍBHINN I ..... 96

IARSCRÍBHINN II..... 99

IARSCRÍBHINN III ..... 102

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH ..... 107

# TEIDEAL I
# RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

*Airteagal 1*
**Raon feidhme**

Leagann an Rialachán seo na rialacha síos maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) maoiniú caiteachais faoin gcomhbheartas talmhaíochta, lena n-áirítear caiteachas ar fhorbairt tuaithe;

(b) an córas comhairleach feirme;

(c) na córais bhainistíochta agus rialaithe atá le cur ar bun ag na Ballstáit;

(d) an córas tras-chomhlíonta;

(e) imréiteach cuntas.

*Airteagal 2*
**Téarmaí a úsáidtear sa Rialachán seo**

1. Beidh feidhm ag na sainmhínithe ar “feirmeoir”, “gníomhaíocht talmhaíochta”, “limistéar talmhaíochta”, agus "gabháltas" atá leagtha síos in Airteagal 4 de Rialachán (AE) xxx/xxx[ÍD] chun críocha an Rialacháin seo, ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt sa Rialachán seo.

   Beidh feidhm ag an téarma "íocaíochtaí díreacha" dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán (AE) xxx/xxx[ÍD] chun críocha an Rialacháin seo.

2. *Force majeure* agus imthosca eisceachtúla mar a úsáidtear iad sa Rialachán seo i ndáil le Rialachán (AE) xxx/xxx[ÍD], Rialachán (AE) xxx/xxx[CEM aonair] agus Rialachán (AE) xxx/xxx[FT], féadfar iad a aithint go háirithe i gcásanna mar seo a leanas:

   (a) bás an tairbhí;

   (b) éagumas fadtéarmach gairmiúil an tairbhí;

   (c) tubaiste thromchúiseach nádúrtha a dhéanann dochar mór don ghabháltas;

   (d) scrios foirgneamh beostoic ar an ngabháltas trí thimpiste;

   (e) galar eipeasótach a dhéanann difear do chuid de stoc an tairbhí nó don stoc ar fad;

   (f) díshealbhú chuid mhór den ghabháltas más rud é nárbh fhéidir a bheith ag súil leis sin ar an lá ar taisceadh an t-iarratas.

# TEIDEAL II
# FORÁLACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE CISTÍ TALMHAÍOCHTA

## Caibidil I
## Cistí Talmhaíochta

*Airteagal 3*
**Cistí lena maoinítear caiteachas talmhaíochta**

1. Chun cuspóirí an chomhbheartais talmhaíochta atá sainithe sa Chonradh a bhaint amach, is iad na cistí seo a leanas a chuirfidh maoiniú na mbeart éagsúil a thig faoi, lena n-áirítear forbairt tuaithe, ar fáil:

   (a) an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta, dá ngairtear anseo feasta an ‘CERT’;

   (b) an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, dá ngairtear anseo feasta an ‘CETFT’.

2. Tiocfaidh an CERT agus an CETFT faoi bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 4*
**Caiteachas an CERT**

1. Déanfar an CERT a chur chun feidhme trí bhainistíocht chomhpháirteach idir na Ballstáit agus an tAontas agus maoineoidh sé an caiteachas seo a leanas, a dhéanfar i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais:

   (a) bearta lena rialaítear nó lena dtugtar tacaíocht do mhargaí talmhaíochta;

   (b) íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoin gcomhbheartas talmhaíochta;

   (c) ranníocaíocht an Aontais le bearta faisnéise agus cur chun cinn maidir le táirgí talmhaíochta ar mhargadh inmheánach an Aontais agus i dtríú tíortha, arna gcur i gcrích ag Ballstáit ar bhonn clár seachas na cinn dá dtagraítear in Airteagal 5 agus arna roghnú ag an gCoimisiún;

   (d) ranníocaíocht an Aontais le Scéim Torthaí do Scoileanna an Aontais agus leis na bearta maidir le galair ainmhithe agus laghdú ar mhuinín na dtomhaltóirí dá dtagraítear in Airteagail 21 agus 155 de Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx [CEM aonair] faoi seach.

2. Maoineoidh an CERT an caiteachas seo a leanas ar bhealach díreach agus i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais:

(a) cur chun cinn táirgí talmhaíochta, a dhéanann an Coimisiún go díreach nó a dhéantar trí eagraíochtaí idirnáisiúnta;

(b) bearta, a dhéantar i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, chun caomhnú, tréithriú, bailiú agus úsáid acmhainní géiniteacha sa talmhaíocht a áirithiú;

(c) bunú agus cothabháil córas faisnéise cuntasaíochta talmhaíochta;

(d) córais suirbhéanna talmhaíochta, lena n-áirítear suirbhéanna ar struchtúr gabháltas talmhaíochta.

*Airteagal 5*
***Caiteachas an CETFT***

Déanfar an CETFT a chur chun feidhme trí bhainistíocht chomhpháirteach idir na Ballstáit agus an tAontas agus maoineoidh sé ranníocaíocht an Aontais le cláir forbartha tuaithe a chuirtear chun feidhme i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais maidir le tacaíocht d'fhorbairt na tuaithe, chomh maith leis an gcaiteachas a bhaineann leis an Duais do chomhar nuálaíoch áitiúil dá dtagraítear i gCaibidil IV de Theideal III de Rialachán (AE) Uimh. FT/xxx.

*Airteagal 6*
**Caiteachas eile, lena n-áirítear cúnamh teicniúil**

Féadfaidh an CERT agus an CETFT faoi seach an tacaíocht ullmhúcháin, faireacháin, riaracháin agus theicniúil a mhaoiniú ar bhealach díreach, ar thionscnamh an Choimisiúin agus/nó thar a cheann, chomh maith le bearta meastóireachta, iniúchóireachta agus cigireachta a bhfuil gá leo chun an comhbheartas talmhaíochta a chur chun feidhme. Áireofar an méid seo a leanas go háirithe sna bearta sin:

(a) bearta a bhfuil gá leo chun anailís, bainistíocht agus faireachán a dhéanamh ar an gcomhbheartas talmhaíochta, chun faisnéis ina thaobh a mhalartú agus chun an comhbheartas talmhaíochta a chur chun feidhme, chomh maith le bearta a bhaineann le cur chun feidhme córas rialaithe agus cúnamh teicniúil agus riaracháin;

(b) fáil na n-íomhánna satailíte ag an gCoimisiún, ar íomhánna satailíte iad a bhfuil gá leo do na seiceálacha i gcomhréir le hAirteagal 21;

(c) na bearta a dhéanann an Coimisiún trí mheán feidhmchláir chianbhraiteacha a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar acmhainní talmhaíochta i gcomhréir le hAirteagal 22;

(d) bearta a bhfuil gá leo chun modhanna agus modhanna teicniúla a fhorbairt agus a chothabháil ar mhaithe le faisnéis i leith bhainistíocht airgeadais na gcistí a úsáidtear chun an comhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, ar mhaithe le hidirnascadh na bainistíochta sin, faireachán uirthi agus rialú na bainistíochta;

(e) soláthar faisnéise maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta i gcomhréir le hAirteagal 47;

(f) staidéir ar an gcomhbheartas talmhaíochta agus meastóireacht ar bhearta a mhaoiníonn an CERT agus an CETFT, lena n-áirítear feabhas a chur ar mhodhanna meastóireachta agus ar mhalartú faisnéise faoi chleachtais;

(g) nuair is iomchuí, gníomhaireachtaí feidhmiúcháin arna mbunú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle[37], a ghníomhaíonn i gcomhthéacs an chomhbheartais talmhaíochta;

(h) bearta a bhaineann le scaipeadh faisnéise, ardú feasachta, cur chun cinn comhair agus malartú taithí ar leibhéal an Aontais, a dhéantar i gcomhthéacs na forbartha tuaithe, lena n-áirítear líonrú na bpáirtithe lena mbaineann;

(i) bearta a bhfuil gá leo chun lógónna a fhorbairt, a chlárú agus a chosaint faoi chuimsiú bheartais cháilíochta an Aontais agus chun cearta maoine intleachtúla a bhfuil baint acu leis na beartais sin a chosaint, chomh maith leis na forbairtí is gá i dteicneolaíocht na faisnéise (TF).

# Caibidil II Gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile

*Airteagal 7* **Creidiúnú agus aistarraingt creidiúnaithe de chuid gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí comhordaithe**

1. Ranna nó comhlachtaí tiomnaithe de chuid na mBallstát atá freagrach as bainistíocht agus rialú an chaiteachais dá dtagraítear in Airteagal 4(1) agus Airteagal 5 a bheidh i ngníomhaireachtaí íocaíochta.

   Cé is moite d'íocaíocht, féadfar cur i gcrích na dtascanna sin a tharmligean.

2. Déanfaidh Ballstáit ranna nó comhlachtaí a chomhlíonann na critéir chreidiúnaithe atá le leagan síos ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 8(a), déanfaidh siad na ranna nó na comhlachtaí sin a chreidiúnú mar ghníomhaireachtaí íocaíochta.

   Ag cur san áireamh a chuid forálacha bunreachtúla, déanfaidh gach Ballstát líon a ghníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe a theorannú do cheann amháin in aghaidh an Bhallstáit nó in aghaidh an réigiúin, más infheidhme. I gcás, áfach, ina mbunaítear gníomhaireachtaí íocaíochta ar leibhéal réigiúnach déanfaidh Ballstáit gníomhaireacht íocaíochta a chreidiúnú freisin ar leibhéal náisiúnta le haghaidh scéimeanna cabhrach nach mór, de bharr chineál na scéimeanna, iad a bhainistiú ar leibhéal náisiúnta.

3. Faoin [1 Feabhra] den bhliain tar éis na bliana airgeadais lena mbaineann, déanfaidh an duine atá i gceannas na gníomhaireachta íocaíochta creidiúnaithe an méid seo a leanas a tharraingt suas:

   (a) na cuntais bhliantúla i leith an chaiteachais a rinneadh i gcur i gcrích na dtascanna a tugadh dá ghníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe, mar aon leis an bhfaisnéis is gá dá imréiteach i gcomhréir le hAirteagal 53;

[37] IO L 11, 16.1.2003, lch. 1.

(b) dearbhú urrúis bainistíochta maidir le hiomláine, cruinneas agus fírinneacht na gcuntas, dea fheidhmiú na gcóras rialaithe inmheánach chomh maith le dlíthiúlacht agus rialtacht na mbun-idirbheart agus urramú phrionsabal na bainistíochta fónta airgeadais;

(c) achoimre ar thorthaí na n-iniúchtaí agus na seiceálacha uile atá ar fáil a rinneadh, lena n-áirítear anailís ar laigí córasacha nó atréimhseacha chomh maith le bearta ceartaitheacha atá déanta nó beartaithe.

4. I gcás ina bhfuil níos mó ná gníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe amháin ann, ainmneoidh an Ballstát comhlacht, dá ngairtear "an comhlacht comhordaithe" anseo feasta, a sannfaidh sé na tascanna seo a leanas dó:

(a) an fhaisnéis atá le cur ar fáil don Choimisiún a bhailiú agus an fhaisnéis sin a sheoladh chuig an gCoimisiún;

(b) tuarascáil sintéise a bhunú lena dtugtar forbhreathnú ar leibhéal náisiúnta ar gach dearbhú urrúis bainistíochta dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 3 agus ar na tuairimí iniúchóireachta ina leith dá dtagraítear in Airteagal 9;

(c) a áirithiú go ndéantar gníomhaíocht feabhais i ndáil le haon easnamh de chineál coiteann agus go gcoimeádtar an Coimisiún ar an eolas maidir le gníomhaíochtaí leantacha;

(d) cur i bhfeidhm comhchuibhithe rialacha an Aontais a chur chun cinn agus a áirithiú.

Beidh an comhlacht comhordaithe faoi réir chreidiúnú sonrach na mBallstát maidir le próiseáil na faisnéise airgeadais dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír.

5. I gcás nach gcomhlíonann gníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe ceann amháin nó níos mó de na critéir chreidiúnaithe dá dtagraítear i mír 2, nó nach gcomhlíonann sí na critéir sin a thuilleadh, aistarraingeoidh an Ballstát a creidiúnú mura ndéanann an ghníomhaireacht íocaíochta na hathruithe is gá laistigh de thréimhse a bheidh le cinneadh de réir thromchúis na faidhbe.

6. Déanfaidh na gníomhaireachtaí íocaíochta rialú na n-oibríochtaí a bhfuil baint acu le hidirghabháil phoiblí, ar oibríochtaí iad a bhfuil siad freagrach astu, a bhainistiú agus a áirithiú agus coinneoidh siad freagracht fhoriomlán sa réimse sin.

*Airteagal 8* **Cumhachtaí an Choimisiúin**

1. Chun feidhmiú fónta an chórais dá bhforáiltear in Airteagal 7 a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 111 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) coinníollacha íosta le haghaidh creidiúnú gníomhaireachtaí íocaíochta maidir leis an timpeallacht inmheánach, gníomhaíochtaí rialaithe, faisnéis agus cumarsáid, agus faireachán, chomh maith le rialacha maidir leis an nós imeachta chun creidiúnú a eisiúint agus a aistarraingt;

(b) rialacha a bhaineann le maoirseacht agus an nós imeachta chun athbhreithniú a dhéanamh ar chreidiúnú gníomhaireachtaí íocaíochta;

(c) coinníollacha íosta le haghaidh creidiúnú comhlachtaí comhordaithe chomh maith le rialacha maidir leis an nós imeachta chun creidiúnú a eisiúint agus a aistarraingt.

2. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha maidir leis an méid seo a leanas a leagan síos:

(a) oibleagáidí na ngníomhaireachtaí íocaíochta maidir le hidirghabháil phoiblí, chomh maith lena bhfuil ina bhfreagrachtaí bainistíochta agus rialaithe;

(b) feidhmiú an chomhlachta chomhordaithe agus fógra i dtaobh faisnéise a thabhairt don Choimisiún dá dtagraítear in Airteagal 7(4).

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá bhforáiltear sa chéad fhomhír i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 112(3).

*Airteagal 9* **Comhlachtaí deimhniúcháin**

1. Is é a bheidh sa chomhlacht deimhniúcháin comhlacht iniúchóireachta poiblí nó príobháideach a ainmneoidh an Ballstát agus a thabharfaidh tuairim i leith an dearbhaithe urrúis bhainistíochta a chumhdóidh iomláine, chruinneas agus fírinneacht chuntais bhliantúla na gníomhaireachta íocaíochta, dea-fheidhmiú a córais rialaithe inmheánaigh agus dlíthiúlacht agus rialtacht na mbun-idirbheart, chomh maith le hurramú phrionsabal na bainistíochta fónta airgeadais.

Beidh sé neamhspleách go hoibríochtúil ar an ngníomhaireacht íocaíochta lena mbaineann agus ar an údarás a chreidiúnaigh an ghníomhaireacht.

2. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha a leagan síos maidir le stádas na gcomhlachtaí deimhniúcháin, na tascanna sonracha, lena n-áirítear na seiceálacha, nach mór dóibh a dhéanamh chomh maith leis na deimhnithe agus na tuarascálacha, mar aon leis na doiciméid a ghabhann leo, atá le tarraingt suas ag na comhlachtaí sin. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 112(3).

*Airteagal 10*
**Inghlacthacht íocaíochtaí a dhéanann na gníomhaireachtaí íocaíochta**

Ní fhéadfaidh maoiniú ón Aontas an caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 4(1) agus Airteagal 5 a chumhdach ach amháin más rud é go ndearna gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe an caiteachas sin.

*Airteagal 11*
**Íocaíocht iomlán le tairbhithe**

Seachas má fhoráiltear a mhalairt go sonrach i reachtaíocht an Aontais, déanfar íocaíochtaí a bhaineann leis an maoiniú dá bhforáiltear sa Rialachán seo a eisíoc ina n-iomláine leis na tairbhithe.

# TEIDEAL III CÓRAS COMHAIRLEACH FEIRME

*Airteagal 12*
**Prionsabal agus raon feidhme**

1. Bunóidh Ballstáit córas lena dtabharfar comhairle do thairbhithe i dtaobh bainistíochta talún agus feirme (córas dá ngairtear an 'córas comhairleach feirme' anseo feasta), ar córas é a oibreoidh comhlacht ainmnithe amháin nó níos mó. Féadfaidh comhlachtaí poiblí nó príobháideacha a bheith sna comhlachtaí ainmnithe.

2. Cumhdóidh an córas comhairleach feirme an méid seo a leanas ar a laghad:

   (a) na ceanglais reachtúla bhainistíochta agus na caighdeáin maidir le dea-bhail talmhaíochta agus chomhshaoil talún mar atá siad leagtha síos i gCaibidil I de Theideal VI;

   (b) na cleachtais talmhaíochta atá chun tairbhe na haeráide agus an chomhshaoil mar atá siad leagtha síos i gCaibidil 2 de Theideal III de Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx [ÍD] agus cothabháil an limistéir thalmhaíochta mar a thagraítear dó in Airteagal 4(1)(c) de Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx [ÍD];

   (c) na ceanglais nó na gníomhartha a bhaineann le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, bithéagsúlacht, cosaint uisce, fógra a thabhairt maidir le galair ainmhithe agus plandaí agus nuálaíocht ina leith ar a laghad mar atá leagtha síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

   (d) forbairt inbhuanaithe ghníomhaíocht eacnamaíoch na bhfeirmeacha beaga mar atá sainithe ag na Ballstáit agus ar a laghad forbairt inbhuanaithe ghníomhaíocht eacnamaíoch na bhfeirmeacha atá rannpháirteach i Scéim na bhfeirmeoirí beaga dá dtagraítear in dTeideal V de Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx[ÍD].

3. Féadfaidh an córas comhairleach feirme an méid seo a leanas go háirithe a chumhdach freisin:

   (a) forbairt inbhuanaithe ghníomhaíocht eacnamaíoch gabháltas seachas na cinn dá dtagraítear i mír (2)(d);

   (b) na híoscheanglais arna mbunú le reachtaíocht náisiúnta, mar a thagraítear dóibh in Airteagal 29(3) agus Airteagal 30(2) de Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx [FT].

*Airteagal 13*
**Ceanglais shonracha a bhaineann leis an gcóras comhairleach feirme**

1. Áiritheoidh Ballstáit go mbeidh na cáilíochtaí cuí ag na comhairleoirí sa chóras comhairleach feirme agus go gcuirfear oiliúint orthu go rialta.

2. Áiritheoidh Ballstáit go mbeidh deighilt ann idir comhairle agus rialú. I ndáil leis sin agus gan dochar do reachtaíocht náisiúnta maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid, áiritheoidh Ballstáit nach nochtóidh na comhlachtaí ainmnithe dá dtagraítear in Airteagal 12 faisnéis phearsanta nó faisnéis faoi dhuine aonair agus sonraí pearsanta nó sonraí faoi dhuine aonair a fhaigheann siad le linn a ngníomhaíochta comhairlí do dhaoine seachas an tairbhí a bhainistíonn an gabháltas lena mbaineann, cé is moite d'aon neamhrialtacht nó sárú a aimsíodh le linn a ngníomhaíochta, ar neamhrialtacht í nó ar sárú é atá cumhdaithe ag oibleagáid atá leagtha síos i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta maidir le húdarás poiblí a chur ar an eolas, go háirithe i gcás cionta coiriúla.

3. Déanfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta, trí úsáid a bhaint as modhanna leictreonacha i gcás inarb iomchuí, liosta cuí na gcomhlachtaí ainmnithe a chur ar fáil don tairbhí.

*Airteagal 14*
**Rochtain ar an gcóras comhairleach feirme**

Féadfaidh tairbhithe, cibé acu an bhfaigheann nó nach bhfaigheann siad tacaíocht faoin gcomhbheartas talmhaíochta, lena n-áirítear forbairt tuaithe, úsáid a bhaint as an gcóras comhairleach feirme ar bhonn deonach.

Féadfaidh Ballstáit, áfach, a chinneadh, i gcomhréir le critéir oibiachtúla, catagóirí na dtairbhithe a mbeidh rochtain tosaíochta acu ar an gcóras comhairleach feirme. Bíodh sin mar atá, áiritheoidh Ballstáit go dtabharfar tosaíocht do na feirmeoirí is mó a bhfuil rochtain theoranta acu ar sheirbhís comhairleach seachas an córas comhairleach feirme.

Áiritheoidh an córas comhairleach feirme go mbeidh rochtain ag tairbhithe ar chomhairle atá oiriúnach do staid shonrach a ngabháltais.

*Airteagal 15*
**Cumhachtaí an Choimisiúin**

1. Chun feidhmiú ceart an chórais chomhairligh feirme a ráthú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 111 maidir le forálacha a bhfuil mar aidhm acu go mbeidh an córas sin ag feidhmiú go huile is go hiomlán. Féadfaidh baint a bheith ag na forálacha sin, i measc nithe eile, leis na critéir inrochtaineachta d'fheirmeoirí.

2. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha a ghlacadh chun an córas comhairleach feirme a chur chun feidhme go haonfhoirmeach. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 112(3).

# TEIDEAL IV BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS NA gCISTÍ

## Caibidil I An CERT

### ROINN I CAITEACHAS A MHAOINIÚ

*Airteagal 16*
**Uasteorainn buiséid**

1. Is iad na huasmhéideanna atá socruithe ina leith faoi Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx *[CAI]* a bheidh san uasteorainn bhliantúil do chaiteachas an CERT.

2. I gcás ina ndéantar foráil i reachtaíocht an Aontais maidir le suimeanna a laghdú ón méid dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an t-iarmhéid glan atá ar fáil do chaiteachas an CERT a shocrú ar bhonn na sonraí dá dtagraítear sa reachtaíocht sin.

*Airteagal 17*
**Íocaíochtaí míosúla**

1. Cuirfidh an Coimisiún na leithreasaí is gá chun an caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 4(1) a mhaoiniú ar fáil do Bhallstáit i bhfoirm íocaíochtaí míosúla, ar bhonn an chaiteachais a dhéanann na gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe i rith tréimhse tagartha.

2. Go dtí go n-aistreoidh an Coimisiún na híocaíochtaí míosúla, is iad na Ballstáit a bhainfidh úsáid as na hacmhainní is gá chun caiteachas a dhéanamh de réir riachtanais a ngníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe.

*Airteagal 18*
**Nós imeachta le haghaidh íocaíochtaí míosúla**

1. Déanfaidh an Coimisiún íocaíochtaí míosúla, gan dochar do na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 53 agus Airteagal 54, do chaiteachas a dhéanann gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe i rith na míosa tagartha.

**2.** Déanfar íocaíochtaí míosúla le gach Ballstát ar a dhéanaí ar an tríú lá oibre den dara mí tar éis na míosa ina ndéantar an caiteachas.

Measfar gur i mí Dheireadh Fómhair a rinneadh caiteachas a dhéanann Ballstáit idir an 1 agus an 15 Deireadh Fómhair. Measfar gur i mí na Samhna a rinneadh caiteachas a dhéanann Ballstáit idir an 16 agus an 31 Deireadh Fómhair.

3. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na híocaíochtaí míosúla a dhéanann sé a chinneadh, ar bhonn dearbhaithe caiteachais ó na Ballstáit agus ar bhonn na faisnéise arna soláthar i gcomhréir le hAirteagal 102(1), agus laghduithe nó fionraíochtaí arna gcur i bhfeidhm faoi Airteagal 43 nó aon cheartúcháin eile á gcur san áireamh. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 112(2).

4. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, cinneadh a dhéanamh íocaíochtaí breise nó asbhaintí a dhéanamh. Sna cásanna sin, cuirfear an Coiste dá dtagraítear in Airteagal 112(1) ar an eolas ag a chéad chruinniú eile.

*Airteagal 19*
**Costais riaracháin agus phearsanra**

Ní íocfaidh an Ciste as caiteachas a bhaineann le costais riaracháin agus phearsanra arna dtabhú ag Ballstáit agus ag tairbhithe na cabhrach ón CERT.

*Airteagal 20*
**Caiteachas idirghabhála poiblí**

1. I gcás, i gcomhthéacs chomheagraíocht na margaí, nach bhfuil suim in aghaidh an aonaid cinntithe maidir le hidirghabháil phoiblí, maoineoidh an CERT an beart lena mbaineann ar bhonn méideanna caighdeánacha arb ionann iad ar fud an Aontais, go háirithe i leith cistí ó na Ballstáit a úsáidtear chun táirgí a cheannach isteach, le haghaidh oibríochtaí ábhair a eascraíonn as stóráil agus, i gcás inarb iomchuí, chun táirgí idirghabhála a phróiseáil.

2. Chun a áirithiú go maoineoidh an CERT an caiteachas idirghabhála poiblí, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 111 maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) an cineál beart atá incháilithe do mhaoiniú ón Aontas agus na coinníollacha aisíocaíochta;

   (b) na coinníollacha incháilitheachta agus na modhanna ríomha ar bhonn na faisnéise arna taifeadadh iarbhír ag na gníomhaireachtaí íocaíochta nó ar bhonn cothromrátaí arna gcinneadh ag an gCoimisiún, nó ar bhonn méideanna seasta nó méideanna nach bhfuil seasta agus a bhfuil foráil déanta maidir leo i reachtaíocht talmhaíochta earnálach.

3. Socróidh an Coimisiún na méideanna dá dtagraítear i mír 1 trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 112(2).

*Airteagal 21*
**Íomhánna satailíte a fháil**

Aontóidh an Coimisiún agus na Ballstáit liosta na n-íomhánna satailíte a bhfuil gá leo do sheiceálacha i gcomhréir leis an tsonraíocht a ullmhóidh gach Ballstát.

Déanfaidh an Coimisiún na híomhánna satailíte sin a sholáthar saor in aisce do na comhlachtaí rialaithe nó do sholáthraithe seirbhísí a bhfuil údarú faighte acu ó na comhlachtaí sin chun ionadaíocht a dhéanamh thar a gceann.

Beidh úinéireacht na n-íomhánna fós ag an gCoimisiún agus gheobhaidh sé ar ais iad nuair a bheidh an obair críochnaithe. Féadfaidh sé a fhoráil freisin go ndéanfar obair chun feabhas a chur ar theicnící agus ar mhodhanna oibre maidir le cigireacht chianbhraitheach a dhéanamh ar limistéir talmhaíochta.

*Airteagal 22*
**Faireachán ar acmhainní talmhaíochta**

Is í an aidhm a bheidh leis na bearta arna maoiniú de bhun phointe (c) d'Airteagal 6 na hacmhainní a thabhairt don Choimisiún chun margaí talmhaíochta an Aontais a bhainistiú i gcomhthéacs domhanda, faireachán agreacnamaíoch ar thailte talmhaíochta agus ar an mbail atá ar na barra a áirithiú d'fhonn meastacháin a dhéanamh, go háirithe a fhad a bhaineann le táirgeacht agus táirgeadh talmhaíochta, rochtain ar na meastacháin sin a roinnt i gcomhthéacs idirnáisiúnta, amhail tionscnaimh arna gcomhordú ag eagraíochtaí na Náisiún Aontaithe nó ag gníomhaireachtaí idirnáisiúnta eile, rannchuidiú le trédhearcacht margaí domhanda, agus faireachán teicneolaíochta ar an gcóras agraimeitéareolaíoch a áirithiú.

Baineann na bearta arna maoiniú de bhun phointe (c) d'Airteagal 6 le bailiú nó ceannach sonraí is gá chun an comhbheartas talmhaíochta a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh air, lena n-áirítear sonraí satailíte agus sonraí meitéareolaíocha, cruthú infrastruchtúir sonraí spásúla agus suímh ghréasáin, staidéir shonracha a bhaineann le dálaí aeráide a dhéanamh agus samhlacha agraimeitéareolaíocha agus eacnaiméadracha a thabhairt cothrom le dáta. I gcás inarb iomchuí, déanfar na bearta sin i gcomhar le saotharlanna agus comhlachtaí náisiúnta.

*Airteagal 23*
**Cumhachtaí cur chun feidhme**

Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha a ghlacadh maidir leis an maoiniú de bhun phointe (b) agus phointe (c) d'Airteagal 6, maidir leis an nós imeachta faoina ndéanfar na bearta dá dtagraítear in Airteagal 21 agus Airteagal 22 chun na cuspóirí arna sannadh a bhaint amach, maidir leis an gcreat lena rialaítear fáil, beachtú agus úsáid na n íomhánna satailíte agus na sonraí meitéareolaíocha, agus maidir leis na sprioc-amanna is infheidhme. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 112(3).

## ROINN 2 SMACHT BUISÉADACH

*Airteagal 24*
**Comhlíonadh na huasteorann**

1. Le linn an nós imeachta bhuiséadaigh ar fad agus ar feadh chur chun feidhme an bhuiséid, ní sháróidh leithreasaí a bhaineann le caiteachas an CERT an méid dá dtagraítear in Airteagal 16.

Gach ionstraim reachtach a bheartóidh an Coimisiún agus a ghlacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, an Chomhairle nó an Coimisiún, ar ionstraim í a mbeidh tionchar aici ar bhuiséad an CERT, comhlíonfaidh sí an méid dá dtagraítear in Airteagal 16.

2. I gcás ina ndéantar foráil i reachtaíocht an Aontais maidir le huasteorainn airgeadais in euro do chaiteachas talmhaíochta i ndáil le Ballstát, aisíocfar an caiteachas sin faoi réir na teorann sin arna socrú in euro, agus déanfar aon choigeartú is gá má tá feidhm ag Airteagal 43.

3. Measfar gur uasteorainneacha in euro iad uasteorainneacha náisiúnta d'íocaíochtaí díreacha dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx[ÍD], arna gceartú ag na coigeartuithe atá leagtha síos in Airteagal 25 den Rialachán seo.

*Airteagal 25*
**Smacht airgeadais**

1. D'fhonn a áirithiú go n-urramaítear na huasteorainneacha bliantúla atá leagtha amach i Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx [*CAI*] do mhaoiniú an chaiteachais a bhaineann leis an margadh agus do mhaoiniú íocaíochtaí díreacha, déanfar ráta coigeartaithe na n-íocaíochtaí díreacha a chinneadh i gcás ina léiríonn na réamhaisnéisí do mhaoiniú na mbeart a mhaoinítear faoin *bhfo-uasteorainn* sin do bhliain áirithe airgeadais go sárófar na huasteorainneacha bliantúla is infheidhme.

2. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar bhonn togra ón gCoimisiún arna chur faoina bráid tráth nach déanaí ná an 31 Márta den bhliain féilire a bhfuil feidhm ag an gcoigeartú dá dtagraítear i mír 1 maidir léi, déanfaidh sí an coigeartú a chinneadh tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh den bhliain féilire chéanna.

3. Más rud é nach bhfuil an ráta coigeartaithe socraithe faoin 30 Meitheamh in aon bhliain, socróidh an Coimisiún é trí bhíthin gnímh cur chun feidhme agus cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas láithreach. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 112(2).

4. Go dtí an 1 Nollaig, ar thogra ón gCoimisiún, ar bhonn faisnéise nua atá faighte aici, féadfaidh an Chomhairle an ráta coigeartaithe d'íocaíochtaí díreacha arna shocrú i gcomhréir le mír 2 nó mír 3 a oiriúnú.

5. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gnímh cur chun feidhme, na téarmaí agus na coinníollacha a ghlacadh, arb iad na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme maidir le leithreasaí arna dtabhairt anonn i gcomhréir le hAirteagal [149(3)] de Rialachán Uimh. (AE) RA/xxx chun an caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(b) den Rialachán seo a mhaoiniú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 112(2).

6. Sula gcuirtear an tAirteagal seo i bhfeidhm, cuirfear san áireamh ar dtús an méid arna údarú ag an údarás buiséid don Chúlchiste le haghaidh géarchéimeanna san earnáil talmhaíochta dá dtagraítear i bpointe 14 den Chomhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistíocht airgeadais fhónta a úsáid.

*Airteagal 26*
**Nós imeachta maidir le smacht buiséadach**

1. An tráth céanna a chuirfidh sé an dréachtbhuiséad don bhliain airgeadais N faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, cuirfidh an Coimisiún a réamhaisnéisí do na blianta airgeadais N – 1, N agus N + 1 i láthair dóibh.

2. Más rud é, nuair a tharraingíonn sé suas an dréachtbhuiséad don bhliain airgeadais N, go ndealraíonn sé go bhfuil riosca ann go sárófar an méid dá dtagraítear in Airteagal 16 don bhliain airgeadais N, molfaidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó don Chomhairle na bearta is gá chun comhlíonadh i dtaobh an mhéid sin a áirithiú.

3. Ag am ar bith, má mheasann an Coimisiún go bhfuil riosca ann go sárófar an méid dá dtagraítear in Airteagal 16 agus nach féidir leis bearta leordhóthanacha a dhéanamh faoina chumhachtaí chun an scéal a leigheas, molfaidh sé bearta eile chun comhlíonadh i dtaobh an mhéid sin áirithiú. Glacfaidh an Chomhairle na bearta sin ar bhonn Airteagal 43(3) den Chonradh nó glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle iad ar bhonn Airteagal 43(2) den Chonradh.

4. Más rud é, ag deireadh na bliana airgeadais N, go sáraíonn iarrataí ar aisíocaíochtaí ó na Ballstáit an méid dá dtagraítear in Airteagal 16, nó más dóchúil go sáróidh siad an méid sin, déanfaidh an Coimisiún:

   (a) na hiarrataí arna ndéanamh ag Ballstáit a bhreithniú *pro rata* agus laistigh de theorainn an bhuiséid atá ar fáil, agus déanfaidh sé, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, méid na n-íocaíochtaí don mhí lena mbaineann a shocrú go sealadach;

   (b) a chinneadh, i gcás gach Ballstáit, ar a dhéanaí faoin 28 Feabhra den bhliain dár gcionn, cén staid ina bhfuil sé maidir le maoiniú ón Aontas don bhliain airgeadais roimhe sin;

   (c) a shocrú, trí bhíthin gnímh chur chun feidhme, méid iomlán an mhaoinithe ón Aontas arna mhiondealú de réir Ballstáit, ar bhonn ráta aonair, laistigh de theorainn an bhuiséid a bhí ar fáil do na híocaíochtaí míosúla;

   (d) aon chúiteamh atá le déanamh i leith Ballstát, ar a dhéanaí nuair a dhéantar na híocaíochtaí míosúla do mhí an Mhárta sa bhliain N+1.

   Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá bhforáiltear i bpointe (a) agus i bpointe (c) den chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 112(2).

*Airteagal 27*
**Córas luathrabhaidh**

Chun a áirithiú nach sárófar an uasteorainn bhuiséadach dá dtagraítear in Airteagal 16, déanfaidh an Coimisiún córas míosúil luathrabhaidh agus faireacháin a chur chun feidhme i dtaobh chaiteachas an CERT.

Roimh thús gach bliana airgeadais, déanfaidh an Coimisiún próifílí míosúla caiteachais a chinneadh chun na críche sin, próifílí a bheidh bunaithe, i gcás inarb iomchuí, ar an meánchaiteachas míosúil sna trí bliana roimhe sin.

Ó am go chéile, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina scrúdófar forbairt an chaiteachais arna dhéanamh i ndáil leis na próifílí agus ina mbeidh measúnú ar an gcur chun feidhme intuartha don bhliain airgeadais reatha.

*Airteagal 28*
**Rátaí malairte tagartha**

1. Agus dréachtbhuiséad á ghlacadh ag an gCoimisiún, nó litir leasaitheach a ghabhann leis an dréachtbhuiséad agus a bhaineann le caiteachas talmhaíochta á glacadh aige, úsáidfidh sé, chun meastacháin bhuiséad an CERT a bhunú, an meánráta malairte idir an euro agus dollar na Stát Aontaithe arna thaifeadadh ar an margadh le linn na ráithe is deireanaí dar críoch 20 lá ar a laghad sula nglacann an Coimisiún an doiciméad buiséadach.

2. Agus dréachtbhuiséad leasaitheach agus forlíontach á ghlacadh nó litir leasaitheach air sin á glacadh ag an gCoimisiún, úsáidfidh sé, a mhéid a bhaineann na doiciméid sin le leithreasaí i dtaca leis na bearta dá dtagraítear in Airteagal4(1)(a), na nithe seo a leanas:

   (a) ar an gcéad dul síos, an meánráta malairte idir an euro agus dollar na Stát Aontaithe arna thaifeadadh iarbhír ar an margadh ón 1 Lúnasa na bliana airgeadais roimhe sin go dtí deireadh na ráithe is deireanaí dar críoch 20 lá ar a laghad sula nglacann an Coimisiún an doiciméad buiséadach agus ar a dhéanaí an 31 Iúil sa bhliain airgeadais reatha, agus

   (b) ar an dara dul síos, mar réamhaisnéis don chuid eile den bhliain airgeadais, an meánráta malairte arna thaifeadadh iarbhír le linn na ráithe is deireanaí dar críoch 20 lá ar a laghad sula nglacann an Coimisiún an doiciméad buiséadach.

# Caibidil II An CETFT

## ROINN 1 FORÁLACHA GINEARÁLTA DON CETFT

*Airteagal 29*
**Cosc ar chistiú dúbailte**

Gan dochar don incháilitheacht do thacaíocht faoi Airteagal 30(2) de Rialachán (AE) Uimh. FT/xxx, ní bheidh maoiniú eile faoi bhuiséad an AE á fháil ag caiteachas arna mhaoiniú faoin CETFT.

*Airteagal 30*

**Forálacha a bhfuil feidhm acu maidir le gach íocaíocht**

1. I gcomhréir le hAirteagal 67(1) de Rialachán (AE) Uimh. RR/xxx, íocaíochtaí ó ranníocaíocht an CETFT arna ndéanamh ag an gCoimisiún mar a thagraítear dóibh in Airteagal 5, ní bheidh siad os cionn na ngealltanas buiséadach.

   Sannfar iad don ghealltanas buiséadach is luaithe atá oscailte.

2. Beidh feidhm ag Airteagal [81] de Rialachán (AE) Uimh. RA/xxx.

## ROINN 2
## MAOINIÚ CLÁR FORBARTHA TUAITHE

*Airteagal 31*

**Ranníocaíocht ón CETFT**

Déanfar an ranníocaíocht ón CETFT le caiteachas faoi chláir forbartha tuaithe a chinneadh do gach clár, laistigh de na huasteorainneacha arna mbunú ag reachtaíocht an Aontais maidir le tacaíocht d'fhorbairt na tuaithe ón CETFT.

*Airteagal 32*

**Gealltanais bhuiséadacha**

Maidir le gealltanais bhuiséadacha an Aontais i gcomhair clár forbartha tuaithe, beidh feidhm ag Airteagal 66 de Rialachán (AE) Uimh. RR/xxx.

## ROINN 3 RANNÍOCAÍOCHT AIRGEADAIS LE CLÁIR FORBARTHA TUAITHE

*Airteagal 33*

**Forálacha a bhfuil feidhm acu maidir le gach íocaíocht i gcomhair clár forbartha tuaithe**

1. Cuirfear na leithreasaí is gá chun an caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 5 a mhaoiniú ar fáil do Bhallstáit i bhfoirm íocaíochtaí réamh-mhaoinithe, íocaíochtaí eatramhacha agus íocaíochta iarmhéid, mar a thuairiscítear sa Roinn seo.

2. Ní sháróidh comhiomlán na n-íocaíochtaí réamh-mhaoinithe agus eatramhacha 95 % de ranníocaíocht an CETFT le gach clár forbartha tuaithe.

   I gcomhréir le hAirteagal 70(2) de Rialachán (AE) Uimh. RR/xxx, nuair a shroichtear an uasteorainn 95 %, leanfaidh na Ballstáit ar aghaidh ag tarchur iarrataí ar íocaíochtaí chuig an gCoimisiún.

*Airteagal 34*
**Socruithe réamh-mhaoinithe**

1. Tar éis an chinnidh ón gCoimisiún lena bhformheastar an clár, íocfaidh an Coimisiún méid tosaigh réamh-mhaoinithe don tréimhse cláraithe ar fad. 4 % de ranníocaíocht an CETFT leis an gclár lena mbaineann a bheidh sa mhéid tosaigh réamh-mhaoinithe sin. Féadfar é a roinnt i dtrí thráthchuid ar a mhéad ag brath ar mhéid an bhuiséid atá ar fáil. 2 % de ranníocaíocht an CETFT leis an gclár lena mbaineann a bheidh sa chéad tráthchuid.

2. Aisíocfar an méid iomlán arna íoc mar réamh-mhaoiniú leis an gCoimisiún mura dtabhaítear aon chaiteachas agus mura seoltar aon dearbhú caiteachais don chlár forbartha tuaithe laistigh de 24 mhí ón dáta ar a n-íocann an Coimisiún an chéad tráthchuid den mhéid réamh-mhaoinithe.

3. Sannfar ús arna ghiniúint ar an réamh-mhaoiniú don chlár forbartha tuaithe lena mbaineann agus aisbhainfear é ón méid caiteachais phoiblí arna shonrú ar an dearbhú caiteachais deiridh.

4. Imréiteofar an méid iomlán réamh-mhaoinithe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 53 sula ndúntar an clár forbartha tuaithe.

*Airteagal 35*
**Íocaíochtaí eatramhacha**

1. Déanfar íocaíochtaí eatramhacha do gach clár forbartha tuaithe. Déanfar iad a ríomh tríd an ráta cómhaoinithe i gcomhair gach birt a chur i bhfeidhm maidir leis an gcaiteachas poiblí tabhaithe a bhaineann leis.

2. Ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil, déanfaidh an Coimisiún íocaíochtaí eatramhacha chun an caiteachas arna thabhú ag gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe i gcur chun feidhme na gclár a aisíoc.

3. Beidh gach íocaíocht eatramhach faoi réir chomhlíonadh na gceanglas seo a leanas:

   (a) dearbhú caiteachais arna shíniú ag an ngníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe a tharchur chuig an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 102(1)(c);

   (b) gan aon sárú a bheith ann ar ranníocaíocht iomlán an CETFT le gach beart don tréimhse iomlán atá cumhdaithe ag an gclár lena mbaineann;

   (c) an tuarascáil bhliantúil deiridh faoin dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme an chláir forbartha tuaithe a tharchur chuig an gCoimisiún.

4. Mura gcomhlíontar ceann amháin de na ceanglais atá leagtha síos i mír 3, cuirfidh an Coimisiún an ghníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe nó an comhlacht comhordaithe ar an eolas láithreach, i gcás inar ceapadh ceann díobh sin. Mura n-urramaítear ceann amháin de na ceanglais atá leagtha síos i bpointe (a) nó pointe (c) de mhír 3, ní bheidh an dearbhú caiteachais inghlactha.

5. Déanfaidh an Coimisiún íocaíochtaí eatramhacha laistigh de 45 lá tar éis dó dearbhú caiteachais a chlárú ar comhlíonadh na ceanglais atá leagtha amach i mír 3 den Airteagal seo ina leith, gan dochar d'Airteagal 39 ná do na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 53 agus Airteagal 54.

6. Déanfaidh gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe, go díreach nó tríd an gcomhlacht comhordaithe a úsáid mar idirghabhálaí, i gcás inar ceapadh ceann, déanfaidh siad dearbhuithe idirmheánacha caiteachais a bhaineann le cláir forbartha tuaithe a bhunú agus a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún, laistigh de thréimhsí a shocróidh an Coimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 112(3).

   Cumhdóidh dearbhuithe caiteachais caiteachas a thabhaigh na gníomhaireachtaí íocaíochta le linn gach tréimhse lena mbaineann. I gcásanna, áfach, nach féidir caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 55(7) de Rialachán (AE) Uimh. RR/xxx a dhearbhú don Choimisiún sa tréimhse lena mbaineann de bhrí go bhfuiltear ag feitheamh ar fhormheas faoi mhodhnú an chláir ón gCoimisiún, féadfar é a dhearbhú i dtréimhsí ina dhiaidh sin.

   Déanfar dearbhuithe idirmheánacha caiteachais maidir le caiteachas arna thabhú ón 16 Deireadh Fómhair ar aghaidh a chlárú faoi bhuiséad na bliana dár gcionn.

7. Beidh feidhm ag Airteagal 74 de Rialachán (AE) Uimh. RR/xxx.

*Airteagal 36*
**Íocaíocht an iarmhéid agus dúnadh an chláir**

1. Tar éis dó an tuarascáil bhliantúil deiridh faoin dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme cláir forbartha tuaithe a fháil, íocfaidh an Coimisiún, ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil agus ar bhonn an phlean airgeadais atá i bhfeidhm, íocfaidh sé iarmhéid na gcuntas bliantúil don bhliain dheireanach de chur i gcrích an chláir ábhartha forbartha tuaithe agus an chinnidh chomhfhreagraigh maidir le himréiteach. Cuirfear na cuntais sin faoi bhráid an Choimisiúin tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an dáta deiridh incháilitheachta maidir le caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 55(2) de Rialachán (AE) Uimh.xxx/xxx[RR] agus cumhdóidh siad an caiteachas arna thabhú ag an ngníomhaireacht íocaíochta suas go dtí an dáta deiridh incháilitheachta maidir le caiteachas.

2. Íocfar an t-iarmhéid tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis don Choimisiún a mheas gurb infhála an fhaisnéis agus na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus tar éis imréiteach an chuntais bhliantúil deiridh. Na méideanna a bhfuil gealltanas fós déanta ina leith tar éis an iarmhéid a íoc, déanfaidh an Coimisiún iad a shaoradh laistigh de thréimhse sé mhí, gan dochar d'Airteagal 37(5).

3. Más rud é, faoin teorainn ama atá leagtha amach i mír 1, nár seoladh an tuarascáil bhliantúil deiridh faoi dhul chun cinn agus na doiciméid is gá chun cuntais na bliana deireanaí de chur i gcrích an chláir a imréiteach, déanfar an t-iarmhéid a shaoradh go huathoibríoch i gcomhréir le hAirteagal 37.

*Airteagal 37*

**Saoradh uathoibríoch i gcomhair clár forbartha tuaithe**

1. Aon chuid de ghealltanas buiséadach do chlár forbartha tuaithe nár úsáideadh chun críche réamh-mhaoinithe nó chun íocaíochtaí eatramhacha a dhéanamh nó aon chuid nár cuireadh aon dearbhú caiteachais ina leith, lena gcomhlíontar na ceanglais atá leagtha síos in Airteagal 35(3), faoi bhráid an Choimisiúin maidir le caiteachas arna thabhú faoin 31 Nollaig sa dara bliain tar éis bhliain an ghealltanais bhuiséadaigh, déanfaidh an Coimisiún an chuid sin a shaoradh go huathoibríoch.

2. An chuid sin de ghealltanais bhuiséadacha atá fós oscailte ar an dáta deiridh incháilitheachta maidir le caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 55(2) de Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx[RR] nach ndearnadh dearbhú caiteachais ina leith faoi 6 sé mhí tar éis an dáta sin, déanfar an chuid sin a shaoradh go huathoibríoch.

3. I gcás aon imeachtaí dlíthiúla nó achomhairc riaracháin a bhfuil éifeacht fionraíochta acu, cuirfear isteach ar an tréimhse um saoradh uathoibríoch dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2, i ndáil leis an méid a bhaineann leis na hoibríochtaí lena mbaineann, ar feadh na n-imeachtaí sin nó an achomhairc riaracháin sin, ar choinníoll go bhfaigheann an Coimisiún fógra réasúnaithe ón mBallstát faoin 31 Nollaig sa bhliain N + 2.

4. Déanfar neamhaird ar an méid seo a leanas agus an saoradh uathoibríoch á ríomh:

   (a) an chuid sin de na gealltanais bhuiséadacha a ndearnadh dearbhú caiteachais ina leith ach ar laghdaigh an Coimisiún a haisíocaíocht nó ar chuir sé ar fionraí í an 31 Nollaig sa bhliain N + 2;

   (b) an chuid sin de na gealltanais bhuiséadacha nach raibh gníomhaireacht íocaíochta ábalta a eisíoc ar chúiseanna *force majeure* a imríonn tionchar tromchúiseach ar chur chun feidhme an chláir fhorbartha tuaithe. Ní mór d'údaráis náisiúnta a mhaíonn *force majeure* na hiarmhairtí díreacha ar chur chun feidhme chuid den chlár nó an chláir ar fad a thaispeáint.

   Déanfaidh an Ballstát faisnéis a sheoladh chuig an gCoimisiún i dtaobh na n-eisceachtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoin 31 Eanáir maidir leis an méid atá le dearbhú faoi dheireadh na bliana roimhe sin.

5. Cuirfidh an Coimisiún Ballstáit ar an eolas in am trátha má tá riosca saortha uathoibríoch ann. Cuirfidh sé ar an eolas iad faoin méid atá i gceist mar a shonraíonn an fhaisnéis atá ina sheilbh é. Beidh dhá mhí ag na Ballstáit ón uair a fhaigheann siad an fhaisnéis sin chun aontú leis an méid i gceist nó chun barúlacha a chur i láthair. Déanfaidh an Coimisiún an saoradh uathoibríoch tráth nach déanaí ná naoi mí tar éis an sprioc-ama deireanaí a thig as cur i bhfeidhm mhíreanna 1 go 3.

6. I gcás saortha uathoibríoch, déanfar ranníocaíocht an CETFT leis an gclár forbartha tuaithe lena mbaineann a laghdú, don bhliain i gceist, faoin méid arna shaoradh go huathoibríoch. Déanfaidh an Ballstát plean athbhreithnithe airgeadais lena roinnfear laghdú na cabhrach i measc na mbeart, plean a bheidh le formheas ag an gCoimisiún. Mura ndéanann sé amhlaidh, laghdóidh an Coimisiún na méideanna a leithdháiltear le haghaidh gach birt pro rata.

## ROINN 4
## AN DUAIS DO CHOMHAR NUÁLAÍOCH ÁITIÚIL A MHAOINIÚ

*Airteagal 38*

**Gealltanais bhuiséadacha**

Cinneadh maidir le maoiniú de réir bhrí Airteagal 75(2) de Rialachán (AE) Uimh. RA/xxx a bheidh sa Chinneadh ón gCoimisiún lena nglacfar liosta na dtionscadal a mbronntar an Duais do chomhar nuálaíoch áitiúil orthu, mar a thagraítear dó in Airteagal 58(4) de Rialachán (AE) Uimh. FT/xxx.

Tar éis dó an Cinneadh dá dtagraítear sa chéad mhír a ghlacadh déanfaidh an Coimisiún gealltanas buiséadach de réir Ballstáit do mhéid iomlán na nduaiseanna arna mbronnadh ar thionscadail sa Bhallstát sin laistigh den teorainn dá dtagraítear in Airteagal 51(2) de Rialachán (AE) Uimh. FT/xxx.

*Airteagal 39*

**Íocaíochtaí leis na Ballstáit**

1. Faoi chuimsiú na n-íocaíochtaí eatramhacha dá dtagraítear in Airteagal 35, déanfaidh an Coimisiún íocaíochtaí chun an caiteachas arna thabhú ag gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe trí bhronnadh na nDuaiseanna dá dtagraítear sa Roinn seo, déanfaidh sé iad a aisíoc laistigh de theorainneacha na ngealltanas buiséadach atá ar fáil do na Ballstáit lena mbaineann.

2. Beidh gach íocaíocht faoi réir tharchur dearbhaithe chaiteachais arna shíniú ag an ngníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe chuig an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 102(1)(c).

3. Déanfaidh gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe, go díreach nó tríd an gcomhlacht comhordaithe a úsáid mar idirghabhálaí, i gcás inar ceapadh ceann, dearbhuithe idirmheánacha caiteachais a bhaineann leis an nDuais do chomhar nuálaíoch áitiúil a bhunú agus a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún, laistigh de thréimhsí a shocróidh an Coimisiún trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 112(3).

   Cumhdóidh dearbhuithe caiteachais caiteachas a thabhaigh na gníomhaireachtaí íocaíochta le linn gach ceann de na tréimhsí lena mbaineann.

*Airteagal 39*

**Saoradh uathoibríoch i gcomhair na Duaise do chomhar nuálaíoch áitiúil**

Na méideanna dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 38 nár úsáideadh chun aisíocaíocht a dhéanamh leis na Ballstáit mar atá leagtha síos in Airteagal 39 nó nár cuireadh aon dearbhú

caiteachais ina leith, lena gcomhlíontar na ceanglais atá leagtha síos san Airteagal sin, faoi bhráid an Choimisiúin maidir le caiteachas arna thabhú faoin 31 Nollaig sa dara bliain tar éis bhliain an ghealltanais bhuiséadaigh, déanfaidh an Coimisiún na méideanna sin a shaoradh go huathoibríoch.

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 37(3), (4) agus (5).

# Caibidil III Forálacha Coiteanna

*Airteagal 41*
**An bhliain airgeadais talmhaíochta**

Gan dochar do na forálacha speisialta maidir le dearbhuithe caiteachais agus ioncaim a bhaineann le hidirghabháil phoiblí arna leagan síos ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 48(7)(a), cumhdóidh an bhliain airgeadais talmhaíochta caiteachas arna íoc agus ioncam arna fháil agus arna iontráil ag na gníomhaireachtaí íocaíochta i gcuntais bhuiséadacha an CERT agus an CETFT i leith na bliana airgeadais «N» dar tús an 16 Deireadh Fómhair den bhliain «N-1» agus dar críoch an 15 Deireadh Fómhair den bhliain «N».

*Airteagal 42*
**Comhlíonadh sprioc-amanna íocaíochta**

1. I gcás ina bhfuil sprioc-amanna íocaíochta leagtha síos ag reachtaíocht an Aontais, aon íocaíocht a dhéanfaidh na gníomhaireachtaí íocaíochta leis na tairbhithe roimh an dáta íocaíochta is luaithe is féidir agus tar éis an dáta íocaíochta is déanaí is féidir, ní bheidh sí incháilithe do mhaoiniú ón Aontas, seachas sna cásanna, sna coinníollacha agus laistigh de na teorainneacha a bheidh le cinneadh ag cur phrionsabal na comhréireachta san áireamh.

   Chun go mbeidh an tionchar airgeadais comhréireach leis an sprioc-am íocaíochta arna hurramú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 111 maidir le rialacha faoi laghdú íocaíochta i ndáil le neamh-urramú na tréimhse íocaíochta.

2. I gcás nach n-urramaíonn na Ballstáit an dáta íocaíochta is déanaí is féidir, íocfaidh siad ús mainneachtana leis na tairbhithe, ús a thiocfaidh as an mbuiséad náisiúnta.

*Airteagal 43*
**Íocaíochtaí míosúla agus eatramhacha a laghdú agus a chur ar fionraí**

1. I gcás ina gcuireann dearbhuithe caiteachais nó an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 102 ar chumas an Choimisiúin a shuíomh go ndearna comhlachtaí nach gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe iad caiteachas, nár urramaíodh tréimhsí íocaíochta nó uasteorainneacha airgeadais arna socrú ag reachtaíocht an Aontais nó nach raibh caiteachas a rinneadh ar bhealach eile i gcomhréir le rialacha an Aontais, féadfaidh an Coimisiún na híocaíochtaí míosúla nó eatramhacha leis an mBallstát lena mbaineann a laghdú nó a chur ar fionraí faoin gcinneadh maidir le híocaíochtaí

míosúla dá dtagraítear in Airteagal 18(3) nó i gcomhthéacs na n-íocaíochtaí eatramhacha dá dtagraítear in Airteagal 35, tar éis deis a thabhairt don Bhallstát a bharúlacha a thíolacadh.

I gcás nach gcuireann na dearbhuithe caiteachais ná an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 102 ar chumas an Choimisiúin a shuíomh go ndearnadh an caiteachas i gcomhréir le rialacha an Aontais, iarrfaidh an Coimisiún ar an mBallstát lena mbaineann tuilleadh faisnéise a sholáthar agus a bharúlacha a thíolacadh laistigh de thréimhse nach lú ná 30 lá. Mura bhfreagraíonn an Ballstát iarraidh an Choimisiúin laistigh den tréimhse arna cinneadh nó má mheastar nach bhfuil an freagra sásúil nó go léiríonn sé nach ndearnadh an caiteachas i gcomhréir le rialacha an Aontais, féadfaidh an Coimisiún na híocaíochtaí míosúla nó eatramhacha leis an mBallstát lena mbaineann a laghdú nó a chur ar fionraí faoin gcinneadh maidir le híocaíochtaí míosúla dá dtagraítear in Airteagal 18(3) nó i gcomhthéacs na n-íocaíochtaí eatramhacha dá dtagraítear in Airteagal 35.

2. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na híocaíochtaí míosúla nó eatramhacha le Ballstát a laghdú nó a chur ar fionraí má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas ar fad:

(a) níl ann do cheann amháin nó níos mó de chodanna fíorthábhachtacha an chórais rialaithe náisiúnta i gceist nó níl siad éifeachtach de bharr thromchúis nó mharthanacht na n-easnamh arna n-aimsiú, nó níl an dícheall is gá ag baint le haisghabháil íocaíochtaí neamhrialta;

(b) is de chineál marthanach na heasnaimh dá dtagraítear i bpointe (a) agus ba iad ba chúis le ar a laghad dhá ghníomh cur chun feidhme de bhun Airteagal 54, seachas maoiniú Aontais a bhaineann le caiteachas an Bhallstáit lena mbaineann;

(c) baineann an Coimisiún de thátal nach bhfuil an Ballstát lena mbaineann in inmhe na bearta is gá a chur chun feidhme chun an scéal a leigheas sa neastodhchaí.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá bhforáiltear sa chéad fhomhír i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 112(2).

Cuirfear an laghdú nó an fionraí i bhfeidhm maidir leis an gcaiteachas ábhartha arna dhéanamh ag an ngníomhaireacht íocaíochta i gcás inarb ann do na heasnaimh ar feadh tréimhse a bheidh le cinneadh sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ar tréimhse í nach mbeidh níos faide ná dhá mhí dhéag ach a fhéadfar a fhadú ar feadh tréimhsí eile nach faide ná dhá mhí dhéag má leantar de chomhlíonadh na gcoinníollacha maidir leis an laghdú nó leis an bhfionraí. Ní leanfar den laghdú ná den fhionraí más rud é nach gcomhlíontar na coinníollacha sin a thuilleadh.

Roimh dó na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh, cuirfidh an Coimisiún an Ballstát lena mbaineann ar an eolas faoina rún agus iarrfaidh sé air gníomhú laistigh de thréimhse nach lú ná 30 lá.

Sna cinntí maidir leis na híocaíochtaí míosúla dá dtagraítear in Airteagal 18(3) nó maidir leis na híocaíochtaí eatramhacha dá dtagraítear in Airteagal 35, cuirfear na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh faoin mír seo san áireamh.

3. Déanfar laghduithe agus fionraíochtaí faoin Airteagal seo a chur i bhfeidhm i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta agus beidh siad gan dochar do na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 53 agus Airteagal 54.

4. Beidh laghduithe agus fionraíochtaí faoin Airteagal seo gan dochar d'Airteagail 17, 20 agus 21 de Rialachán (AE) Uimh. RR/xxx.

Déanfar na fionraíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 17 agus Airteagal 20 de Rialachán (AE) Uimh. RR/xxx a chur i bhfeidhm de réir an nós imeachta atá leagtha síos i mír 2 den Airteagal seo.

*Airteagal 44*
**Fionraí íocaíochtaí i gcás faisnéis a thíolacadh déanach**

Nuair a chuireann reachtaíocht talmhaíochta earnálach de cheangal ar Bhallstáit faisnéis a thíolacadh, laistigh de thréimhse shonrach ama, maidir le líon na seiceálacha a rinneadh agus toradh na seiceálacha sin agus nuair a théann na Ballstáit thar an tréimhse sin, féadfaidh an Coimisiún na híocaíochtaí míosúla dá dtagraítear in Airteagal 18 nó na híocaíochtaí eatramhacha dá dtagraítear in Airteagal 35 nár seoladh an fhaisnéis ábhartha staidrimh ina dtaobh in am, féadfaidh sé iad a chur ar fionraí.

*Airteagal 45*
**Ioncam a shannadh**

1. Breathnófar ar an méid seo a leanas mar ioncam sannta de réir bhrí Airteagal [18] de Rialachán (AE) Uimh. RA/xxx:

(a) suimeanna nach mór a íoc le buiséad an Aontais, lena n-áirítear ús orthu, faoi Airteagail 42, 53, 54 agus 56 maidir le caiteachas faoin CERT;

(b) suimeanna a bhailítear nó a aisghabhtar faoi Chaibidil III de Theideal I de Chuid II de Rialachán (AE) Uimh. CEM aonair *ailíniú/xxx* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38];

(c) suimeanna a bailíodh de thoradh pionós i gcomhréir leis na rialacha sonracha atá leagtha síos i reachtaíocht talmhaíochta earnálach, seachas má fhorálann an reachtaíocht sin go sonrach go bhféadfaidh na Ballstáit na suimeanna sin a choimeád;

(d) méideanna a fhreagraíonn do phionóis arna gcur i bhfeidhm i gcomhréir leis na rialacha maidir le tras-chomhlíonadh atá leagtha síos i gCaibidil II de Theideal VI, maidir le caiteachas faoin CERT;

[38] IO L […], […], lch. […].

(e) aon urrús, taisce nó ráthaíocht arna s(h)oláthar de bhun reachtaíocht an Aontais arna glacadh faoi chuimsiú an Chomhbheartais Talmhaíochta, lena n-eisiatar forbairt tuaithe, a fhorghéilltear. Coimeádfaidh na Ballstáit, áfach, na hurrúis forghéillte arna dtaisceadh agus ceadúnais onnmhairiúcháin nó allmhairiúcháin á n-eisiúint nó faoi nós imeachta tairisceana chun a áirithiú go dtíolacann tairgeoirí tairiscintí dáiríre agus chuige sin amháin.

2. Déanfar na suimeanna dá dtagraítear i mír 1 a íoc le buiséad an Aontais agus, i gcás ina n-athúsáidfear iad, úsáidfear iad chun caiteachas an CERT agus an CETFT amháin a mhaoiniú.

3. Beidh feidhm ag an Rialachán seo *mutatis mutandis* maidir le hioncam sannta dá dtagraítear i mír 1.

4. Maidir leis an CERT, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagail [150 agus 151] de Rialachán (AE) Uimh. RA/xxx maidir leis na cuntais ar ioncam sannta dá dtagraítear sa Rialachán seo a choinneáil.

*Airteagal 46*
**Cuntais ar leith a choinneáil**

Coinneoidh gach gníomhaireacht íocaíochta tacar cuntas ar leith do na leithreasaí a iontrálfar i mbuiséad an Aontais don CERT agus don CETFT.

*Airteagal 47*
**Bearta faisnéise a mhaoiniú**

1. Is í an aidhm a bheidh le soláthar faisnéise a mhaoineofar de bhun phointe (e) d'Airteagal 6, go háirithe, cuidiú leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhíniú, a chur chun feidhme agus a fhorbairt agus feasacht an phobail i dtaobh ábhar agus chuspóirí an bheartais sin a ardú, muinín tomhaltóirí a spreagadh arís tar éis géarchéimeanna trí fheachtais faisnéise, feirmeoirí agus daoine eile atá gníomhach i gceantair tuaithe a chur ar an eolas agus múnla Eorpach na talmhaíochta a chur chun cinn agus cuidiú le daoine é a thuiscint.

   Soláthrófar faisnéis chomhtháite oibiachtúil chuimsitheach, laistigh agus lasmuigh den Aontas araon, chun léargas iomlán ar an mbeartas sin a thabhairt.

2. Féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith sna bearta dá dtagraítear i mír 1:

   (a) cláir bhliantúla oibre nó bearta sonracha eile arna gcur i láthair ag tríú páirtithe;

   (b) gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme ar thionscnamh an Choimisiúin.

   Eiseofar na bearta a cheanglaítear le dlí nó na bearta a fhaigheann maoiniú cheana faoi ghníomh eile de chuid an Aontais.

   Chun gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (b) a chur chun feidhme féadfaidh saineolaithe seachtracha a bheith de chúnamh ag an gCoimisiún.

Cuideoidh na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír freisin le cumarsáid chorparáideach a dhéanamh maidir le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais ar choinníoll go mbaineann siad le cuspóirí ginearálta an Rialacháin seo.

3. Faoin 31 Deireadh Fómhair gach bliain foilseoidh an Coimisiún gairm ar thograí a urramóidh na coinníollacha atá leagtha síos i Rialachán (AE) Uimh. RA/xxx.

4. Tabharfar fógra don Choiste dá dtagraítear in Airteagal 112(1) i leith beart a bheartaítear agus a dhéantar de bhun an Airteagail seo.

5. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme an Airteagail seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach dara bliain.

*Airteagal 48*
**Cumhachtaí an Choimisiúin**

1. Chun ioncam arna bhailiú ag gníomhaireachtaí íocaíochta do bhuiséad an Aontais agus íocaíochtaí á ndéanamh acu ar bhonn na ndearbhuithe caiteachais a thíolaic Ballstáit a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 111 maidir leis na coinníollacha faoina bhfuil cineálacha áirithe caiteachais agus ioncaim faoin CERT agus faoin CETFT le cúiteamh.

2. Chun bainistíocht cheart na leithreasaí a iontráiltear i mbuiséad an Aontais don CERT agus don CETFT a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 111 ina mbeidh rialacha a bhaineann le hoibríochtaí idirghabhála poiblí a luacháil agus leis na bearta atá le déanamh i gcás ina gcaillfear táirgí nó ina dtiocfaidh meath orthu faoin idirghabháil phoiblí agus leis na méideanna atá le maoiniú a chinneadh.

3. Chun na leithreasaí atá ar fáil a leithdháileadh go cothrom i measc na mBallstát, i gcás nach mbeidh buiséad an Aontais glactha ag tús na bliana airgeadais nó i gcás ina sáróidh méid iomlán na réamhghealltanas an tairseach atá leagtha síos in Airteagal [150(3)] de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. RA/xxx, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 111 den Rialachán seo maidir leis na forálacha le haghaidh na ngealltanas agus íocaíocht na méideanna.

4. Chun comhsheasmhacht na sonraí ar tugadh fógra ina leith ag na Ballstáit maidir le caiteachas nó maidir le faisnéis eile dá bhforáiltear sa Rialachán seo a fhíorú agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar an oibleagáid maidir le fógra a thabhairt de bhun Airteagal 102, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 111 maidir leis na coinníollacha lena rialaítear laghdú agus fionraí íocaíochtaí leis na Ballstáit, maidir le caiteachas faoin CERT agus faoin CETFT faoi seach.

5. Chun a áirithiú go n-urramófar prionsabal na comhréireachta agus Airteagal 45 á chur i bhfeidhm, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 112 maidir le rialacha faoin méid seo a leanas:

(a) liosta na mbeart a thagann faoi Airteagal 45;

(b) ráta agus tréimhse fhionraíocht na n-íocaíochtaí dá dtagraítear san Airteagal sin;

(c) na coinníollacha chun an fhionraíocht a bhaint.

6. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, tuilleadh mionsonraí faoin oibleagáid atá leagtha síos in Airteagal 46 a leagan síos, chomh maith leis na coinníollacha sonracha a bhfuil feidhm acu maidir leis an bhfaisnéis atá le cur sna cuntais a choinníonn na gníomhaireachtaí íocaíochta. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 112(3).

7. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha maidir leis an méid seo a leanas a ghlacadh:

(a) rialacha maidir le maoiniú agus cuntasaíocht beart idirghabhála i bhfoirm stórála poiblí, agus caiteachas eile a mhaoiníonn an CERT agus an CETFT;

(b) na téarmaí agus na coinníollacha a rialaíonn cur chun feidhme nós imeachta an tsaortha uathoibríoch;

(c) rialacha maidir le híocaíocht úis mhainneachtana arna déanamh ag na Ballstáit leis na tairbhithe dá dtagraítear in Airteagal 42(2).

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá bhforáiltear sa chéad fhomhír i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 112(3).

# Caibidil IV
# Cuntais a imréiteach

## ROINN I
## FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 49*
**Seiceálacha ar an láthair a dhéanann an Coimisiún**

1. Gan dochar do na seiceálacha a dhéanann na Ballstáit faoi dhlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin náisiúnta nó faoi Airteagal 287 den Chonradh nó faoi aon seiceáil a eagraítear faoi Airteagal 322 den Chonradh nó bunaithe ar Rialachán (CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle[39], féadfaidh an Coimisiún seiceálacha ar an láthair a eagrú sna Ballstáit d'fhonn an méid seo a leanas, go háirithe, a fhíorú:

(a) go gcomhlíonann na cleachtais riaracháin rialacha an Aontais;

[39] IO L 292, 15.11.1996, lch. 2.

(b) go bhfuil ann do na doiciméid tacaíochta is gá agus a gcomhghaol leis na hoibríochtaí a mhaoiníonn an CERT nó an CETFT;

(c) na téarmaí faoina ndéantar na hoibríochtaí a mhaoiníonn an CERT nó an CETFT agus faoina seiceáiltear iad.

Na daoine atá ainmnithe ag an gCoimisiún chun seiceálacha ar an láthair a dhéanamh nó na gníomhairí de chuid an Choimisiúin atá ag feidhmiú laistigh de raon feidhme na gcumhachtaí arna dtabhairt dóibh, beidh rochtain acu ar na leabhair agus ar na doiciméid ar fad eile, lena n-áirítear doiciméid agus meiteashonraí arna dtarraingt suas nó arna bhfáil agus arna dtaifeadadh ar mheán leictreonach, a bhaineann le caiteachas a mhaoiníonn an CERT nó an CETFT.

Ní dhéanfaidh na cumhachtaí maidir le seiceálacha ar an láthair a dhéanamh difear do chur i bhfeidhm na bhforálacha náisiúnta a choimeádann gníomhartha áirithe le haghaidh gníomhairí atá ainmnithe go sonrach sa reachtaíocht náisiúnta. Gan dochar d'fhorálacha sonracha Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999[40] agus Rialachán (CE) Uimh. 2185/96, ní bheidh na daoine a ainmníonn an Coimisiún páirteach, *inter alia*, i gcuairteanna baile ná i gceistiú foirmiúil daoine ar bhonn reachtaíocht an Bhallstáit lena mbaineann. Beidh rochtain acu ar an bhfaisnéis a fhaightear ar an mbealach sin, áfach.

2. Tabharfaidh an Coimisiún réamhfhógra leordhóthanach maidir le seiceáil ar an láthair don Bhallstát lena mbaineann nó don Bhallstát a bhfuil an seiceáil le déanamh ar a chríoch. Féadfaidh gníomhairí ón mBallstát lena mbaineann bheith páirteach sna seiceálacha sin.

Ar iarratas ón gCoimisiún agus le comhaontú ón mBallstát, déanfaidh comhlachtaí inniúla an Bhallstáit sin seiceálacha breise nó fiosrúcháin faoi na hoibríochtaí a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Féadfaidh gníomhairí an Choimisiúin nó daoine a ainmníonn an Coimisiún bheith páirteach sna seiceálacha sin.

Chun na seiceálacha a fheabhsú, féadfaidh an Coimisiún, le comhaontú na mBallstát lena mbaineann, cúnamh a iarraidh ó údaráis na mBallstát sin le haghaidh seiceálacha nó fiosrúchán áirithe.

*Airteagal 50*
**Rochtain ar fhaisnéis**

1. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis ar fad ar fáil don Choimisiún is gá le haghaidh feidhmiú rianúil an CERT agus an CETFT, agus déanfaidh siad na bearta iomchuí ar fad is gá chun na seiceálacha a éascú a mheasann an Coimisiún atá oiriúnach i ndáil le maoiniú an Aontais a bhainistiú, lena n-áirítear seiceálacha ar an láthair.

2. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún, ar iarratas uaidh, na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin a ghlac siad chun gníomhartha an Aontais a bhaineann leis an gcomhbheartas talmhaíochta a chur chun feidhme, i gcás ina mbíonn tionchar airgeadais ag na gníomhartha sin ar an CERT nó ar an CETFT.

[40] IO L 136, 31.5.1999, lch. 1

3. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis ar fad ar fáil don Choimisiún faoi neamhrialtachtaí agus faoi chaolaois amhrasta a brathadh, agus faoi na bearta a glacadh chun íocaíochtaí neamhdhlite a aisghabháil i ndáil leis na neamhrialtachtaí agus na calaoisí sin de bhun Roinn III den Chaibidil seo.

*Airteagal 51*
**Rochtain ar dhoiciméid**

Coimeádfaidh na gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe doiciméid tacaíochta a bhaineann le híocaíochtaí a dhéantar agus doiciméid a bhaineann le feidhmíocht na seiceálacha riaracháin agus fisiceacha a cheanglaítear le reachtaíocht an Aontais, agus cuirfidh siad na doiciméid agus an fhaisnéis sin ar fáil don Choimisiún.

I gcás ina gcoimeádann údarás atá ag feidhmiú faoi tharmligean ó ghníomhaireacht íocaíochta agus atá freagrach as caiteachas a údarú, cuirfidh an t-údarás sin tuarascálacha chuig an ngníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe maidir le líon na seiceálacha a rinneadh, ábhar na seiceálacha agus na bearta a glacadh i bhfianaise thorthaí na seiceálacha sin.

*Airteagal 52*
**Cumhachtaí cur chun feidhme**

Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha a leagan síos maidir leis an méid seo a leanas:

(a) na hoibleagáidí sonracha is gá do na Ballstáit a chomhlíonadh i ndáil leis na seiceálacha dá bhforáiltear sa Chaibidil seo;

(b) na hoibleagáidí comhair is gá do na Ballstáit a chomhlíonadh chun Airteagal 49 agus Airteagal 50 a chur chun feidhme.

(c) na rialacha mionsonraithe a bhaineann leis an oibleagáid tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 50(3).

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin dá bhforáiltear sa chéad mhír i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 112(3).

## ROINN II
## IMRÉITEACH

*Airteagal 53*
**Cuntais a imréiteach**

1. Roimh an 30 Aibreán sa bhliain tar éis na bliana buiséadaí i dtrácht agus ar bhonn na faisnéise arna tarchur i gcomhréir le hAirteagal 102(1)(c), déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, cinneadh maidir le cuntais na ngníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe a imréiteach. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 112(2).

2. Cumhdóidh an cinneadh maidir le cuntais a imréiteach dá dtagraítear i mír 1 sláine, cruinneas agus fírinne na gcuntas bliantúil arna gcur isteach. Glacfar an cinneadh gan dochar do chinntí iardain a ghlacfar faoi Airteagal 54.

*Airteagal 54*
**Imréiteach comhréireachta**

1. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, faoi na méideanna atá le heisiamh ó mhaoiniú an Aontais i gcás ina bhfaigheann sé amach nár tabhaíodh an caiteachas mar atá léirithe in Airteagal 4(1) agus in Airteagal 5, i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, agus, i gcás an CETFT, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 77 de Rialachán (AE) Uimh. RR/xxx. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 112(2).

2. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na méideanna atá le heisiamh ar bhonn a thromchúisí atá an neamhchomhlíonadh a taifeadadh. Tabharfaidh sé aird chuí ar an gcineál sáraithe, ar a thromchúisí atá sé, agus ar an damáiste atá déanta don Aontas i dtéarmaí airgeadais.

3. Sula nglacfar aon chinneadh maoiniú a dhiúltú, déanfar cinntí chigireacht an Choimisiúin mar aon le freagraí an Bhallstáit a chur in iúl i scríbhinn, agus ina dhiaidh sin féachfaidh an dá pháirtí le teacht ar chomhaontú i leith na mbeart atá le déanamh.

   Mura dtagtar ar chomhaontú, féadfaidh an Ballstát a iarraidh go n-osclófar nós imeachta atá dírithe ar sheasamh an dá pháirtí a thabhairt chun réitigh laistigh de cheithre mhí. Tabharfar tuairisc faoi thoradh an nós imeachta don Choimisiún, agus déanfaidh sé í a scrúdú sula ndéanfaidh sé cinneadh faoi mhaoiniú a dhiúltú.

4. Ní féidir maoiniú a dhiúltú do na nithe seo a leanas:

   (a) caiteachas mar atá léirithe in Airteagal 4(1) a thabhaítear níos mó ná 24 mí roimh don Choimisiún fógra a thabhairt don Bhallstát i scríbhinn faoi chinntí a chigireachta;

   (b) caiteachas ar bhearta ilbhliantúla a thagann faoi raon feidhme Airteagal 4(1) nó faoi raon feidhme na gclár mar atá léirithe in Airteagal 5, i gcás ina gcuirtear an oibleagáid dheireanach ar an bhfaighteoir níos mó ná 24 mí roimh don Choimisiún fógra a thabhairt don Bhallstát i scríbhinn faoi chinntí a chigireachta;

   (c) caiteachas ar bhearta i gcláir, mar atá léirithe in Airteagal 5, seachas na bearta sin dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo, i gcás ina ndéantar an íocaíocht nó an íocaíocht dheireanach ón ngníomhaireacht íocaíochta níos mó ná 24 mí roimh don Choimisiún fógra a thabhairt don Bhallstát i scríbhinn faoi chinntí a chigireachta.

5. Ní bheidh feidhm ag mír 4 maidir leis na nithe seo a leanas:

   (a) neamhrialtachtaí a chumhdaítear i Roinn III den Chaibidil seo;

(b) cabhair náisiúnta nó sáruithe a bhfuil tús curtha leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 108 nó in Airteagal 258 den Chonradh faoi seach ina leith;

(c) sáruithe na mBallstát ar a n-oibleagáidí faoi Chaibidil III de Theideal V den Rialachán seo, ar choinníoll go dtugann an Coimisiún fógra don Bhallstát i scríbhinn faoi chinntí a chigireachta laistigh de 12 mhí ón uair a fhaigheann sé tuarascáil an Bhallstáit maidir le torthaí na seiceálacha ar an gcaiteachas i dtrácht.

*Airteagal 55*
**Cumhachtaí cur chun feidhme**

Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha maidir le cur chun feidhme an mhéid seo a leanas a leagan síos:

(a) an t-imréiteach cuntas dá bhforáiltear in Airteagal 53 i ndáil leis na bearta atá le déanamh i dtaobh an cinneadh a ghlacadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear an malartú faisnéise idir an Coimisiún agus na Ballstáit agus na spriocdhátaí atá le hurramú;

(b) an t-imréiteach comhréireachta dá bhforáiltear in Airteagal 54 i ndáil leis na bearta atá le déanamh i dtaobh an cinneadh a ghlacadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear an malartú faisnéise idir an Coimisiún agus na Ballstáit agus na spriocdhátaí atá le hurramú mar aon leis an nós imeachta idir-réitigh dá bhforáiltear san Airteagal sin, lena n-áirítear suíomh, cúraimí, déanamh agus socruithe oibre an chomhlachta idir-réitigh.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin dá bhforáiltear sa chéad mhír i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 112(3).

## ROINN III
## NEAMHRIALTACHTAÍ

*Airteagal 56*
**Forálacha Coiteanna**

1. Má dhéantar íocaíocht neamhdhlite tar éis neamhrialtachta nó faillí, déanfaidh na Ballstáit iarratas ar aisghabháil ón tairbhí laistigh de bhliain amháin ón uair a léiríodh den chéad uair go raibh ann do neamhrialtacht agus déanfaidh siad na méideanna comhfhreagracha a thaifeadadh i mórleabhar na bhféichiúnaithe atá ag an ngníomhaireacht íocaíochta.

2. Mura bhfuil an íocaíocht aisghafa laistigh de cheithre bliana ón dáta a fhaightear an t-iarratas ar aisghabháil, nó laistigh d'ocht mbliana i gcás ina gcuirtear an aisghabháil faoi bhráid na gcúirteanna náisiúnta, is ar an mBallstát lena mbaineann a bheidh iarmhairtí airgeadais na neamh-aisghabhála, gan dochar don cheanglas atá ar an mBallstát lena mbaineann dul i mbun nósanna imeachta aisghabhála d'fhonn Airteagal 60 a chomhlíonadh.

I gcás ina dtaifeadtar in ionstraim riaracháin nó dhlíthiúil de chineál cinntitheach nach ann do neamhrialtacht, i gcomhthéacs an nós imeachta aisghabhála, maífidh an Ballstát lena mbaineann don CERT agus don CETFT gur caiteachas é an t-ualach airgeadais atá air de réir na chéad fhomhíre.

3. Ar mhórchúiseanna cuí-réasúnaithe, féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan aisghabháil a lorg. Ní féidir an cinneadh sin a dhéanamh ach sna cásanna seo a leanas:

(a) más mó ná an méid atá le haisghabháil na costais iomlána atá ann cheana féin nó na costais is dócha a thabhófar, nó

(b) mura bhfuil an aisghabháil indéanta de bharr dhócmhainneacht, arna taifeadadh agus arna haithint faoin dlí náisiúnta, an fhéichiúnaí nó na ndaoine a bhfuil freagracht dhlíthiúil orthu as an neamhrialtacht.

I gcás ina nglactar an cinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo sula gcuirtear an méid atá gan íoc faoi réir na rialacha dá dtagraítear i mír 2, is ar bhuiséad an Aontais a bheidh iarmhairt airgeadais na neamh-aisghabhála.

4. Cuirfidh na Ballstáit na méideanna atá le híoc acu faoi mhír 2 den Airteagal seo isteach sna cuntais bhliantúla atá le cur chuig an gCoimisiún faoi Airteagal 102(1)(c)(iv). Seiceálfaidh an Coimisiún go bhfuil an méid sin déanta, agus déanfaidh siad aon choigeartú is gá mar chuid den ghníomh cur chun feidhme atá sonraithe in Airteagal 53(1).

5. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, cinneadh a dhéanamh suimeanna arna ngearradh ar bhuiséad an Aontais a eisiamh ó mhaoiniú an Aontais sna cásanna seo a leanas:

(a) murar urramaigh an Ballstát na teorainneacha ama dá dtagraítear i mír 1;

(b) má mheasann sé nach bhfuil bonn cuí leis an gcinneadh atá glactha ag Ballstát gan aisghabháil a lorg de bhun mhír 3;

(c) má mheasann sé gur toradh an neamhrialtacht nó an easpa aisghabhála ar neamhrialtacht nó faillí arb iad na húdaráis riaracháin nó comhlacht oifigiúil eile de chuid an Bhallstáit is cúis léi.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá bhforáiltear sa chéad fhomhír i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 112(2). Sula nglacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin, beidh feidhm ag an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 54(3).

*Airteagal 57*

**Forálacha a bhaineann go sonrach leis an CERT**

Íocfar na suimeanna a aisghabháiltear tar éis neamhrialtachta nó faillí agus an t-ús ar na suimeanna sin leis an ngníomhaireacht íocaíochta agus cláróidh an ghníomhaireacht iad mar ioncam arna shannadh don CERT sa mhí chéanna a fhaightear an t-airgead.

Nuair a chuirtear buiseád an Aontais chun sochair, mar a thagraítear dó sa chéad mhír, féadfaidh an Ballstát 10 % de na méideanna comhfhreagracha a choimeád mar chostais aisghabhála ar ráta comhréidh, ach amháin i gcás neamhrialtachta nó faillí arb iad údaráis riaracháin nó comhlachtaí oifigiúla eile an Bhallstáit sin is cúis leo.

*Airteagal 58*
**Forálacha a bhaineann go sonrach leis an CETFT**

Déanfaidh na Ballstáit coigeartuithe airgeadais i gcás ina mbraitear neamhrialtachtaí nó faillí in oibríochtaí forbartha tuaithe nó i gcláir, tríd an maoiniú i dtrácht ón Aontas a chur ar ceal i bpáirt nó ina iomláine. Cuirfidh na Ballstáit san áireamh na cineálacha neamhrialtachtaí a bhraitear agus a thromchúisí atá siad, agus leibhéal an chaillteanais airgeadais ó thaobh an CETFT de.

Déanfar na méideanna de mhaoiniú an Aontais a rinneadh faoi CETFT a chuirtear ar ceal agus na méideanna a aisghabháiltear, chomh maith leis an ús ar na méideanna sin, a athdháileadh ar an gclár lena mbaineann. Mar sin féin, féadfaidh Ballstáit na cistí Aontais a cuireadh ar ceal nó a aisghabhadh a athúsáid le haghaidh oibríochta faoin gclár forbartha tuaithe céanna ar choinníoll nach n-athdháiltear na cistí ar oibríochtaí a bhí faoi réir coigeartaithe airgeadais. Nuair a dhúntar clár forbartha tuaithe, aisíocfaidh an Ballstát na suimeanna arna n-aisghabháil le buiséad an Aontais.

*Airteagal 59*
**Cumhachtaí tarmligthe**

Chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm ar bhealach ceart éifeachtach na forálacha a bhaineann le haisghabháil atá leagtha amach sa Roinn seo, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 111 maidir le hoibleagáidí sonracha a bheidh le comhlíonadh ag na Ballstáit.

# TEIDEAL V
# CÓRAIS RIALAITHE AGUS PIONÓIS

## Caibidil I
## Rialacha ginearálta

*Airteagal 60*
**Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint**

1. Glacfaidh na Ballstáit, faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta, na forálacha reachtacha, rialúcháin agus riaracháin ar fad is gá agus glacfaidh siad aon bhearta eile is gá chun cosaint éifeachtach a áirithiú do leasanna airgeadais an Aontais, go háirithe i dtaobh an mhéid seo a leanas:

   (a) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-oibríochtaí a mhaoiníonn an CERT agus an CETFT a sheiceáil;

   (b) cosaint éifeachtach a thairiscint i gcoinne calaoise, go háirithe maidir leis na réimsí a mbaineann leibhéal níos airde riosca leo, ar bac í an chosaint sin, ag féachaint do na costais agus do na sochair chomh maith le comhréireacht na mbeart;

   (c) neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhraith agus a cheartú;

   (d) pionóis a ghearradh atá éifeachtach athcomhairleach agus comhréireach i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, nó ina éagmais sin, leis an dlí náisiúnta, agus imeachtaí dlí a thionscnamh chuige sin, de réir mar is gá;

   (e) íocaíochtaí neamhdhlite móide ús a aisghabháil, agus imeachtaí dlí a thionscnamh chuige sin de réir mar is ga.

2. Bunóidh na Ballstáit córais éifeachtacha bhainistíochta agus rialaithe chun comhlíonadh na reachtaíochta a rialaíonn scéimeanna tacaíochta an Aontais a áirithiú.

3. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi na forálacha arna nglacadh agus faoi na bearta arna ndéanamh faoi mhír 1 agus mír 2.

   Aon choinníollacha a bhunaíonn na Ballstáit chun na coinníollacha a leagtar síos le rialacha an Aontais maidir le tacaíocht a fháil ón CERT nó ón CETFT a fhorlíonadh, beidh na coinníollacha sin infhíoraithe.

4. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha a ghlacadh d'fhonn chur i bhfeidhm aonfhoirmeach mhír 1 agus mhír 2 den Airteagal seo a bhaint amach.

   Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 112(3).

*Airteagal 61*
**Prionsabail ghinearálta seiceálacha**

1. Áireofar sa chóras arna bhunú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 60(2) seiceáil chórasach riaracháin na n-iarratas ar chabhair agus déanfar iad a fhorlíonadh le seiceálacha ar an láthair, ach amháin nuair a fhoráiltear a mhalairt.

2. Maidir leis na seiceálacha ar an láthair, glacfaidh an t-údarás atá freagrach a shampla seiceála as measc na n-iarratasóirí ar fad agus beidh cuid den sampla sin randamach agus cuid de rioscabhunaithe, nuair is iomchuí, chun teacht ar ráta earráide ionadaíoch, agus ag díriú ar na hearráidí is tromchúisí an tráth céanna.

3. Tarraingeoidh an t-údarás atá freagrach suas tuarascáil seiceála ar gach seiceáil ar an láthair.

4. Nuair is iomchuí, déanfar na seiceálacha ar fad ar an láthair dá bhforáiltear i rialacha an Aontais maidir le fóirdheontais talmhaíochta agus tacaíocht forbartha tuaithe an tráth céanna.

*Airteagal 62*
**Clásal imchéimniúcháin**

Gan dochar d'fhorálacha sonracha, ní dheonófar aon bhuntáiste dá bhforáiltear faoin reachtaíocht talmhaíochta earnálach i bhfabhar duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a shuífear ina leith gur go saorga a cruthaíodh na dálaí is gá chun na buntáistí sin a fháil, contrártha le cuspóirí na reachtaíochta sin.

*Airteagal 63*
**Comhoiriúnacht scéimeanna tacaíochta chun críocha seiceálacha**

Chun críocha na scéimeanna tacaíochta a chur i bhfeidhm in earnáil na fíona faoi mar a dtagraítear dó i Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx[CEM aonair], áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil na nósanna imeachta riaracháin agus rialaithe a chuirtear i bhfeidhm ar na scéimeanna sin ag teacht leis an gcóras comhtháite dá dtagraítear i gCaibidil II den Teideal seo maidir leis na heilimintí seo a leanas:

(a) an bunachar sonraí ríomhairithe;

(b) na córais aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta;

(c) na seiceálacha riaracháin.

Ceadóidh na nósanna imeachta feidhmiú coiteann nó malartú sonraí leis an gcóras comhtháite.

*Airteagal 64*
**Cumhachtaí an Choimisiúin maidir le seiceálacha**

1. Chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm ar bhealach ceart éifeachtach na seiceálacha agus go ndéanfar comhlíonadh na gcoinníollacha incháilitheachta a fhíorú ar

bhealach éifeachtach comhtháite agus neamh-idirdhealaitheach a chosnóidh leas airgeadais an Aontais, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 111 maidir leis na cásanna ina gcuireann tairbhithe nó a n-ionadaithe cosc le seiceálacha a dhéanamh.

2. Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha is gá a ghlacadh d'fhonn cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na Caibidle seo a bhaint amach san Aontas. Bainfidh na rialacha sin leis an méid seo a leanas, go háirithe:

(a) na rialacha maidir le seiceálacha riaracháin agus seiceálacha ar an láthair atá le déanamh ag na Ballstáit maidir le hurramú oibleagáidí, gealltanas agus critéar incháilitheachta a bhaineann le cur i bhfeidhm reachtaíocht an Aontais;

(b) na rialacha maidir le híosleibhéal na seiceálacha ar an láthair is gá chun na rioscaí a bhainistiú go héifeachtach, mar aon leis na dálaí faoina mbeidh ar na Ballstáit líon na seiceálacha sin a mhéadú, nó faoinar féidir leo an líon a laghdú i gcás ina bhfeidhmíonn na córais bhainistíochta agus rialaithe go cuí agus ina bhfuil na rátaí earráide ar leibhéal atá inghlactha;

(c) na rialacha agus na modhanna maidir le tuairisc a thabhairt ar na seiceálacha agus ar an bhfíorú a rinneadh agus ar thorthaí na seiceálacha agus an fhíoraithe sin;

(d) na húdaráis atá freagrach as na seiceálacha a dhéanamh ar chomhlíonadh agus as an t-ábhar, an mhinicíocht agus an chéim margaíochta a mbeidh feidhm ag na seiceálacha sin ina leith;

(e) i gcás ina n-éilíonn riachtanais shonracha le haghaidh bhainistiú cuí an chórais a leithéid, rialacha lena dtugtar isteach ceanglais bhreise i ndáil le nósanna imeachta custaim, go háirithe mar atá leagtha síos i Rialachán (CE) Uimh. 450/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41];

(f) maidir le cnáib dá dtagraítear in Airteagal 38 de Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx [ÍD], rialacha maidir le bearta sonracha rialaithe agus modhanna chun leibhéil teitrihidreacannaibionóil a chinneadh;

(g) maidir le cadás dá dtagraítear in Airteagal 42 de Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx [ÍD], córas le haghaidh seiceálacha ar na heagraíochtaí formheasta idirchraoibhe;

(h) maidir le fíon dá dtagraítear in Rialachán (AE) Uimh. CEM aonair/xxx, rialacha maidir le limistéir a thomhas, agus rialacha a bhaineann le seiceála agus rialacha lena rialaítear na nósanna imeachta airgeadais sonracha chun seiceálacha a fheabhsú;

(i) na tástálacha agus na modhanna atá le cur i bhfeidhm chun incháilitheacht táirgí a shuíomh le haghaidh idirghabhála poiblí agus stórála príobháidí, mar aon le húsáid nósanna imeachta tairisceana, le haghaidh idirghabhála poiblí agus stórála príobháidí araon.

[41] IO L 145, 4.6.2008, lch. 1.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá bhforáiltear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 112(3) nó san Airteagal comhfhreagrach de Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx[ÍD], Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx[FT] nó Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx[CEM aonair] faoi seach.

*Airteagal 65*
**Cabhair a tharraingt siar, a laghdú agus a eisiamh**

1. I gcás ina bhfaightear amach nach gcomhlíonann tairbhí na critéir incháilitheachta nó na gealltanais a bhaineann leis na coinníollacha maidir leis an gcabhair a dheonú dá bhforáiltear sa reachtaíocht talmhaíochta earnálach, tarraingeofar siar an chabhair ina hiomláine nó i bpáirt.

2. I gcás ina bhforálann dlí an Aontais amhlaidh, cuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm freisin pionóis i bhfoirm laghduithe nó eisiamh ó íocaíocht nó ó chuid den íocaíocht a deonaíodh nó atá le deonú a bhfuil na critéir incháilitheachta nó na gealltanais comhlíonta ina leith.

   Céimneofar méid an laghdaithe ar an gcabhair de réir dhéine, mhéid, fhad agus minicíocht an neamhchomhlíonta a aimsítear, agus d'fhéadfadh eisiamh iomlán a bheith ann ó scéim cabhrach amháin nó níos mó nó ó bhearta tacaíochta le haghaidh bliana amháin nó níos mó.

3. Déanfar na méideanna a bhaineann leis an tarraingt siar dá dtagraítear i mír 1 agus leis na pionóis dá dtagraítear i mír 2 a aisghabháil ina n-iomláine.

*Airteagal 66*
**Cumhachtaí an Choimisiúin maidir le pionóis**

1. Chun cothromaíocht a bhaint amach idir éifeacht dhíspreagthach muirear agus pionós atá le gearradh i gcás nach gcomhlíontar aon cheann de na hoibleagáidí de thoradh chur i bhfeidhm na reachtaíochta talmhaíochta earnálaí ar thaobh amháin, agus cur i bhfeidhm solúbtha an chórais ar an taobh eile, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 111 i ndáil leis na rialacha agus na coinníollacha maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) fionraí an chirt a bheith páirteach i scéim cabhrach, eisiamh agus fionraí íocaíochta nó laghdú an ráta is infheidhme maidir le cabhair, le híocaíochtaí nó le haisíocaíochtaí nó le pionós ar bith eile, go háirithe i gcás nár urramaíodh teorainneacha ama, i gcás nach bhfuil an táirge, an méid nó an chainníocht i gcomhréir leis an iarratas, i gcás nach ndearnadh meastóireacht ar scéim nó nár tugadh fógra maidir le faisnéis, inar tugadh fógra mícheart nó nár tugadh an fógra in am;

   (b) laghdú na híocaíochta leis na Ballstáit maidir lena gcaiteachas talmhaíochta i gcás nár cloíodh leis na teorainneacha ama atá leagtha síos chun an ranníocaíocht le híocaíocht an tobhaigh bharrachais a aisghabháil, nó fionraí íocaíochtaí míosúla i gcás nach gcuireann na Ballstáit faisnéis chuig an

gCoimisiún, nó nach gcuireann siad an fhaisnéis in am, nó ina gcuireann siad faisnéis mhícheart chuige;

(c) an méid breise, na muirir bhreise nó an ráta úis atá le cur i bhfeidhm i gcás calaoise, neamhrialtachta, easpa cruthúnais gur comhlíonadh oibleagáid nó i gcás dearbhuithe nach ndearnadh laistigh de na teorainneacha ama;

(d) na coinníollacha maidir le hurrúis a thaisceadh, a scaoileadh agus a fhorghéilleadh mar aon leis an ráta laghdaithe atá le cur i bhfeidhm maidir le scaoileadh urrús le haghaidh aisíocaíochtaí, ceadúnas, tairiscintí, forthairiscintí nó iarratas sonrach i gcás nár comhlíonadh i bpáirt nó ina hiomláine oibleagáid arna cumhdach ag an urrús sin;

(e) na Ballstáit ag coinneáil na méideanna arna n-aisghabháil mar phionóis;

(f) eisiamh oibreora nó iarratasóra ó idirghabháil phoiblí agus stóráil phríobháideach, ón gcóras iarratas ar cheadúnais, nó ó na córais chuótaí taraife i gcás calaoise nó i gcás ina dtíolactar faisnéis mhícheart;

(g) aistarraingt nó fionraí formheasa nó aitheantais, go háirithe nuair nach n-urramaíonn oibreoir, eagraíocht táirgeoirí, comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, grúpa táirgeoirí nó eagraíocht idirchraoibhe na coinníollacha atá de cheangal orthu nó nuair nach gcomhlíonann siad a thuilleadh na coinníollacha sin, lena n-áirítear nuair nach dtugann siad fógraí;

(h) cur i bhfeidhm pionós náisiúnta iomchuí ar oibreoirí a tháirgeann os cionn na gcuótaí;

(i) earráidí follasacha, force majeure agus imthosca eisceachtúla.

2. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, an méid seo a leanas:

(a) na nósanna imeachta agus na critéir theicniúla a bhaineann leis na bearta agus na pionóis dá dtagraítear i mír 1 i gcás ina mbraitear neamhchomhlíonadh aon cheann de na hoibleagáidí de thoradh chur i bhfeidhm na reachtaíochta ábhartha;

(b) na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le haisghabháil íocaíochtaí neamhdhlite de thoradh chur i bhfeidhm na reachtaíochta ábhartha.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá bhforáiltear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 112(3) nó san Airteagal comhfhreagrach de Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx[ÍD], Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx[FT] nó Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx[CEM aonair] faoi seach.

*Airteagal 67*
**Urrúis**

1. Déanfaidh na Ballstáit, nuair a fhorálann an reachtaíocht talmhaíochta earnálach amhlaidh, iarratas ar urrús a thaisceadh a ráthóidh go gcomhlíonfar oibleagáid faoi reachtaíocht talmhaíochta earnálach.

2. Seachas i gcásanna *force majeure*, forghéillfear an t-urrús ina iomláine nó i bpáirt i gcás nach gcuirtear oibleagáid ar leith i gcrích nó mura ndéantar é a chur i gcrích ach i bpáirt.

3. Nuair a bheidh urrús á thaisceadh, chun a áirithiú go gcaithfear leis go neamh-idirdhealaitheach agus chun cothromas agus urramú phrionsabal na comhréireachta a áirithiú agus sin á dhéanamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 111 maidir le rialacha a bhaineann leis an méid seo a leanas:

   (a) brí na dtéarmaí chun an chéad mhír agus an dara mír a chur i bhfeidhm;

   (b) an té atá freagrach i gcás nach gcomhlíontar oibleagáid;

   (c) cásanna sonracha nuair is féidir leis an údarás inniúil an gá le hurrús a sholáthar a tharscaoileadh;

   (d) na coinníollacha a bhaineann leis an urrús atá le taisceadh agus leis an ráthóir;

   (e) coinníollacha sonracha a bhaineann leis an urrús arna thaisceadh faoi chuimsiú réamhíocaíochtaí;

   (f) na príomhcheanglais, na ceanglais thánaisteacha nó na focheanglais i ndáil le hurrúis, mar aon leis na hiarmhairtí a bhaineann le sárú na gceanglas sin.

4. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha a ghlacadh maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) an cineál urrúis atá le taisceadh agus an nós imeachta maidir leis an urrús a thaisceadh, maidir le glacadh leis, agus maidir le hurrús nua a chur in ionad an bhunurrúis;

   (b) na nósanna imeachta maidir le hurrús a scaoileadh;

   (c) na fógraí atá le tabhairt ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún.

   Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 112(3) nó san Airteagal comhfhreagrach de Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx[ÍD], Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx[FT] nó Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx[CEM aonair] faoi seach.

# Caibidil II
# Córas comhtháite riaracháin agus rialaithe

*Airteagal 68*
**Raon feidhme**

1. Bunóidh gach Ballstát córas comhtháite riaracháin agus rialaithe (an 'córas comhtháite' anseo feasta) agus oibreoidh sé an córas sin.

2. Beidh feidhm ag an gcóras comhtháite maidir leis na scéimeanna tacaíochta atá liostaithe in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx [ÍD] agus maidir leis an tacaíocht arna deonú i gcomhréir le hAirteagal 22(1)(a) agus (b), Airteagal 29 go 32, Airteagal 34 agus Airteagal 35 de Rialachán xxx/xxx [FT] agus, nuair is infheidhme, Airteagal 28(1)(b) de Rialachán (AE) RR/xxx.

   Ní bheidh feidhm ag an gCaibidil seo, áfach, maidir leis na bearta dá dtagraítear in Airteagal 29(9) de Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx[FT] agus maidir le bearta faoi Airteagal 22(1)(a) agus (b) den Rialachán sin a mhéid agus a bhaineann le costas an bhunaithe.

3. Beidh feidhm ag an gcóras comhtháite a mhéid is gá maidir leis an tras-chomhlíonadh, mar atá leagtha síos i dTeideal VI.

*Airteagal 69*
**Eilimintí den chóras comhtháite**

1. Beidh na heilimintí seo a leanas sa chóras comhtháite:

   (a) bunachar sonraí ríomhairithe;

   (b) córas aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta;

   (c) córas chun teidlíochtaí íocaíochta a aithint agus a chlárú;

   (d) iarratais ar chabhair;

   (e) córas comhtháite rialaithe;

   (f) córas aonair chun taifeadadh a dhéanamh ar chéannacht gach tairbhí den tacaíocht dá dtagraítear in Airteagal 68(2) a chuireann isteach iarratas ar chabhair nó éileamh íocaíochta.

2. I gcás inarb infheidhme, ionchorprófar sa chóras comhtháite córas chun ainmhithe a aithint agus a chlárú arna shuíomh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ó

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[42] agus Rialachán (CE) Uimh. 21/2004 ón gComhairle[43].

3. Gan dochar do fhreagrachtaí na mBallstát maidir leis an gcóras comhtháite a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm, féadfaidh an Coimisiún cabhair a lorg ó chomhlachtaí speisialaithe nó ó dhaoine speisialaithe chun suíomh, faireachán agus úsáid an chórais chomhtháite a éascú, go háirithe d'fhonn comhairle theicniúil a sholáthar d'údaráis inniúla na mBallstát, i gcás ina n-iarrfadh siad é.

*Airteagal 70*
**Bunachar sonraí ríomhairithe**

1. Déanfar taifeadadh sa bhunachar sonraí ríomhairithe, i gcás gach tairbhí den tacaíocht dá dtagraítear in Airteagal 68(2), ar na sonraí a fhaightear ó iarratais ar chabhair agus ó éilimh íocaíochta.

   Leis an mbunachar sonraí sin, féadfar na sonraí a bhaineann leis na blianta féilire/blianta margaíochta ó 2000 amach a cheadú trí údarás inniúil an Bhallstáit. Beifear in ann freisin na sonraí a bhaineann leis na cúig bliana féilire roimhe sin, ar a laghad, a cheadú.

2. Féadfaidh na Ballstáit bunachair shonraí dhíláraithe a bhunú ar choinníoll go ndeartar na bunachair shonraí sin, mar aon leis na nósanna imeachta maidir le sonraí a thaifeadadh agus a rochtain, ar bhonn aonchineálach ar fud chríoch an Bhallstáit agus ar choinníoll go bhfuil siad ag luí lena chéile ionas gur féidir cros-seiceálacha a dhéanamh.

*Airteagal 71*
**Córas aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta**

Bunófar an córas aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta ar bonn léarscáileanna nó ar dhoiciméad de chuid chlárlann na talún nó ar thagairtí cartagrafacha eile. Bainfear úsáid as teicnící córas ríomhairithe um fhaisnéis gheografach, lena n-áirítear orta-íomhánna aeróige nó spásúil, le caighdeán aonchineálach a ráthaíonn cruinneas atá comhionann ar a laghad le cartagrafaíocht ar scála 1:5000.

*Airteagal 72*
**Córas chun teidlíochtaí íocaíochta a aithint agus a chlárú**

1. Faoin gcóras chun teidlíochtaí íocaíochta a aithint agus a chlárú, beifear in ann na teidlíochtaí a fhíorú agus cros-seiceálacha a dhéanamh leis na hiarratais ar chabhair agus leis an gcóras aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta.

---

42 IO L 204, 11.8.2000, lch. 1.
43 IO L 5, 9.1.2004, lch. 8.

2. Leis an gcóras dá dtagraítear i mír 1, féadfar na sonraí a bhaineann leis na ceithre bliana féilire roimhe sin ar a laghad a cheadú go díreach agus ar an bpointe trí údarás inniúil an Bhallstáit.

*Airteagal 73*
**Iarratais ar chabhair agus éilimh íocaíochta**

1. Gach bliain, cuirfidh tairbhí den tacaíocht dá dtagraítear in Airteagal 68(2) iarratas isteach ar íocaíochtaí díreacha nó éileamh íocaíochta don limistéar ábhartha agus do na bearta forbartha tuaithe a bhaineann le hainmhithe agus luafar ann, nuair is infheidhme:

   (a) na dáileachtaí talmhaíochta ar fad ar an ngabháltas, mar aon leis an limistéar neamhthalmhaíochta a n-éilítear tacaíocht dó i gcomhréir le hAirteagal 68(2);

   (b) na teidlíochtaí íocaíochta a dhearbhaítear le haghaidh gníomhachtú;

   (c) faisnéis ar bith eile dá bhforáiltear sa Rialachán seo nó a cheanglaítear d'fhonn an reachtaíocht talmhaíochta earnálach ábhartha a chur chun feidhme nó a éilíonn an Ballstát lena mbaineann.

   Maidir leis an íocaíocht a bhaineann le limistéar, déanfaidh gach Ballstát an t-íosmhéid a chinneadh maidir leis na dáileachtaí talmhaíochta ar féidir iarratas a dhéanamh ar a son. Mar sin féin, ní bheidh an t-íosmhéid sin níos mó ná 0.3 heicteár.

   De mhaolú ar phointe (a) den chéad fhomhír, maidir le feirmeoir nach gcuireann iarratas isteach ar aon íocaíocht dhíreach atá bunaithe ar limistéar, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nach gá d'fheirmeoir mar sin a chuid dáileachtaí talmhaíochta a dhearbhú i gcás nach mó ná aon heicteár amháin an limistéar iomlán. Cuirfidh an feirmeoir sin in iúl ina iarratas, áfach, go bhfuil dáileachtaí talmhaíochta faoina réir aige agus, arna iarraidh sin do na húdaráis inniúla, cuirfidh sé suíomh na ndáileachtaí sin in iúl.

2. Soláthróidh na Ballstáit, *inter alia*, trí mheán leictreonach, foirmeacha réamhshuite bunaithe ar na limistéir a cinneadh an bhliain roimhe sin mar aon le hábhar grafach a léiríonn cá bhfuil na limistéir sin. Féadfaidh Ballstát a chinneadh nach gá a áireamh san iarratas ar chabhair ach athruithe ar an iarratas ar chabhair a cuireadh isteach an bhliain roimhe sin. Mar sin féin, maidir le scéim na bhfeirmeoirí beaga dá bhforáiltear i dTeideal V de Rialachán (AE) Uimh. ÍD/xxx, tabharfar an deis sin do na feirmeoirí ar fad lena mbaineann.

3. Féadfaidh Ballstát a chinneadh go gcumdóidh iarratas amháin roinnt scéimeanna tacaíochta agus beart nó na scéimeanna tacaíochta nó bearta ar fad dá dtagraítear in Airteagal 68 nó scéimeanna tacaíochta agus bearta eile.

*Airteagal 74*
**Córas chun tairbhithe a aithint**

Ráthófar leis an gcóras aonair chun céannacht gach tairbhí den tacaíocht dá dtagraítear in Airteagal 68(2) a thaifeadadh, gur féidir na hiarratais ar chabhair agus na héilimh íocaíochta ar fad a chuireann an tairbhí céanna isteach a aithint amhlaidh.

*Airteagal 75*
**Coinníollacha incháilitheachta agus laghduithe a fhíorú**

1. I gcomhréir le hAirteagal 61, déanfaidh na Ballstáit, tríd na gníomhaireachtaí íocaíochta nó na comhlachtaí arna n-ainmniú acu, seiceálacha riaracháin ar an iarratas ar chabhair chun na coinníollacha incháilitheachta don chabhair sin a fhíorú. Déanfar seiceálacha ar an láthair chomh maith leis na seiceálacha sin.

2. Chun críche na seiceálacha ar an láthair, tarraingeoidh na Ballstáit suas plean samplála de na gabháltais talmhaíochta agus/nó de na tairbhithe.

3. Féadfaidh na Ballstáit teicnící cianbhraiteachta agus teicnící an Chórais Dhomhanda um Loingseoireacht Satailíte a úsáid chun seiceálacha ar an láthair a dhéanamh ar dháileachtaí talmhaíochta.

4. I gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha incháilitheachta, beidh feidhm ag Airteagal 65.

*Airteagal 76*
**Íocaíocht le tairbhithe**

1. Déanfar na híocaíochtaí faoi na scéimeanna tacaíochta agus bearta dá dtagraítear in Airteagal 68(2) sa tréimhse idir an 1 Nollaig agus an 30 Meitheamh sa bhliain dar gcionn.

   Déanfar na híocaíochtaí in dhá thráthchuid sa tréimhse sin.

   Féadfaidh na Ballstáit réamhíocaíochtaí suas le 50 % a dhéanamh i leith na n-íocaíochtaí díreacha agus 75 % i leith na tacaíochta a deonaíodh faoi fhorbairt tuaithe dá dtagraítear in Airteagal 68(2) roimh an 1 Nollaig agus tráth nach luaithe ná an 16 Deireadh Fómhair.

2. Ní dhéanfar na híocaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 sula mbeidh fíorú chomhlíonadh na gcoinníollacha incháilitheachta, a bheidh ar na Ballstáit a dhéanamh de bhun Airteagal 75, tugtha chun críche.

*Airteagal 77*
**Cumhachtaí tarmligthe**

1. Chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm an córas comhtháite dá bhforáiltear sa Chaibidil seo ar bhealach éifeachtúil comhleanúnach agus neamh-idirdhealaitheach a chosnaíonn leasanna airgeadais an Aontais, tabharfar de chumhacht don Choimisiún

gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 111 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) na sainmhínithe sonracha is gá chun cur chun feidhme comhchuibhithe an chórais chomhtháite a áirithiú;

(b) rialacha maidir le haon bhearta breise atá le déanamh ag na Ballstáit chun an Chaibidil seo a chur i bhfeidhm go cuí agus chun socruithe a dhéanamh i dtaobh aon chúnaimh fhrithpháirtigh atá ag teastáil idir na Ballstáit.

2. Chun a áirithiú go ndáiltear na cistí ó na hiarratais ar chabhair dá bhforáiltear in Airteagal 73 i gceart ar na tairbhithe atá i dteideal iad a fháil agus chun go bhféadfar a fhíorú go gcomhlíonann na tairbhithe sin na hoibleagáidí a bhaineann leis na hiarratais sin, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 111, iad seo a leanas a leagan síos:

(a) rialacha maidir le híosmhéid na ndáileachtaí talmhaíochta atá le dearbhú chun an t-ualach riaracháin a laghdú do na tairbhithe agus do na húdaráis;

(b) na forálacha is gá chun sainmhíniú comhchuibhithe a thabhairt ar an mbonn le cabhair a ríomh, lena n-áirítear rialacha maidir le conas a dhéileáiltear le cásanna áirithe ina bhfuil gnéithe tírdhreacha nó crainn sna limistéir incháilithe;

(c) maolú ar Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1182/71 ón gComhairle [an 3 Meitheamh 1971 lena gcinntear na rialacha is infheidhme maidir le tréimhsí, dátaí agus teorainneacha ama][44] chun cearta na dtairbhithe ar íocaíochtaí a chosaint i gcás ina mbeidh an dáta deiridh chun iarratais nó leasuithe a chur isteach ar shaoire phoiblí, ar an Satharn nó ar an Domhnach;

(d) i gcás iarratas ar íocaíocht nó ar leithdháileadh teidlíochtaí a chur isteach go mall, an uastréimhse moille agus na huaslaghduithe i gcás moille den sórt sin.

3. Chun a áirithiú go ndéantar diúltú, laghduithe, eisiaimh agus aisghabhálacha a ríomh agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an bprionsabal atá leagtha síos in Airteagal 65 ar bhealach éifeachtúil comhleanúnach agus neamh-idirdhealaitheach a chosnaíonn leasanna airgeadais an Aontais, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 111 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) forálacha maidir le diúltú, laghduithe agus eisiaimh i ndáil le cruinneas agus sláine na faisnéise san iarratas amhail ró-dhearbhú limistéar maidir le hachar nó ainmnithe nó gan limistéir a dhearbhú, agus i ndáil le neamhchomhlíonadh na gcritéar incháilitheachta nó na ngealltanas a bhaineann leis na coinníollacha chun an chabhair a dheonú;

(b) forálacha chun a áirithiú go gcaitear ar bhealach comhchuibhithe agus comhréireach le neamhrialtachtaí toiliúla, cásanna mionearráidí, carnadh laghduithe agus cur i bhfeidhm comhuaineach laghduithe éagsúla;

[44] IO L 124, 8.6.1971, lch. 1.

(c) rialacha a fhorálann nach mbeidh feidhm ag diúltú, laghduithe nó eisiaimh i gcásanna áirithe, rud a áiritheoidh comhréireacht agus laghduithe á gcur i bhfeidhm;

(d) rialacha maidir le cabhair a íocadh go míchuí agus teidlíochtaí íocaíochta a leithdháileadh go míchuí a aisghabháil;

*Airteagal 78*
**Cumhachtaí cur chun feidhme**

Déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin ghníomhartha cur chun feidhme, an méid seo a leanas a leagan síos:

(a) na bunghnéithe, bun-sainmhínithe agus buncheanglais cháilíochta don bhunachar sonraí ríomhairithe dá bhforáiltear in Airteagal 70;

(b) na bunghnéithe, bun-sainmhínithe agus buncheanglais cháilíochta don chóras aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta dá bhforáiltear in Airteagal 71 agus don chóras chun na tairbhithe a aithint, faoi mar a fhoráiltear in Airteagal 74;

(c) na bunghnéithe, bun-sainmhínithe agus buncheanglais cháilíochta don chóras um theidlíochtaí íocaíochta a aithint agus a chlárú dá bhforáiltear in Airteagal 72;

(d) rialacha maidir leis an iarratas ar chabhair agus na héilimh íocaíochta dá bhforáiltear in Airteagal 73, agus an t-iarratas ar theidlíochtaí íocaíochta, lena n-áirítear an dáta deiridh chun iarratais a chur isteach, na ceanglais maidir leis an íosmhéid faisnéise atá le háireamh san iarratas, forálacha maidir le leasuithe nó maidir le hiarratais ar chabhair a aistarraingt, díolúine ón ngá le hiarratas ar chabhair a chur isteach, agus forálacha a ligeann do na Ballstáit nósanna imeachta simplithe a chur i bhfeidhm nó a ligeann dóibh earráidí soiléire a cheartú;

(e) rialacha maidir le seiceálacha a dhéanamh chun a fhíorú go gcomhlíontar oibleagáidí agus cruinneas agus sláine na faisnéise a chuirtear ar fáil san iarratas ar chabhair nó san éileamh íocaíochta;

(f) na sainmhínithe teicniúla is gá chun an Chaibidil seo a chur chun feidhme go haonfhoirmeach;

(g) rialacha maidir le cásanna ina n-aistrítear gabháltais agus ina n-aistrítear aon oibleagáid a bhaineann le hincháilitheacht i ndáil leis an gcabhair i dtrácht, ar oibleagáid í is gá a chomhlíonadh fós;

(h) rialacha maidir leis na réamhíocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 76 a íoc.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá bhforáiltear sa chéad mhír a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 112(3) nó san Airteagal comhfhreagrach de Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx[ÍD] nó Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx[FT] faoi seach.

# Caibidil III
# Grinnscrúdú ar idirbhearta

*Airteagal 79*
***Raon feidhme agus sainmhínithe***

1. Leagtar síos sa Chaibidil seo rialacha sonracha maidir le grinnscrúdú a dhéanamh ar dhoiciméid tráchtála na n-eintiteas sin a fhaigheann íocaíochtaí nó a dhéanann íocaíochtaí a bhaineann go díreach nó go hindíreach le córas maoinithe an CERT nó a ionadaithe, 'gnóthais' anseo feasta, chun a fháil amach ar cuireadh chun críche idirbhearta atá mar chuid de chóras maoinithe an CERT agus an ndearnadh i gceart iad.

2. Ní bheidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta arna gcumhdach ag an gcóras comhtháite dá dtagraítear i gCaibidil II den Teideal seo.

3. Chun críocha na Caibidle seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

   (a) ciallaíonn 'doiciméid tráchtála' na leabhair, cláir, dearbháin agus doiciméid tacaíochta, cuntais, taifid táirgthe agus cháilíochta agus comhfhreagras a bhaineann le gníomhaíocht gnó an ghnóthais, mar aon le sonraí tráchtála, pé cló a bheidh orthu, lena n-áirítear sonraí a stóráiltear go leictreonach, a mhéid a bhaineann na doiciméid nó na sonraí sin go díreach nó go hindíreach leis na hidirbhearta dá dtagraítear i mír 1;

   (b) ciallaíonn 'tríú páirtí' aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bainteach go díreach nó go hindíreach le hidirbhearta a dhéanann an CERT laistigh den chóras maoinithe.

*Airteagal 80*
**Grinnscrúdú a dhéanann na Ballstáit**

1. Déanfaidh na Ballstáit grinnscrúdú córasach ar dhoiciméid tráchtála na ngnóthas, agus cuirfidh siad san áireamh na cineálacha idirbheart a bhfuil grinnscrúdú le déanamh orthu. Áiritheoidh na Ballstáit go ráthófar le rogha na ngnóthas a bhfuil grinnscrúdú le déanamh orthu, a mhéid is féidir, éifeachtacht na mbeart chun neamhrialtachaí a bhrath agus a chosc. Cuirfear san áireamh sa rogha, *inter alia,* an tábhacht a bhaineann leis na gnóthais sa chóras sin ó thaobh airgeadais de, agus fachtóirí riosca eile

2. Nuair is iomchuí, leathnófar an grinnscrúdú dá bhforáiltear i mír 1 chun daoine nádúrtha agus dlítheanacha a luaitear gnóthais leo a áireamh, agus chun daoine nádúrtha nó dlítheanacha eile a áireamh a d'fhéadfadh a bheith ábhartha chun na cuspóirí atá leagtha síos in Airteagal 81 a bhaint amach.

3. Ní dhéanfaidh an grinnscrúdú a dhéanfar de bhun na Caibidle seo dochar do na seiceálacha a dhéanfar de bhun Airteagal 49 agus Airteagal 50.

*Airteagal 81*
**Cuspóirí an ghrinnscrúdaithe**

1. Fíorófar cruinneas na bpríomhshonraí atá faoi ghrinnscrúdú trí roinnt cros-seiceálacha a dhéanamh lena n-áirítear, nuair is gá, doiciméid tráchtála tríú páirtithe a oireann don leibhéal riosca atá i gceist, lena n-áirítear:

   (a) comparáidí le doiciméid tráchtála soláthróirí, custaiméirí, iompróirí agus tríú páirtithe eile;

   (b) seiceálacha fisiciúla, nuair is iomchuí, ar chainníocht agus ar chineál na stoc;

   (c) comparáid le taifid na sreafaí airgeadais is bunús leis na hidirbhearta a dhéanann an CERT laistigh den chóras maoinithe, nó atá mar thoradh orthu; agus

   (d) seiceálacha, i ndáil le leabharchoimeád, nó taifid ar ghluaiseachtaí airgeadais a léiríonn, tráth an ghrinnscrúdaithe, gur doiciméid chruinne iad na doiciméid atá i seilbh na gníomhaireachta íocaíochta mar údar leis an gcabhair a íoctar leis an tairbhí.

2. Go háirithe, i gcás ina gceanglaítear ar ghnóthais taifid leabhair ar leith a choinneáil ar stoc i gcomhréir le forálacha an Aontais nó le forálacha náisiúnta, áireofar i ngrinnscrúdú na dtaifead sin, i gcásanna iomchuí, comparáid leis na doiciméid tráchtála agus, nuair is iomchuí, leis na cainníochtaí iarbhír atá i stoc.

3. I rogha na n-idirbheart atá le seiceáil, cuirfear an leibhéal riosca atá ann san áireamh ina iomláine.

*Airteagal 82*
**Rochtain ar dhoiciméid tráchtála**

1. Áiritheoidh na daoine atá freagrach as an ngnóthas, nó tríú páirtí, go soláthraítear na doiciméid tráchtála ar fad agus an fhaisnéis bhreise do na hoifigigh atá freagrach as an ngrinnscrúdú nó do na daoine a bhfuil an chumhacht tugtha dóibh chun na críche sin. Soláthrófar na sonraí arna stóráil go leictreonach ar mheán iomchuí um thacaíocht sonraí.

2. Féadfaidh na hoifigigh atá freagrach as an ngrinnscrúdú, nó na daoine a bhfuil an chumhacht tugtha dóibh chun na críche sin, a cheangal go soláthrófar sleachta as na doiciméid nó cóipeanna de na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 dóibh.

3. I gcás ina meastar, le linn an ghrinnscrúdaithe a dhéantar de bhun na Caibidle seo, nach bhfuil na doiciméid tráchtála arna gcoimeád ag an ngnóthas leordhóthanach chun críoch grinnscrúdaithe, iarrfar ar an ngnóthas na taifid a theastaíonn ón mBallstát atá freagrach as an ngrinnscrúdú a choimeád amach anseo, gan dochar do na hoibleagáidí atá leagtha síos i Rialacháin eile maidir leis an earnáil lena mbaineann.

   Cinnfidh na Ballstáit an dáta ar a mbeidh na taifid sin le suíomh.

I gcás ina bhfuil na doiciméid tráchtála ar fad a cheanglaítear a ghrinnscrúdú de bhun na Caibidle seo, nó cuid acu, ag gnóthas atá sa ghrúpa tráchtála céanna, sa chomhpháirtíocht chéanna nó sa chomhlachas gnóthas céanna, arna mbainistiú ar bhonn aontaithe, leis an ngnóthas ar a bhfuil grinnscrúdú á dhéanamh, is cuma an bhfuil sé lonnaithe laistigh nó lasmuigh de chríoch an Aontais, cuirfidh an gnóthas na doiciméid tráchtála sin ar fáil do na hoifigigh atá i mbun an ghrinnscrúdaithe, ag áit agus ag am a bheidh le cinneadh ag an mBallstát atá freagrach as an ngrinnscrúdú a dhéanamh.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil na hoifigigh atá freagrach as an ngrinnscrúdú i dteideal doiciméid tráchtála a urghabháil, nó a chinntiú go n–urghabhfar iad. Feidhmeofar an ceart sin ag féachaint go cuí do na forálacha ábhartha náisiúnta agus ní dhéanfaidh sé difear do chur i bhfeidhm na rialacha a rialaíonn imeachtaí i gcúrsaí coiriúla a bhaineann le doiciméid a urghabháil.

*Airteagal 83*
**Cúnamh frithpháirteach**

1. Tabharfaidh na Ballstáit cúnamh dá chéile chun críocha an grinnscrúdú dá bhforáiltear sa Chaibidil seo a dhéanamh sna cásanna seo a leanas:

   (a) i gcás ina bhfuil gnóthas nó tríú páirtí suite i mBallstát seachas an Ballstát inar íocadh nó ina bhfuarthas an tsuim atá i dtrácht, nó inar cheart í a bheith íoctha nó faighte;

   (b) i gcás ina bhfuil gnóthas nó tríú páirtí suite i mBallstát seachas an Ballstát sin ina bhfuil na doiciméid agus an fhaisnéis is gá le haghaidh grinnscrúdaithe.

   Féadfaidh an Coimisiún comhghníomhaíochtaí a chomhordú ina mbeidh cúnamh frithpháirteach idir dhá Bhallstát nó níos mó.

2. Le linn na dtrí mhí tar éis bhliain airgeadais íocaíochta an CERT, cuirfidh na Ballstáit liosta chuig an gCoimisiún de ghnóthais atá bunaithe i dtríú tír ar íocadh an méid atá i dtrácht leo nó a fuair an méid atá i dtrácht, nó ar cheart é a bheith íoctha leo nó faighte acu, sa Bhallstát sin.

4. Má tá faisnéis bhreise de dhíth i mBallstát eile mar chuid den ghrinnscrúdú atá á dhéanamh ar ghnóthas i gcomhréir le hAirteagal 80, agus go háirithe maidir le cros-seiceálacha i gcomhréir le hAirteagal 81, féadfar iarratais shonracha ar ghrinnscrúdú a dhéanamh agus na cúiseanna leis an iarratas a lua. Cuirfear achoimre ar na hiarratais shonracha sin chuig an gCoimisiún gach ráithe, laistigh de mhí tar éis dheireadh gach ráithe. Féadfaidh an Coimisiún cóip de na hiarratais a éileamh.

   Comhlíonfar an t-iarratas ar ghrinnscrúdú sé mhí ar a dhéanaí tar éis é a fháil; cuirfear torthaí an ghrinnscrúdaithe in iúl gan mhoill don Bhallstát atá á iarraidh agus don Choimisiún. Rachfar i dteagmháil leis an gCoimisiún gach ráithe, laistigh de mhí tar éis dheireadh gach ráithe.

*Airteagal 84*
**Clárú**

1. Tarraingeoidh na Ballstáit suas cláir le haghaidh grinnscrúduithe a bheidh le déanamh de bhun Airteagal 80 le linn na tréimhse grinnscrúdaithe ina dhiaidh sin.

2. Gach bliain, roimh an 15 Aibreán, cuirfidh na Ballstáit a gclár, dá dtagraítear i mír 1, chuig an gCoimisiún agus sonróidh siad:

   (a) líon na ngnóthas a bhfuil grinnscrúdú le déanamh orthu agus an briseadh síos de réir earnála ar bhonn na méideanna a bhaineann leo;

   (b) na critéir arna nglacadh chun an clár a tharraingt suas.

3. Cuirfidh na Ballstáit na cláir arna mbunú ag na Ballstáit agus arna gcur ar aghaidh chuig an gCoimisiún chun feidhme, más ea nach bhfuil a thráchtaí curtha in iúl ag an gCoimisiún laistigh d'ocht seachtaine.

4. Beidh feidhm ag mír 3 *mutatis mutandis* maidir leis na leasuithe a dhéanann na Ballstáit ar an gclár.

5. Am ar bith, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh go gcuirfear catagóir gnóthas ar leith san áireamh i gclár Ballstáit.

6. Maidir le gnóthais ar lú ná EUR 40 000 suim na n-admhálacha nó na n-íocaíochtaí, ní dhéanfar grinnscrúdú orthu i gcomhréir leis an gCaibidil seo ach ar chúiseanna sonracha a bheidh le léiriú ag na Ballstáit ina gclár bliantúil dá dtagraítear i mír 1 nó ag an gCoimisiún in aon leasú beartaithe ar an gclár sin.

*Airteagal 85*
**Ranna speisialta**

1. Beidh roinn speisialta i ngach Ballstát a bheidh freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Caibidle seo. Beidh na ranna sin freagrach, go háirithe, as an méid seo a leanas:

   (a) feidhmíocht an ghrinnscrúdaithe dá bhforáiltear sa Chaibidil seo ag oifigigh atá fostaithe go díreach ag an roinn speisialta sin; nó

   (b) an grinnscrúdú a dhéanann oifigigh ó ranna eile a chomhordú agus faireachas ginearálta a dhéanamh air.

   Féadfaidh na Ballstáit a fhoráil freisin, go ndéanfar an grinnscrúdú atá le déanamh de bhun na Caibidle seo a leithdháileadh idir na ranna speisialta agus ranna náisiúnta eile, ar choinníoll go bhfuil na ranna speisialta freagrach as an gcomhordú.

2. Déanfar an roinn nó na ranna atá freagrach as an gCaibidil seo a chur i bhfeidhm a eagrú ar bhealach a bheidh neamhspleách ó ranna nó craobhacha na ranna atá freagrach as na híocaíochtaí agus as an ngrinnscrúdú a rinneadh roimh an íocaíocht.

3. Chun a áirithiú go gcuirtear an Chaibidil seo i bhfeidhm go cuí, déanfaidh an roinn speisialta dá dtagraítear i mír 1 na bearta ar fad is gá, agus tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann de chumhacht di na cumhachtaí ar fad is gá chun na cúraimí dá dtagraítear sa Chaibidil seo a dhéanamh.

4. Glacfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun pionós a ghearradh ar na daoine nádúrtha nó dlítheanacha nach gcomhlíonann a n-oibleagáidí faoin gCaibidil seo.

*Airteagal 86*
**Tuarascálacha**

1. Roimh an 1 Eanáir tar éis na tréimhse grinnscrúdaithe, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil mhionsonraithe chuig an gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm na Caibidle seo.

2. Déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún a dtuairimí a mhalartú go minic maidir le cur i bhfeidhm na Caibidle seo.

*Airteagal 87*
**Rochtain ar fhaisnéis agus seiceálacha ar an láthair a dhéanann an Coimisiún**

1. I gcomhréir leis na dlíthe ábhartha náisiúnta, beidh rochtain ag oifigigh an Choimisiúin ar na doiciméid ar fad a ullmhaítear don ghrinnscrúdú nó tar éis an ghrinnscrúdaithe a eagraítear faoin gCaibidil seo, agus ar na sonraí ar fad, lena n-áirítear na sonraí a stóráiltear sna córais próiseála-sonraí. Soláthrófar na sonraí sin ar iarratas ar mheán iomchuí um thacaíocht sonraí.

2. Déanfaidh oifigigh de chuid na mBallstát na grinnscrúduithe sin dá dtagraítear in Airteagal 80. Féadfaidh oifigigh de chuid an Choimisiúin bheith páirteach sna grinnscrúduithe sin. Ní fhéadfaidh siad féin na cumhachtaí grinnscrúdaithe atá tugtha d'oifigigh náisiúnta a fheidhmiú. Mar sin féin, beidh rochtain acu ar na háitribh chéanna agus ar na doiciméid chéanna le hoifigigh na mBallstát.

3. I gcás grinnscrúduithe a dhéantar faoi Airteagal 83, féadfaidh oifigigh den Bhallstát iarrthach a bheith i láthair, le comhaontú an Bhallstáit is ábhar den iarratas, ag an ngrinnscrúdú sa Bhallstát is ábhar den iarratas, agus beidh rochtain acu ar na háitribh chéanna agus ar na doiciméid chéanna le hoifigigh an Bhallstáit sin.

   Ba cheart d'oifigigh an Bhallstáit iarrthach atá i láthair ag na grinnscrúduithe sa Bhallstát is ábhar den iarratas a bheith in ann cruthúnas ar a gcúram oifigiúil a thaispeáint am ar bith. Is iad oifigigh an Bhallstáit is ábhar don iarratas a dhéanfaidh na grinnscrúduithe i gcónaí.

4. Gan dochar d'fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1073/99 agus Rialachán (CE) Uimh. 2185/96, i gcás ina bhfágann forálacha náisiúnta a bhaineann le himeachtaí coiriúla nach féidir ach le hoifigigh atá ainmnithe go sonrach sa dlí náisiúnta gníomhartha áirithe a dhéanamh, ní bheidh oifigigh an Choimisiúin, ná oifigigh an Bhallstáit dá dtagraítear i mír 3, páirteach sna gníomhartha sin. Ar chaoi ar bith, ní bheidh siad páirteach, go háirithe, i gcuairteanna baile ná i gceistiú foirmiúil daoine i gcomhthéacs dhlí coiriúil an Bhallstáit. Beidh rochtain acu ar an bhfaisnéis a fhaightear ar an mbealach sin, áfach.

*Airteagal 88*
**Cumhachtaí an Choimisiúin**

1. Chun na bearta sin nach bhfuil oiriúnach do sheiceálacha ex-post i bhfoirm grinnscrúdaithe ar dhoiciméid tráchtála a eisiamh ó chur i bhfeidhm na Caibidle seo, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 111 lena mbunaítear liosta beart eile nach bhfuil feidhm ag an gCaibidil seo ina leith, agus lena modhnaítear an tairseach EUR 40 000 dá dtagraítear in Airteagal 84(6).

2. Nuair is gá, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, forálacha a ghlacadh d'fhonn cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Rialacháin seo a bhaint amach san Aontas, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) feidhmíocht an ghrinnscrúdaithe dá dtagraítear in Airteagal 80 i ndáil le gnóthais, ráta agus féilire an ghrinnscrúdaithe a roghnú;

   (b) doiciméid tráchtála a chaomhnú agus na cineálacha doiciméad atá le coinneáil nó na cineálacha sonraí atá le taifeadadh;

   (c) feidhmíocht agus comhordú comhghníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 83(1);

   (d) sonraí agus sonraíochtaí maidir le hábhar agus cló na n-iarratas agus an bealach a chuirtear isteach iad, ábhar agus cló an fhógra agus an bealach a chuirtear isteach é agus an bealach a chuirtear isteach agus a mhalartaítear an fhaisnéis atá de dhíth faoi chuimsiú na Caibidle seo;

   (e) coinníollacha agus meán foilsithe na faisnéise atá de dhíth faoi chuimsiú an Rialacháin seo, nó na rialacha sonracha agus coinníollacha a bhaineann leis an gCoimisiún ag scaipeadh nó ag cur ar fáil na faisnéise sin d'údaráis inniúla na mBallstát.

   (f) freagrachtaí na ranna speisialta dá dtagraítear in Airteagal 85;

   (g) ábhar na dtuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 86.

   Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá bhforáiltear sa chéad fhomhír i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 112(3).

# Caibidil IV
# Forálacha eile maidir le seiceálacha

*Airteagal 89*
**Seiceálacha eile a bhaineann le bearta margaidh**

1. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú nach gcuirtear ar an margadh, ná nach mbaintear ón margadh, na táirgí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le

Rialachán (AE) xxx/xxx [CEM aonair] nach bhfuil lipéadaithe i gcomhréir le forálacha an Rialacháin sin.

2. Gan dochar d'aon fhorálacha sonracha a d'fhéadfadh an Coimisiún a ghlacadh, beidh allmhairí isteach san Aontas de na táirgí atá sonraithe i mír 1(a) agus (b) d'Airteagal 129 de Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx [CEM aonair] faoi réir seiceálacha le cinneadh an gcomhlíontar na coinníollacha dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal sin.

3. Déanfaidh na Ballstáit seiceálacha, bunaithe ar anailís riosca, chun a fhíorú an gcomhlíonann na táirgí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) xxx/xxx [CEM aonair] na rialacha atá leagtha síos i Roinn I de Chaibidil I de Theideal II de Chuid II de Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx[CEM aonair] agus cuirfidh siad i bhfeidhm pionóis riaracháin de réir mar is iomchuí.

4. Chun cistí an Aontais agus céannacht, tionscnamh agus cáilíocht fhíon an Aontais a chosaint, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 111 i dtaobh an mhéid seo a leanas:

   (a) bunachar sonraí anailíseach de shonraí iseatópacha a bhunú a chuideoidh le calaois a bhrath agus a bheidh le tógáil ar bhonn samplaí arna mbailiú ag Ballstáit; agus maidir le rialacha i ndáil le bunachair shonraí na mBallstát féin;

   (b) rialacha maidir le comhlachtaí rialaithe agus an cúnamh frithpháirteach eatarthu;

   (c) rialacha maidir le comhúsáid thorthaí thaighde na mBallstát;

   (d) rialacha maidir le pionóis a chur i bhfeidhm in imthosca eisceachtúla.

*Airteagal 90*

**Seiceálacha a bhaineann le sonrúchán tionscnaimh agus tásca geografacha**

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun deireadh a chur le húsáid neamhdhleathach sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint agus tásc geografach faoi chosaint dá dtagraítear i Rialachán AE Uimh. xxx/xxx[CEM aonair].

2. Ainmneoidh an Ballstát an t-údarás inniúil atá freagrach as seiceálacha i ndáil leis na hoibleagáidí atá leagtha síos i Roinn II de Chaibidil I de Theideal II de Chuid 2 de Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx[CEM aonair] i gcomhréir leis na critéir atá leagtha síos in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[45] agus áiritheoidh sé go bhfuil aon oibreoir a chomhlíonann na hoibleagáidí sin i dteideal a bheith cumdaithe ag córas seiceálacha.

3. Laistigh den Aontas, áiritheoidh an t-údarás inniúil dá dtagraítear i mír 2 nó comhlacht rialaithe amháin nó níos mó, laistigh de bhrí phointe 5 den dara fomhír d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 atá ag feidhmiú mar chomhlacht deimhniúcháin táirgí i gcomhréir leis na critéir atá leagtha síos in Airteagal 5 den

[45] IO L 165, 30.4.2004, lch. 1.

Rialachán sin, áiritheoidh siad go ndéanfar comhlíonadh na sonraíochta táirge a fhíorú ar bhonn bliantúil, le linn táirgthe agus le linn chomhoiriúnú na fíona nó ina dhiaidh.

4. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, an méid seo a leanas:

(a) an chumarsáid a bheidh idir na Ballstáit agus an Coimisiún;

(b) rialacha ar an údarás atá freagrach as comhlíonadh na sonraíochta táirge a fhíorú, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil an limistéar geografach i dtríú tír;

(c) na gníomhaíochtaí atá le cur chun feidhme ag na Ballstáit chun cosc a chur le húsáid neamhdhleathach sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint agus tásc geografach faoi chosaint;

(d) seiceálacha agus fíorú atá le déanamh ag na Ballstáit, lena n-áirítear tástáil.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá bhforáiltear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 112(3) nó san Airteagal comhfhreagrach de Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx[CEM aonair] faoi seach.

# TEIDEAL VI
# TRAS-CHOMHLÍONADH

## Caibidil I
## Raon Feidhme

*Airteagal 91*
**An prionsabal ginearálta**

1. I gcás nach ndéanann tairbhí dá dtagraítear in Airteagal 92 na rialacha maidir le tras-chomhlíonadh arna leagan síos in Airteagal 93 a chomhlíonadh ar an ngabháltas, cuirfear pionós air.

2. Ní bheidh feidhm leis an bpionós dá dtagraítear i mír 1 ach a mhéid:

(a) gur toradh é an neamhchomhlíonadh ar ghníomh nó ar neamhghníomh atá inchurtha go díreach i leith an tairbhí lena mbaineann;

(b) a bhaineann an neamhchomhlíonadh le gníomhaíocht talmhaíochta an tairbhí; agus

(c) atá limistéar ghabháltas an tairbhí i gceist.

Mar sin féin, i gcás limistéar foraoise ní bheidh feidhm ag an bpionós sin a mhéid nach n-éilítear tacaíocht don limistéar lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagail 22(1)(a), 31 agus 35 de Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx[FT].

3. Chun críocha an Teidil seo, ciallaíonn 'gabháltas' gach aonad táirgthe agus gach limistéar a bhainistíonn an tairbhí dá dtagraítear in Airteagal 92 agus atá suite laistigh de chríoch an Bhallstáit chéanna.

*Airteagail 92*
***Na tairbhí lena mbaineann***

Beidh feidhm ag Airteagal 91 maidir le tairbhithe a fhaigheann íocaíochtaí díreacha faoi Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx[ÍD], íocaíochtaí faoi Airteagail 44 agus 45 de Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx[CEM aonair] agus na préimheanna bliantúla faoi Airteagail 22(1)(a) agus (b), 29 go 32, 34 agus 35 de Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx [FT].

Mar sin féin, ní bheidh feidhm ag Airteagal 91 maidir le tairbhithe atá ag glacadh páirte i scéim na bhfeirmeoirí beaga dá dtagraítear i dTeideal V de Rialachán (AE) Uimh. xxx/xxx[ÍD] ná maidir leis na tairbhithe a fhaigheann cabhair faoi Airteagal 29(9) de Rialachán (AE) Uimh. FT/xxx.

*Airteagal 93*
***Rialacha maidir le tras-chomhlíonadh***

Is éard a bheidh sna rialacha maidir le tras-chomhlíonadh na ceanglais reachtúla bhainistíochta faoi reachtaíocht an Aontais agus na caighdeáin atá bunaithe ar an leibhéal náisiúnta maidir le dea-bhail talmhaíochta agus comhshaoil talún, arna liostú in Iarscríbhinn II, agus a bhaineann leis na réimsí seo a leanas:

(a) an comhshaol, athrú aeráide, agus dea-bhail talmhaíochta talún;

(b) sláinte phoiblí, sláinte ainmhithe agus sláinte plandaí;

(c) leas ainmhithe.

Na gníomhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn II maidir leis na ceanglais reachtúla bhainistíochta, beidh feidhm acu faoi mar atá siad i bhfeidhm agus, i gcás Treoracha, faoi mar atá siad á gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit.

Measfar gur cuid d'Iarscríbhinn II í Treoir 2000/60/CE an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce, nuair a bheidh an Treoir sin curtha chun feidhme ag gach Ballstát agus nuair a bheidh na hoibleagáidí sainaitheanta atá infheidhme go díreach maidir le feirmeoirí. D'fhonn na heilimintí sin a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 111 chun críocha Iarscríbhinn II a leasú laistigh de 12 mhí amhail ón uair a thugann an Ballstát deiridh fógra don Choimisiún go bhfuil an Treoir curtha chun feidhme.

Measfar gur cuid d'Iarscríbhinn II í Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí, nuair a bheidh an Treoir sin curtha chun feidhme ag gach Ballstát agus nuair a bheidh na hoibleagáidí sainaitheanta atá infheidhme go díreach maidir le feirmeoirí. D'fhonn na heilimintí sin a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 111 chun críocha Iarscríbhinn II a leasú laistigh de 12 mhí amhail ón

uair a thugann an Ballstát deiridh fógra don Choimisiún go bhfuil an Treoir curtha chun feidhme, lena n-áirítear na hoibleagáidí a bhaineann le srianadh comhtháite lotnaidí.

Ina cheann sin, maidir leis na blianta 2014 agus 2015, cuimseoidh na rialacha maidir le tras-chomhlíonadh cothabháil féarthailte buana. Na Ballstáit sin ar Bhallstáit den Aontas iad an 1 Eanáir 2004, áiritheoidh siad go ndéanfar talamh a bhí faoi fhéarach buan an dáta arna sholáthar don iarratas ar chabhair limistéir don bhliain 2003, go ndéanfar é a choinneáil faoi fhéarach buan laistigh de limistéir sainithe. Na Ballstáit a ndearnadh Ballstáit den Aontas iad in 2004, áiritheoidh siad go ndéanfar talamh a bhí faoi fhéarach buan an 1 Bealtaine 2004 a choinneáil faoi fhéarach buan laistigh de limistéir sainithe. Áiritheoidh an Bhulgáir agus an Rómáin go ndéanfar talamh a bhí faoi fhéarach buan an 1 Eanáir 2007 a choinneáil faoi fhéarach buan laistigh de limistéir sainithe.

Ní bheidh feidhm ag an mír roimhe seo maidir le talamh faoi fhéarach buan atá le coilltiú, más rud é go bhfuil an coilltiú sin oiriúnach don chomhshaol; eisiatar fáschoillte crann Nollag agus speicis a fhásann go tapa agus a shaothraítear ar bhonn gearrthéarmach.

D'fhonn na heilimintí sa dá mhír roimhe seo a chur san áireamh, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 111 ina mbeidh na rialacha maidir le cothabháil féarthailte buana, go háirithe d'fhonn a áirithiú go ndéanfar bearta ionas go leanfaidh an talamh de bheith faoi fhéarach buan ar leibhéal na bhfeirmeoirí, lena n-áirítear oibleagáidí aonair atá le comhlíonadh amhail an oibleagáid limistéir a iompú ar ais ina bhféarthailte buana nuair a shuitear go bhfuil ag laghdú ar an gcóimheas talún atá faoi fhéarach buan.

Lena chois sin, glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na modhanna atá le húsáid chun cinneadh a dhéanamh faoin gcóimheas atá le coinneáil idir féarthailte buana agus talamh talmhaíochta. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 112(3).

*Airteagal 94*

***Oibleagáidí na mBallstát a bhaineann le dea-bhail talmhaíochta agus comhshaoil***

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh dea-bhail talmhaíochta agus comhshaoil ar gach limistéar talmhaíochta, lena n-áirítear talamh nach n-úsáidtear a thuilleadh chun críoch táirgthe. Saineoidh na Ballstáit, ar leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, íoschaighdeáin maidir le tairbhí i dtaca le dea-bhail talmhaíochta agus comhshaoil talún, ar bhonn Iarscríbhinn II, ag cur san áireamh dóibh saintréithe na limistéar lena mbaineann, lena n-áirítear dálaí ithreach agus aeráide, córais feirmeoireachta atá ann cheana, úsáid talún, uainíocht na mbarr, cleachtais feirmeoireachta, agus struchtúir feirme. Ní shaineoidh na Ballstáit íoscheanglais nach bhfuil bunaithe in Iarscríbhinn II.

*Airteagal 95*

***Faisnéis a thabhairt do thairbhithe***

Déanfaidh na Ballstáit, trí mheán leictreonach nuair is iomchuí, liosta de na rialacha maidir le tras-chomhlíonadh atá le hurramú mar aon le faisnéis ina leith a sholáthar do na tairbhithe lena mbaineann.

# Caibidil II
# An córas rialaithe agus pionóis a bhaineann le tras-chomhlíonadh

*Airteagal 96*
***Seiceálacha ar thras-chomhlíonadh***

1. Nuair is iomchuí, bainfidh na Ballstáit úsáid as an gcóras comhtháite atá leagtha síos i gCaibidil II de Theideal V agus go háirithe as eilimintí dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (d), (e) agus (f) d'Airteagal 69(1).

   Fadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as a gcórais riaracháin agus rialaithe atá ann cheana chun a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha maidir le tras-chomhlíonadh.

   Na córais sin, go háirithe an córas maidir le hainmhithe a shainaithint agus a chlárú arna bhunú i gcomhréir le Treoir 2008/71/CE ón gComhairle an 15 Iúil 2008 maidir le sainaithint agus clárú muc[46] agus i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 agus Rialachán (CE) Uimh. 21/2004, beidh siad comhoiriúnach don chóras comhtháite dá dtagraítear i gCaibidil II de Theideal V den Rialachán seo.

3. De réir na gceanglas, na gcaighdeán, na ngníomhartha nó na réimsí tras-chomhlíonta a bheidh i gceist, féadfaidh na Ballstáit cinneadh ar sheiceálacha riaracháin a dhéanamh, go háirithe iad sin dá bhforáiltear cheana faoi na córais rialaithe is infheidhme maidir leis an gceanglas, an caighdeán nó an réimse tras-chomhlíonta lena mbaineann.

3. Déanfaidh na Ballstáit seiceálacha ar an láthair le fíorú cé acu atá tairbhí ag comhlíonadh na n-oibleagáidí atá leagtha síos sa Teideal seo nó nach bhfuil.

4. Déanfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme, rialacha a ghlacadh maidir le rialuithe agus seiceálacha a dhéanamh le fíorú an bhfuil na hoibleagáidí dá dtagraítear sa Teideal seo á gcomhlíonadh.

   Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 112(3).

*Airteagal 98*
***Cur i bhfeidhm an phionóis***

1. Déanfar an pionós dá bhforáiltear in Airteagal 91 a chur i bhfeidhm aon uair nach gcomhlíontar na rialacha maidir le tras-chomhlíonadh le linn bliana féilire ar leith ('an bhliain féilire lena mbaineann' anseo feasta) agus go bhfuil an neamhchomhlíonadh inchurtha i leith an tairbhí a chuir an iarratas ar chabhair nó an éileamh íocaíochta isteach sa bhliain féilire lena mbaineann.

[46] IO L 213, 8.8.2008, lch. 31.

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag an gcéad fhomhír maidir le tairbhithe a gcinntear ina leith nár chomhlíon siad na rialacha maidir tras-chomhlíonadh aon uair le linn na dtrí bliana ón 1 Eanáir den bhliain i ndiaidh na bliana féilire inar deonaíodh an chéad íocaíocht faoi na cláir thacaíochta i gcomhair athstruchtúrú agus athchóiriú nó aon uair le linn tréimhse bliana ón 1 Eanáir den bhliain i ndiaidh na bliana féilire inar deonaíodh an íocaíocht faoi na cláir thacaíochta i gcomhair glasbhuainte dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. [CEM aonair] ('na blianta lena mbaineann' anseo feasta).

2. I gcásanna ina n-aistrítear an talamh le linn na bliana féilire nó na mblianta féilire lena mbaineann, beidh feidhm ag mír 1 freisin nuair atá an neamhchomhlíonadh mar thoradh ar ghníomh nó neamhghníomh atá inchurtha go díreach i leith an duine ar aistríodh an talún chuige nó uaidh. De mhaolú air sin, i gcás ina bhfuil iarratas ar chabhair nó éileamh íocaíochta déanta ag an duine a bhfuil an gníomh nó an neamhghníomh inchurtha go díreach ina leith le linn na bliana féilire nó na mblianta féilire lena mbaineann, cuirfear an pionós i bhfeidhm ar bhonn mhéideanna iomlána na n-íocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 92 a deonaíodh nó atá le deonú don duine sin.

   Chun críocha na míre seo, ciallóidh 'aistriú' aon chineál idirbhirt a bhfuil mar thoradh air go scoireann an talamh talmhaíochta de bheith ar fáil don aistreoir.

3. D'ainneoin mhír 1, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan pionós a chur i bhfeidhm maidir le gach tairbhí in aghaidh na bliana féilire, nuair atá EUR 100 nó níos lú sa phionós faoi réir na rialacha atá le glacadh de bhun Airteagal 101.

   I gcás ina gcinnfidh Ballstát an rogha dá bhforáiltear sa chéad fhomhír a úsáid, déanfaidh an t-údarás inniúil an bhliain ina dhiaidh sin, i gcás sampla tairbhithe, na bearta is gá le fíorú go ndéanfaidh an tairbhí an neamhchomhlíonadh i gceist a leigheas. Tabharfar fógra don tairbhí maidir leis an gcinneadh agus maidir leis an oibleagáid gníomhaíocht feabhais a dhéanamh.

4. Mar sin féin, ní dhéanann an pionós difear do dhleathacht ná do rialtacht na n-íocaíochtaí a bhfuil feidhm ag an laghdú nó ag an eisiamh maidir leo.

*Airteagal 98*
***Cur i bhfeidhm an phionóis sa Bhulgáir agus sa Rómáin***

I gcás na Bulgáire agus na Rómáine, déanfar na pionóis dá dtagraítear in Airteagal 91 a chur i bhfeidhm ar a dhéanaí ón 1 Eanáir 2016 a fhad a bhaineann leis na ceanglais reachtúla bhainistíochta i dtaobh leasa ainmhithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn II.

*Airteagal 99*
***An pionós a ríomh***

1. Déanfar an pionós dá bhforáiltear in Airteagal 91 a chur i bhfeidhm trí mhéid iomlán na n-íocaíochtaí atá liostaithe in Airteagal 92 agus atá deonaithe nó atá le deonú don tairbhí i dtaca leis an mbliain féilire nó na blianta féilire lena mbaineann, tríd an méid sin a laghdú nó a eisiamh.

Agus na laghduithe agus na heisiaimh sin á ríomh cuirfear san áireamh déine, forleithne, buaine agus minicíocht an neamhchomhlíonta ar cinneadh air, mar aon leis na critéir atá leagtha amach i míreanna 2, 3 agus 4.

2. I gcás neamhchomlíonadh de dheasca faillí, ní bheidh céatadán an laghdaithe níos mó ná 5 % agus i gcás neamhchomhlíonadh arís is arís eile, ní bheidh sé níos mó ná 15 %.

   I gcásanna cuí-réasúnaithe féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nach gcuirfear aon laghdú i bhfeidhm, más rud é, i ngeall ar a dhéine, a fhorleithne agus a fhad, go meastar gur mion-neamhchomhlíonadh atá ann. Mar sin féin, ní mheasfar gur mion-neamhchomlíonadh atá i gceist le haon chásanna atá ina mbaol díreach do shláinte phoiblí nó do shláinte ainmhithe. Tabharfar fógra don tairbhí maidir leis an gcinneadh agus maidir leis an oibleagáid gníomhaíocht feabhais a dhéanamh.

3. I gcás neamhchomhlíonadh d'aon ghnó, ní bheidh céatadán an laghdaithe níos lú ná 20 % i bprionsabal agus d'fhéadfaí láneisiamh féin ó scéim chabhrach amháin nó níos mó, ar feadh bliana féilire amháin nó níos mó, a ghearradh.

4. In aon chás, ní bheidh méid iomlán na laghduithe agus na n-eisiamh in aon bhliain féilire níos mó ná an méid iomlán dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1.

*Airteagal 100*
***Méideanna a thagann as tras-chomhlíonadh***

Féadfaidh na Ballstáit 10 % de na méideanna a thagann as cur i bhfeidhm na laghduithe agus na n-eisiamh dá dtagraítear in Airteagal 99 a choinneáil.

*Airteagal 101*
***Cumhachtaí tarmligthe***

1. D'fhonn ceart-dáileadh na gcistí ar na tairbhithe a bhfuil teidlíocht acu a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 111 d'fhonn bonn comhchuibhithe a bhunú le haghaidh ríomh na bpionós arb é tras-chomhlíonadh is cúis leo, á chur san áireamh laghduithe arb é smacht airgeadais is cúis leo.

2. D'fhonn a áirithiú go ndéanfar tras-chomhlíonadh ar bhealach éifeachtúil comhsheasmhach neamh-idirdhealaitheach, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 111 maidir le ríomh agus cur i bhfeidhm pionós.

# TEIDEAL VII
# FORÁLACHA COITEANNA

## Caibidil I
## Cumarsáid

*Airteagal 102*
***Faisnéise a chur in iúl***

1. Mar aon leis na forálacha atá leagtha síos sna Rialacháin earnálacha, cuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún an fhaisnéis, na dearbhuithe agus na doiciméid seo a leanas:

(a) i gcás gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe agus comhlachtaí comhordaithe creidiúnaithe:

(i) a ndoiciméad creidiúnaithe;

(ii) a bhfeidhm (gníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe nó comhlacht comhordaithe);

(iii) nuair is iomchuí, tarraingt siar a gcreidiúnaithe,

(b) i gcás comhlachtaí creidiúnaithe:

(i) a n-ainm;

(ii) sonraí a seoltaí,

(c) i gcás beart a bhaineann le hoibríochtaí arna maoiniú ag an CERT agus ag an CETFT:

(i) dearbhuithe caiteachais, a mbeidh feidhm iarratas íocaíochta leo freisin, arna síniú ag an ngníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe nó ag an gcomhlacht comhordaithe creidiúnaithe agus an fhaisnéis is gá ag gabháil leo;

(ii) meastacháin ar a riachtanais airgeadais, maidir leis an CERT agus, maidir leis an CETFT, nuashonrú ar dhearbhuithe caiteachais measta a chuirfear isteach le linn na bliana agus dearbhuithe caiteachais measta na bliana airgeadais ina dhiaidh sin;

(iii) faoin 15 Feabhra den bhliain i ndiaidh na bliana airgeadais lena mbaineann, nuair atá níos mó ná aon ghníomhaireacht íocaíochta amháin creidiúnaithe ag Ballstát, tuarascáil sintéise arb é a bheidh ann osamharc ar leibhéal náisiúnta ar gach dearbhú urrúis bainistíochta agus tuairimí iniúchóireachta na gcomhlachtaí deimhniúcháin ina leith;

(iv) dearbhú urrúis bainistíochta agus cuntais bhliantúla na ngníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe;

(v) achoimre ar thorthaí gach iniúchóireachta agus seiceála atá ar fáil arna ndéanamh i gcomhréir leis an sceideal agus leis na forálacha mionsonraithe atá leagtha síos sna rialacha earnáilsonracha.

Déanfar cuntais bhliantúla na ngníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe a bhaineann le caiteachais ar an CETFT a chur isteach ag leibhéal gach cláir.

2. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas go mion maidir leis na bearta arna ndéanamh chun an dea-bhail talmhaíochta agus comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 94 a chur chun feidhme agus maidir le sonraí an chórais chomhairligh feirme dá dtagraítear i dTeideal III.

3. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas go tráthrialta maidir le cur i bhfeidhm an chórais chomhtháite dá dtagraítear i gCaibidil II de Theideal V. Eagróidh an Coimisiún malartú tuairimí i leith na ceiste sin leis na Ballstáit.

*Airteagal 103*
***Rúndacht***

1. Déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún gach beart is gá chun go n-áiritheofar rúndacht na faisnéise arna cur in iúl nó arna fáil trí bhíthin cigireachta agus trí bhithín na mbeart um imréiteach cuntas arna gcur chun feidhme faoin Rialachán seo.

Beidh feidhm maidir leis an bhfaisnéis sin ag na rialacha atá leagtha síos in Airteagal 8 de Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle[47].

2. Gan dochar d'fhorálacha náisiúnta maidir le himeachtaí dlí, déanfar faisnéis a bhaileofar le linn grinnscrúdú dá bhforáiltear i gCaibidil III de Theideal V a chosaint faoin rúndacht ghairmiúil. Ní fhéadfar an fhaisnéis sin a chur in iúl d'aon duine seachas dóibh sin nach mór, de bharr a gcuid dualgas sna Ballstáit nó in institiúidí an Aontais, eolas a bheith acu uirthi chun na dualgais sin a dhéanamh.

*Airteagal 104*
***Cumhachtaí an Choimisiúin***

Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha maidir leis an méid seo a leanas a ghlacadh:

(a) an fhoirm, an t-inneachar, an tréimhsiúlacht, na spriocdhátaí agus na socruithe maidir leis na nithe seo a leanas a tharchur chuig an gCoimisiún nó a chur ar fáil dó:

(i) dearbhuithe caiteachais agus meastacháin chaiteachais mar aon lena nuashonruithe, lena n-áirítear ioncam sannta;

[47] IO L 292, 15.11.1996, lch. 2.

(ii) dearbhú urrúis bainistíochta agus cuntais bhliantúla na ngníomhaireachtaí íocaíochta, mar aon le torthaí gach iniúchta agus rialaithe atá ar fáil;

(iii) tuarascálacha deimhniúcháin na gcuntas;

(iv) ainmneacha agus sonraí na ngníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe, na gcomhlachtaí comhordaithe creidiúnaithe agus na gcomhlachtaí deimhniúcháin;

(v) socruithe maidir le caiteachas arna mhaoiniú ag an CERT agus an CETFT a chur san áireamh agus a íoc;

(vi) fógraí i leith coigeartuithe airgeadais arna ndéanamh ag na Ballstáit a bhaineann le hoibríochtaí nó cláir forbartha tuaithe, agus tuarascálacha achomair ar na nósanna imeachta um ghnóthú atá déanta ag na Ballstáit mar fhreagairt ar neamhrialtachtaí;

(vii) faisnéis maidir leis na bearta atá déanta de bhun Airteagal 60.

(b) na socruithe lena rialaítear malartuithe faisnéise agus doiciméad idir an Coimisiún agus na Ballstáit, agus cur chun feidhme córas faisnéise lena n-áirítear cineál, foirm, agus inneachar na sonraí atá le próiseáil ag na córais sin agus na rialacha maidir lena gcoinneáil;

(c) faisnéis, doiciméid, staitisticí agus tuairiscí, mar aon lena spriocdhátaí agus a modhanna cur in iúl, a chuireann na Ballstáit in iúl don Choimisiún.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá bhforáiltear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 112(3).

# CAIBIDIL II
# Úsáid an euro

*Airteagal 105*
***Prionsabail ghinearálta***

1. Na méideanna atá luaite sna cinntí ón gCoimisiún lena nglactar cláir forbartha tuaithe, méideanna na ngealltanas agus na n-íocaíochtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún, méideanna an chaiteachais arna ndearbhú agus arna ndeimhniú, agus méideanna atá i ndearbhuithe caiteachais de chuid na mBallstát, sloinnfear agus íocfar in euro iad.

2. Sloinnfear in euro na praghsanna agus na méideanna atá socruithe i reachtaíocht talmhaíochta earnálach.

Deonófar nó baileofar iad in euro i gcás na mBallstát a bhfuil an euro glactha acu agus san airgeadra náisiúnta i gcás na mBallstát nach bhfuil an euro glactha acu.

*Airteagal 106*
***An ráta malairte agus an imeacht feidhme***

1. Na praghsanna agus na méideanna dá dtagraítear in Airteagal 105(2), comhshófar iad ina n-airgeadra náisiúnta trí bhíthin ráta malairte i gcás na mBallstát nach bhfuil an euro glactha acu.

2. Is éard a bheidh san imeacht feidhme an ráta malairte:

   (a) cur i gcrích foirmiúlachtaí allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin i gcás méideanna arna mbailiú nó arna ndeonú le linn trádála le tríú tíortha;

   (b) an imeacht arb é atá ann go mbaintear amach sprioc eacnamaíoch na hoibríochta i ngach cás eile.

3. I gcás ina ndéantar íocaíocht dhíreach dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. ÍD/xxx le tairbhí in airgeadra seachas an euro, comhshóidh na Ballstáit an méid cabhrach atá sloinnte in euro ina airgeadra náisiúnta ar bhonn an ráta malairte is déanaí a shocraigh an Banc Ceannais Eorpach roimh an 1 Deireadh Fómhair den bhliain ar tugadh an cabhair lena haghaidh.

4. Maidir leis an CERT, agus iad ag tarraingt suas a ndearbhuithe caiteachais, déanfaidh na Ballstáit nach bhfuil an euro glactha acu an ráta malairte a chur i bhfeidhm a d'úsáid siad chun íocaíochtaí a dhéanamh le tairbhithe nó chun ioncam a fháil, i gcomhréir le forálacha na Caibidle seo.

5. D'fhonn an t-imeacht feidhme dá dtagraítear i mír 2 a shonrú nó d'fhonn é a shocrú ar chúiseanna atá sonrach don eagraíocht margaidh nó don mhéid i gceist, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 111 ina mbeidh rialacha maidir leis na teagmhais ghiniúnacha sin agus maidir leis an ráta malairte atá le húsáid. Cinnfear an t imeacht feidhme sonrach agus na critéir seo a leanas á gcur san áireamh:

   (a) oiriúnuithe ar an ráta malairte a bheith infheidhme go hiarbhír a luaithe is féidir;

   (b) a chomhchosúla atá an imeachtaí feidhme oibríochtaí analógacha arna ndéanamh faoin eagraíocht margaidh;

   (c) na himeachtaí feidhme a bheith comhleanúnach ó thaobh na bpraghsanna agus na méideanna éagsúla a bhaineann leis an eagraíocht margaidh;

   (d) praiticiúlacht agus éifeachtacht seiceálacha maidir le cur i bhfeidhm rátaí malairte oiriúnacha.

6. Ionas nach gcuirfidh na Ballstáit sin nach bhfuil an euro glactha acu rátaí malairte éagsúla i bhfeidhm i gcuntais ina bhfuil ioncam arna fháil nó cabhair arna híoc le tairbhithe in airgeadra seachas an euro, ná sa dearbhú caiteachais arna dhéanamh ag an ngníomhaireacht íocaíochta, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir hAirteagal 111 ina mbeidh rialacha maidir leis an ráta malairte is infheidhme maidir le tarraingt suas dearbhuithe caiteachais agus

maidir le hoibríochtaí stórála poiblí a thaifeadadh i gcuntais na gníomhaireachta íocaíochta.

*Airteagal 107*
***Bearta cosanta agus maoluithe***

1. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, bearta a ghlacadh d'fhonn cur i bhfeidhm reachtaíocht an Aontais a chosaint más rud é gur dóchúil go ndéanfaidh cleachtais eisceachtúla airgeadaíochta a bhaineann leis an airgeadra náisiúnta an cur i bhfeidhm sin a chur i mbaol. Nuair is gá, féadfaidh na bearta sin maolú ó na rialacha atá ann cheana.

   Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 112(3).

   Déanfar Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle agus na Ballstáit a chur ar an eolas gan mhoill maidir leis na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

2. I gcás inar dóchúil go ndéanfaidh cleachtais eisceachtúla airgeadaíochta a bhaineann le hairgeadra náisiúnta cur i bhfeidhm reachtaíocht an Aontais a chur i mbaol, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 111 mar mhaolú ar an Roinn seo, go háirithe sna cásanna seo a leanas:

   (a) i gcás ina n-úsáideann tír teicnící neamhghnácha malartaithe amhail neart rátaí malairte a bheith acu nó comhaontuithe babhtála a oibriú;

   (b) i gcás ina bhfuil airgeadraí ag tíortha nach bhfuil luaite ar mhargaí airgeadra oifigiúla nó i gcás inar dócha go mbeidh an treocht sna hairgeadraí sin faoi deara saobhadh trádála.

*Airteagal 108*
***An euro á úsáid ag Ballstáit neamh-euro***

1. Má chinneann Ballstáit nach bhfuil an euro glactha aige an caiteachas a thagann as reachtaíocht talmhaíochta earnálach a íoc in euro seachas ina airgeadra náisiúnta, déanfaidh an Ballstát bearta d'fhonn a chinntiú nach mbeidh úsáid an euro ina buntáiste sistéamach le hais úsáid a airgeadra náisiúnta.

2. Cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas maidir leis na bearta atá beartaithe sula dtiocfaidh siad in éifeacht. Ní fhéadfaidh feidhm a bheith ag na bearta go dtí go gcuirfidh an Coimisiún in iúl a chomhaontú ina leith.

# Caibidil III Tuarascáil agus meastóireacht

*Airteagal 109*
***An tuarascáil airgeadais bhliantúil***

Roimh dheireadh mhí Mheán Fómhair gach bliana tar éis bhliain an bhuiséid, tarraingeoidh an Coimisiún suas tuarascáil ar riar an CERT agus riar an CETFT le linn na bliana airgeadais roimhe sin agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle í.

*Airteagal 110*
***Faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an gComhbheartas Talmhaíochta***

1. Bunófar creat coiteann faireacháin agus meastóireachta d'fhonn feidhmíocht an Chomhbheartais Talmhaíochta a thomhas. Beidh ar áireamh sa chreat gach ionstraim a bhaineann le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar bhearta a bhaineann leis an gComhbheartas Talmhaíochta agus go háirithe ar íocaíochtaí díreacha dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. ÍD/xxx, ar na bearta margaidh dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. CEM/xxx, ar na bearta forbartha tuaithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. FT/xxx agus ar chur i bhfeidhm an tras-chomhlíonta dá bhforáiltear sa Rialachán seo.

   D'fhonn a áirithiú go dtomhaisfear an fheidhmíocht go héifeachtach, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 111 maidir le hinneachar agus struchtúr an chreata.

2. Déanfar tionchar na mbeart a bhaineann leis an gComhbheartas Talmhaíochta dá dtagraítear sa chéad mhír a thomhas maidir leis na cuspóirí seo a leanas:

   (a) táirgeadh inmharthana bia agus béim ar ioncam talmhaíochta, ar tháirgiúlacht talmhaíochta agus ar chobhsaíocht praghsanna;

   (b) acmhainní nádúrtha a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe, gníomhú ar son na haeráide, agus béim a chur ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, ar an mbithéagsúlacht, ar ithir agus ar uisce;

   (c) forbairt chothrom críoch, agus béim ar fhostaíocht tuaithe, ar fhás agus ar bhochtaineacht i limistéir tuaithe.

   Saineoidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, an tacar táscairí atá sonrach do na cuspóirí agus do na limistéir dá dtagraítear sa chéad fhomhír. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 112(3).

3. Soláthróidh na Ballstáit don Choimisiún gach faisnéis is gá chun go bhféadfar faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na bearta lena mbaineann.

   Cuirfidh an Coimisiún san áireamh na riachtanais sonraí atá ag foinsí sonraí féideartha agus na sineirgí atá eatarthu, go háirithe úsáid na bhfoinsí sin chun críocha staidrimh, nuair is iomchuí.

Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmlighte, rialacha maidir leis an bhfaisnéis atá le cur isteach ag na Ballstáit, agus maidir leis na riachtanais sonraí atá ag foinsí sonraí féideartha agus na sineirgí atá eatarthu. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 112(3).

4. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme an Airteagail seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach ceithre bliana. An 31 Nollaig 2017 ar a dhéanaí a thíolacfar an chéad tuarascáil.

# TEIDEAL VIII
# FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 111*
***Feidhmiú an tarmligin***

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Is go ceann tréimhse neamhchinntithe ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a thabharfar don Choimisiún tarmligean na cumhachta dá dtagraítear sa Rialachán seo.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 24 a chúlghairm tráth ar bith. Leis an gcinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an lá tar éis lá foilsithe an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta ina dhiaidh sin a shonrófar sa chinneadh sin. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon chinn de na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

5. Tiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun an Rialacháin seo i bhfeidhm ach amháin má dhéanann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ó cuireadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoin ngníomh sin nó má chuireann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún, roimh dhul in éag na tréimhse sin, nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.

*Airteagal 112*
***An nós imeachta coiste***

1. Beidh de chúnamh ag an gCoimisiún coiste dá ngairfear 'Coiste na gCistí Talmhaíochta'. Coiste laistigh de bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa choiste sin.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 113*
***Aisghairm***

1. Aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008.

   Mar sin féin, leanfaidh d'fheidhm a bheith ag Airteagal 44a de Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005.

2. Déanfar tagairtí do na Rialacháin aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá leagtha amach in Iarscríbhinn III.

*Airteagal 114*
***Bearta idirthréimhseacha***

D'fhonn aistriú réidh a áirithiú ó na socruithe dá bhforáiltear sna Rialacháin aisghairthe dá dtagraítear in Airteagal 113 go dtí iad sin atá leagtha síos sa Rialachán seo, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlighte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 111.

*Airteagal 115*
***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2014.

Mar sin féin, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas ón 16 Deireadh Fómhair 2013

(a) Airteagail 7, 8 agus 9;

(b) Airteagail 18, 42, 43 agus 45 maidir le caiteachas a thabhófar ón 16 Deireadh Fómhair 2013.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

## IARSCRÍBHINN I

**Raon feidhme íosta an chórais chomhairligh feirme a fhad a bhaineann le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, bithéagsúlacht, cosaint uisce, fógra a thabhairt maidir le galair ainmhithe agus plandaí agus nuálaíocht ina leith, mar atá leagtha síos in Airteagal 12(2)(c)**

Ceanglais nó gníomhaíochtaí agus comhairle ar leibhéal na dtairbhithe arna sainiú ag na Ballstáit nuair is iomchuí faoi na ceannteidil seo a leanas:

*Maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin:*

– Faisnéis maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an athrú aeráide sna réigiúin ábhartha agus ag astaíochtaí gás ceaptha teasa na gcleachtas ábhartha feirmeoireachta, agus faisnéis maidir leis an méid is féidir le hearnáil na talmhaíochta a dhéanamh chun é sin a mhaolú le cleachtais níos fearr feirmeoireachta agus agrafhoraoiseachta agus trí thionscadail fuinnimh in-athnuaite agus tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh a fhorbairt ar fheirmeacha.

– Infheistíocht i sócmhainní fisiceacha de réir mar a fhoráiltear faoi Airteagal 18(1)(c) de Rialachán (AE) Uimh. xx/xxx [FT].

– Acmhainn táirgthe talmhaíochta a thabhairt ar ais agus gníomhaíocht coisc iomchuí a thabhairt isteach de réir mar a fhoráiltear faoi Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. xx/xxx [FT].

– Coilltiú agus cruthú coillearnaí de réir mar a fhoráiltear faoi Airteagal 22(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. xx/xxx [FT].

– Bunú córas agrafhoraoiseachta de réir mar a fhoráiltear faoi Airteagal 22(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh. xx/xxx [FT].

– Damáiste a dhéanann dóiteáin foraoise agus tubaistí nádúrtha a chosc agus a chur ina ceart de réir mar a fhoráiltear faoi Airteagal 22(1)(c) de Rialachán (AE) Uimh. xx/xxx [FT].

– Infheistíochtaí a chuireann feabhas ar athléimneacht agus ar luach comhshaoil éiceachóras foraoisí de réir mar a fhoráiltear faoi Airteagal 22(1)(d) de Rialachán (AE) Uimh. xx/xxx [FT].

– Infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí nua foraoiseachta agus i bpróiseáil agus i margú táirgí foraoiseachta de réir mar a fhoráiltear faoi Airteagal 22(1)(e) de Rialachán (AE) Uimh. xx/xxx [FT].

– Oibríochtaí agra-chomhshaoil a bhaineann le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin de réir mar a fhoráiltear faoi Airteagal 29 de Rialachán (AE) Uimh. xx/xxx [FT].

– Feirmeoireacht orgánach a bhaineann le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin de réir mar a fhoráiltear faoi Airteagal 30 de Rialachán (AE) Uimh. xx/xxx [FT].

– Seirbhísí comhshaoil um fhoraoise agus um chaomhnú foraoisí a bhaineann le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin de réir mar a fhoráiltear faoi Airteagal 35 de Rialachán (AE) Uimh. xx/xxx [FT].

*An bhithéagsúlacht:*

– Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir héin fhiáine a chaomhnú

– Treoir 92/43/CEE ón gComhairle maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú.

– Infheistíocht i sócmhainní fisiceacha de réir mar a fhoráiltear faoi Airteagal 18(1)(d) de Rialachán (AE) Uimh. xx/xxx [FT].

– Bunú córas agrafhoraoiseachta de réir mar a fhoráiltear faoi Airteagal 22(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh. xx/xxx [FT].

– Infheistíochtaí a chuireann feabhas ar athléimneacht agus ar luach comhshaoil éiceachóras foraoisí de réir mar a fhoráiltear faoi Airteagal 22(1)(d) de Rialachán (AE) Uimh. xx/xxx [FT].

– Oibríochtaí agra-chomhshaoil a bhaineann le bithéagsúlacht de réir mar a fhoráiltear faoi Airteagal 29 de Rialachán (AE) Uimh. xx/xxx [FT].

– Feirmeoireacht orgánach a bhaineann le bithéagsúlacht de réir mar a fhoráiltear faoi Airteagal 30 de Rialachán (AE) Uimh. xx/xxx [FT].

– Seirbhísí comhshaoil um fhoraoise agus um chaomhnú foraoisí a bhaineann le bithéagsúlacht de réir mar a fhoráiltear faoi Airteagal 35 de Rialachán (AE) Uimh. xx/xxx [FT].

*Cosaint Uisce:*

– Airteagal 11(3) de Threoir 2000/60/CE lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce.

– Ceart-úsáid táirgí cosanta plandaí mar atá leagtha síos in Airteagal 55 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, go háirithe comhlíonadh na bprionsabal ginearálta maidir le srianadh comhtháite lotnaidí dá dtagraítear in Airteagal 14 de Threoir 2009/128/CE lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach.

– Infheistíocht i sócmhainní fisiceacha le haghaidh bainistiú uisce dá bhforáiltear faoi Airteagal 18(1)(c) de Rialachán (AE) Uimh. xx/xxx [FT].

– Oibríochtaí agra-chomhshaoil a bhaineann le bainistiú uisce de réir mar a fhoráiltear faoi Airteagal 29 de Rialachán (AE) Uimh. xx/xxx [FT].

– Feirmeoireacht orgánach a bhaineann le bainistiú uisce de réir mar a fhoráiltear faoi Airteagal 30 de Rialachán (AE) Uimh. xx/xxx [FT].

*Fógra a thabhairt maidir le galair ainmhithe agus plandaí:*

– Treoir 2003/85/CE ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2003 ag tabhairt isteach bearta Comhphobail chun galar crúb is béil a rialú.

– Treoir 92/119/CEE ón gComhairle an 17 Nollaig 1992 ag tabhairt isteach bearta ginearálta Comhphobail chun galair áirithe ainmhithe a rialú agus bearta sonracha a bhaineann le galar saicíneach muc.

– Treoir 2000/75/CE ón gComhairle an 20 Samhain 2000 ag leagan síos forálacha sonracha chun galar gormtheanga a rialú agus a dhíothú.

– Treoir 2000/29/CE ón gComhairle an 8 Bealtaine 2000 maidir le bearta cosanta i gcoinne orgánach atá dochrach do phlandaí nó do tháirgí plandaí a thabhairt isteach sa Chomhphobal agus i gcoinne leathadh na n-orgánach sin laistigh den Chomhphobal

*Nuálaíocht:*

– Faisnéis maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le nuálaíocht.

– Craobhscaoileadh na ngníomhaíochtaí arna ndéanamh faoi chuimsiú líonra na Comhpháirtíochta Eorpaí um Nuálaíocht dá bhforáiltear in Airteagal 53 de Rialachán (AE) Uimh. xx/xxx [FT].

– Comhar dá bhforáiltear faoi Airteagal 36 de Rialachán (AE) Uimh. xx/xxx [FT].

## IARSCRÍBHINN II

### Na rialacha maidir le tras-chomhlíonadh de bhun Airteagal 93

CRB: Ceanglas reachtúil bainistíochta

CDTCT: Caighdeáin maidir le dea-bhail talmhaíochta agus comhshaoil talún

| Réimse | An phríomh-saincheist | Ceanglais agus caighdeáin | | |
|---|---|---|---|---|
| An comhshaol, athrú aeráide, dea-bhail talmhaíochta talún; | Uisce | CRB 1 | Treoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta (IO L 375, 31.12.1991, lch. 1) | Airteagail 4 agus 5 |
| | | CDTCT 1 | Stiallacha maoláin a chur feadh uiscebhealaí. | |
| | | CDTCT 2 | I gcás ina bhfuil úsáid uisce le haghaidh uisciúcháin faoi réir údarú, na nósanna imeachta údarúcháin a chomhlíonadh[48]. | |
| | | CDTCT 3 | Screamhuisce a chosaint in aghaidh truailliú: toirmeasc ar sceitheadh díreach isteach i screamhuisce agus bearta chun cosc a chur ar thruailliú indíreach screamhuisce de dheasca substaintí contúirteacha a bheith á sceitheadh ar an talamh agus ag síothlú tríd an ithir, ar substaintí iad atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 80/68/CEE. | |
| | Ithir agus stoc carbóin | CDTCT 4 | Íoschlúdach ithreach | |
| | | CDTCT 5 | Íosbhainistiú talún a chuireann san áireamh dálaí atá sonrach don suíomh i gceist d'fhonn creimeadh a theorannú | |
| | | CDTCT 6 | Leibhéal ábhar orgánaigh na hithreach a choinneáil mar atá sé, lena n-áirítear toirmeasc a chur a choinleach arúil a loscadh | |
| | | CDTCT 7 | Bogach agus ithreacha atá ar mhórán carbóin a chosaint, trí bhíthin, *inter alia*, cosc a chur ar chéadthreabhadh[49] | |

[48] Caithfidh na stiallacha maoláin, idir mhaoláin atá laistigh de na limistéir leochaileacha arna sainiú de bhun Airteagal 3(2) de Threoir 91/676/CEE agus mhaoláin atá lasmuigh díobh, ar a laghad na ceanglais a bhaineann le leasachán a leathadh ar thalamh atá gar d'uiscebhealaí a chomhlíonadh, ceanglais dá dtagraítear i bpointe A.4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 91/676/CEE agus atá le cur i bhfeidhm i gcomhréir le cláir ghníomhaíochta na mBallstát arna mbunú faoi Airteagal 5(4) de Threoir 91/676/CEE.

[49] Treabhadh bogaigh agus treabhadh talaimh atá ar mhórán carbóin a sainíodh in 2011 ar a dhéanaí mar thalamh arúil i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 11120/2009 agus a

| Réimse | An phríomh-sain cheist | Ceanglais agus caighdeáin | | |
|---|---|---|---|---|
| | Bithéagsúlacht | CRB 2 | Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7) | Airteagal 3(1), Airteagal 3(2)(b), Airteagal 4 (1), (2) agus (4) |
| | | CRB 3 | Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7). | Airteagal 6 (1) agus (2) |
| | Tírdhreach, íosleibhéal cothabhála | CDTCT 8 | Gnéithe den tírdhreach a choinneáil, lena n-áirítear, nuair is iomchuí, fálta, linnte, díoga, crainn ina sraith, ina ngrúpa nó crainn aonair, imill pháirce agus léibhinn agus bearta a d'fhéadfadh cosc a chur ar speicis agus ar lotnaidí ionracha | |
| Sláinte phoiblí, sláinte ainmhithe agus sláinte plandaí | Sláinte bia | CRB 4 | Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 ag leagan síos phrionsabail agus cheanglais ghinearálta dhlí an bhia, ag bunú an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia agus ag leagan síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 01.02.2002, lch. 1) | Airteagail 14 agus 15, Airteagal 17 (1)[50] agus Airteagail 18, 19 agus 20 |
| | | CRB 5 | Threoir 96/22/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 a bhaineann le toirmeasc ar shubstaintí áirithe a ngabhann gníomhaíocht hormónach nó thíreastatach leo, agus ar bhéite-agónaithe, a úsáid i bhfeirmeoireacht stoic (IO L125, 23.5.1996, lch.3) | Airteagal 3(a), (b), (d) agus (e) agus Airteagail 4, 5 agus 7 |
| | Sainaithint agus clárú ainmhithe | CRB 6 | Treoir 2008/71/CE ón gComhairle an 15 Iúil 2008 maidir le sainaithint agus clárú muc (IO L 213, 8.8.2005, lch. 31) | Airteagail 3, 4 agus 5 |
| | | CRB 7 | Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Iúil 2000 ag bunú córais chun bó-ainmhithe a shainaithint agus a chlárú | Airteagail 4 agus 7 |

chomhlíonann an tsainithe ar thalamh arúil arna leagan síos i bpointe (f) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. ÍD/xxx, ní mheasfar gur céadtreabhadh é

[50] Mar a gcuirtear i bhfeidhm ag:

— Rialachán (CEE) Uimh. 2377/90: Airteagail 2, 4 agus 5,

— Rialachán (CE) Uimh. 852/2004: Airteagal 4(1) agus Iarscríbhinn I Cuid A (II 4 (g, h, j), 5 (f, h), 6; III 8 (a, b, d, e), 9 (a, c)),

— Rialachán (CE) Uimh. 853/2004: Airteagal 3(1) agus Iarscríbhinn III Cuid IX Caibidil 1 (I-1 b, c, d, e; I-2 a (i, ii, iii), b (i, ii), c; I-3; I-4; I-5; II-A 1, 2, 3, 4; II-B 1(a, d), 2, 4 (a, b)), Iarscríbhinn III Roinn X Caibidil 1(1),

— Rialachán (CE) Uimh. 183/2005: Airteagal 5(1) agus Iarscríbhinn I, cuid A (I-4 e, g; II-2 a, b, e), Airteagal 5(5) agus Iarscríbhinn III (1, 2), Airteagal 5(6), agus

Rialachán (CE) Uimh. 396/2005: Airteagal 18.

| Réimse | An phríomh-sain cheist | Ceanglais agus caighdeáin | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | agus maidir le mairteoil agus táirgí mairteola a lipéadú (IO L 204, 11.8.2000, lch. 1) | |
| | | SMR 8 | Rialachán (CE) Uimh. 21/2004 ón gComhairle an 17 Nollaig 2003 lena mbunaítear córas chun ainmhithe de chineál caorach agus de chineál gabhair a shainaithint agus a chlárú (IO L 5, 9.1.2004, lch. 8) | Airteagail 3, 4 agus 5 |
| | Galair ainmhithe | SMR 9 | Rialachán (EC) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 ag leagan síos rialacha chun einceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú (IO L 147, 31.5.2001, lch. 1) | Airteagail 7, 11, 12, 13 agus 15 |
| | Táirgí cosanta plandaí | SMR 10 | Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch.1) | Airteagal 5 5, an chéad abairt agus an dara habairt |
| Leas ainmhithe. | Leas ainmhithe | SMR 11 | Treoir 2008/119/CE ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 ag leagan síos íoschaighdeán maidir le cosaint laonna (IO L 340, 10.15.2009, lch. 7). | Airteagail 3 agus 4 |
| | | SMR 12 | Treoir 2008/120/CE ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 ag leagan síos íoschaighdeán maidir le cosaint muc (IO L 47, 18.2.2009 lch. 5). | Airteagal 3 agus Airteagal 4 |
| | | SMR 13 | Treoir 98/58/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le cosaint ainmhithe a choinnítear chun críoch feirmeoireachta (IO L 221, 8.8.1998, lch. 23) | Airteagal 4 |

## IARSCRÍBHINN III

## TÁBLA COMHGHAOIL

| | |
|---|---|
| **1. Rialachán (CEE) Uimh. 352/78** | |
| Rialachán (CEE) Uimh. 352/78 | An Rialachán seo |
| Airteagal 1 | Airteagal 46(1)(e) |
| Airteagal 2 | Airteagal 46(2) |
| Airteagal 3 | Airteagal 49(1) |
| Airteagal 4 | - |
| Airteagal 5 | - |
| Airteagal 6 | - |
| **2. Rialachán (CE) Uimh. 2799/98** | |
| Rialachán (CE) Uimh. 2799/98 | An Rialachán seo |
| Airteagal 1 | - |
| Airteagal 2 | Airteagal 106(2) agus 107 |
| Airteagal 3 | Airteagal 107 |
| Airteagal 4 | - |
| Airteagal 5 | - |
| Airteagal 6 | - |
| Airteagal 7 | Airteagal 108 |
| Airteagal 8 | Airteagal 109 |
| Airteagal 9 | - |
| Airteagal 10 | - |
| Airteagal 11 | - |
| **3. Rialachán (CE) Uimh. 814/2000** | |
| Rialachán (CE) Uimh. 814/2000 | An Rialachán seo |
| Airteagal 1 | Airteagal 48(1) |

| | |
|---|---|
| Airteagal 2 | Airteagal 48(2) |
| Airteagal 3 | - |
| Airteagal 4 | - |
| Airteagal 5 | - |
| Airteagal 6 | - |
| Airteagal 7 | - |
| Airteagal 8 | Airteagal 48(5) |
| Airteagal 9 | - |
| Airteagal 10 | Airteagail 48(4) agus 113 |
| Airteagal 11 | - |
| **4. Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005** | |
| Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 | An Rialachán seo |
| Airteagal 1 | Airteagal 1 |
| Airteagal 2 | Airteagal 3 |
| Airteagal 3 | Airteagal 4 |
| Airteagal 4 | Airteagal 5 |
| Airteagal 5 | Airteagal 6 |
| Airteagal 6 | Airteagal 7 |
| Airteagal 7 | Airteagal 9 |
| Airteagal 8 | Airteagal 103 |
| Airteagal 9 | Airteagal 61 |
| Airteagal 10 | Airteagal 10 |
| Airteagal 11 | Airteagal 11 |
| Airteagal 12 | Airteagal 16 |
| Airteagal 13 | Airteagal 19 |
| Airteagal 14 | Airteagal 17 |

| | |
|---|---|
| Airteagal 15 | Airteagal 18 |
| Airteagal 16 | Airteagal 43 |
| Airteagal 17 | Airteagal 44(1) |
| Airteagal 17a | Airteagal 44(2) |
| Airteagal 18 | Airteagal 24 |
| Airteagal 19 | Airteagal 26 |
| Airteagal 20 | Airteagal 27 |
| Airteagal 21 | Airteagal 28 |
| Airteagal 22 | Airteagal 31 |
| Airteagal 23 | Airteagal 32 |
| Airteagal 24 | Airteagal 33 |
| Airteagal 25 | Airteagal 34 |
| Airteagal 26 | Airteagal 35 |
| Airteagal 27 | Airteagal 44(1) |
| Airteagal 27a | Airteagal 44(2) |
| Airteagal 28 | Airteagal 37 |
| Airteagal 29 | Airteagal 38 |
| Airteagal 30 | Airteagal 54 |
| Airteagal 31 | Airteagal 55 |
| Airteagal 32 | Airteagal 57 agus 58 |
| Airteagal 33 | Airteagal 57 agus 59 |
| Airteagal 34 | Airteagal 46 |
| Airteagal 35 | - |
| Airteagal 36 | Airteagal 51 |
| Airteagal 37 | Airteagal 50 |
| Airteagal 38 | - |

| | |
|---|---|
| Airteagal 39 | - |
| Airteagal 40 | - |
| Airteagal 41 | Airteagal 113 |
| Airteagal 42 | - |
| Airteagal 43 | Airteagal 110 |
| Airteagal 44 | Airteagal 104 |
| Airteagal 44a | Airteagal 114(1) |
| Airteagal 45 | Airteagal 106(1) agus 107(3) agus (4) |
| Airteagal 46 | - |
| Airteagal 47 | Airteagal 114 |
| Airteagal 48 | Airteagal 115 |
| Airteagal 49 | Airteagal 116 |
| **5. Rialachán (CE) Uimh. 485/2008** | |
| Rialachán (CE) Uimh. 485/2008 | An Rialachán seo |
| Airteagal 1 | Airteagal 80 |
| Airteagal 2 | Airteagal 81 |
| Airteagal 3 | Airteagal 82 |
| Airteagal 4 | - |
| Airteagal 5 | Airteagal 83(1), (2) agus (3) |
| Airteagal 6 | Airteagal 83(4) |
| Airteagal 7 | Airteagal 84 |
| Airteagal 8 | Airteagal 104(2) |
| Airteagal 9 | Airteagal 87 |
| Airteagal 10 | Airteagal 85 |
| Airteagal 11 | Airteagal 86 |
| Airteagal 12 | Airteagal 107(3) |

| | |
|---|---|
| Airteagal 13 | - |
| Airteagal 14 | - |
| Airteagal 15 | Airteagal 88 |
| Airteagal 16 | - |
| Airteagal 17 | - |

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

### 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

#### *1.1. Teideal an togra/tionscnaimh*

- Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha maidir le scéimeanna íocaíochta dírí d'fheirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta;

- Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta (an Rialachán maidir le CEM Aonair);

- Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT);

- Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air;

- Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí a chur i bhfeidhm i ndáil leis an mbliain 2013;

- Togra le haghaidh Rialacháin ón gComhairle lena gcinntear bearta maidir le cabhair agus aisíocaíochtaí áirithe a shocrú a bhaineann le comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta;

- Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle maidir le córas na scéime aoníocaíochta agus tacaíocht do shaothraithe finiúnacha;

#### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[51]

Réimse beartais Theideal 05 de Cheannteideal 02.

#### 1.3. An cineál togra/tionscnaimh (Creat reachtach don CBT ó 2013 amach)

x Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht nua a leanann treoirthionscadal/réamhghníomhaíocht**[52]

x Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar ghníomhaíocht atá ann cheana**

---

51 ABM: Bainistiú de réir gníomhaíochtaí – ABB: Bunú an bhuiséid de réir gníomhaíochtaí.

52 Mar a thagraítear dó in Airteagal 49(6)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

x Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht a atreoraíodh i dtreo gníomhaíochta nua**

**1.4. Cuspóirí**

***1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe***

Chun éifeachtúlacht acmhainní a chur chun cinn d'fhonn fás cliste inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a bhaint amach i gcomhair thalmhaíocht an AE agus forbartha tuaithe i gcomhréir leis an straitéis "Eoraip 2020", is iad cuspóirí an CBT:

- Tairgeadh inmharthana bia;

- Bainistíocht inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus gníomhaíocht ar son na haeráide;

- Forbairt chríochach chothromúil.

*1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann*

**Cuspóirí sonracha do Réimse beartais 05:**

CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1:

Earraí poiblí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a sholáthar

Cuspóir sonrach Uimh. 2:

Deacrachtaí táirgthe i limistéir a bhfuil srianta nádúrtha sonracha iontu a chúiteamh

Cuspóir sonrach Uimh. 3:

Gníomhaíochtaí maidir le maolú ar athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin a dhéanamh

Cuspóir sonrach Uimh. 4:

Buiséad an AE (CBT) a bhainistiú i gcomhréir le hardchaighdeáin bainistíochta airgeadais

**Cuspóir sonrach d'ABB 05 02 – Idirghabhálacha i margaí talmhaíochta:**

Cuspóir sonrach Uimh. 5:

Iomaíocht earnáil na talmhaíochta a fheabhsú agus cur lena luach sa slabhra bia

**Cuspóir sonrach d'ABB 05 03 - Cabhair dhíreach:**

Cuspóir sonrach Uimh. 6:

Cuidiú le hioncaim feirme agus le hinathraitheacht ioncam feirme a theorannú

**Cuspóirí sonracha d'ABB 05 04 – Forbairt tuaithe:**

Cuspóir sonrach Uimh. 7:

Fás glas a chothú trí nuálaíocht

Cuspóir sonrach Uimh. 8:

Tacú le forbairt tuaithe agus uige shóisialta limistéar tuaithe a chothabháil

Cuspóir sonrach Uimh. 9:

An geilleagar tuaithe a fheabhsú agus éagsúlú a chur chun cinn

Cuspóir sonrach Uimh. 10:

An deis a thabhairt maidir le héagsúlacht i gcórais feirmeoireachta ó thaobh struchtúir de

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leis*

Ní féidir spriocanna cainníochtúla a shocrú le haghaidh táscairí tionchair ag an gcéim seo. Cé gur féidir leis an mbeartas cúrsaí a threorú i dtreo áirithe, bheadh na torthaí eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta ginearálta arna dtomhas leis na táscairí sin ag brath freisin ar thionchar raon fachtóirí seachtracha, ar fachtóirí iad, i bhfianaise na taithí is déanaí, atá anois suntasach agus neamh-intuartha Tá tuilleadh anailíse ar siúl ar bhonn leanúnach, le bheith réidh don tréimhse tar éis 2013.

Maidir leis na híocaíochtaí díreacha, beidh an deis ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh, ar bhonn teoranta, maidir le cur chun feidhme ghnéithe áirithe na scéimeanna íocaíochta dírí.

I gcás na forbartha tuaithe, beidh na torthaí agus an tionchar a bhfuiltear ag súil leo ag brath ar na cláir forbartha tuaithe a chuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiún. Iarrfar ar Bhallstáit spriocanna a shocrú ina gcláir.

*1.4.4. Táscairí a léiríonn toradh agus tionchar*

Déantar foráil sna tograí maidir le comhchreat faireacháin agus meastóireachta a bhunú d'fhonn feidhmíocht an Chomhbheartais Talmhaíochta a thomhas. Áireofar sa chreat sin na hionstraimí uile a bhaineann le faireachán agus meastóireacht ar bhearta an CBT agus go háirithe ar na híocaíochtaí díreacha, ar na bearta margaidh, ar na bearta forbartha tuaithe agus ar chur i bhfeidhm an tras-chomhlíonta.

Déanfar tionchar na mbeart sin a thomhas i ndáil leis na cuspóirí seo a leanas:

(a) táirgeadh inmharthana bia agus béim ar ioncam talmhaíochta, ar tháirgeadh talmhaíochta agus ar chobhsaíocht praghsanna;

(b) acmhainní nádúrtha a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe, gníomhaíocht ar son na haeráide, agus béim a chur ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa, ar an mbithéagsúlacht, ar ithir agus ar uisce;

(c) forbairt chríochach chothromúil, agus béim ar fhostaíocht tuaithe, ar fhás agus ar bhochtaineacht i limistéir tuaithe.

Saineoidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, an tacar táscairí a bhaineann go sonrach leis na cuspóirí agus na limistéir sin.

Ina theannta sin, maidir le forbairt tuaithe, moltar comhchóras neartaithe faireacháin agus meastóireachta. Dírítear sa chóras sin ar (a) dul chun cinn agus comhlíonadh beartais forbartha tuaithe a léiriú agus tionchar, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus ábharthacht idirghabhálacha ar bheartas forbartha tuaithe a mheasúnú, (b) rannchuidiú le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe atá níos spriocdhírithe, agus (c) tacú le comhphróiseas foghlamtha i ndáil le faireachán agus meastóireacht. Bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, liosta na gcomhtháscairí atá ceangailte leis na cuspóirí beartais.

## 1.5. Na forais leis an togra/tionscnamh

### *1.5.1. Na ceanglais is gá a shásamh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

Chun cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an CBT a bhaint amach, arb ionann iad agus aistriúchán díreach ar straitéis Eoraip 2020 maidir le limistéir thuaithe Eorpacha agus chun ceanglais ábhartha an Chonartha a chomhlíonadh, dírítear sna tograí ar chreat reachtach don Chomhbheartas Talmhaíochta a leagan amach don tréimhse ó 2013 amach.

### *1.5.2. Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas an AE*

Amach anseo ní bheidh an CBT ina bheartas nach bhfreastalaíonn ach ar chuid bheag, bíodh go bhfuil an chuid sin sár-riachtanach, de gheilleagar an AE, ach beartas lena mbaineann tábhacht straitéiseach i gcomhair slándála bia, an chomhshaoil agus cothroime idir críocha a bheidh ann freisin. Ar an gcaoi sin, baineann an CBT, ar chomhbheartas i bhfírinne é, an úsáid is éifeachtúla as acmhainní buiséadacha teoranta chun talmhaíocht inbhuanaithe a chothabháil ar fud an AE, ag díriú ar shaincheisteanna tábhachtacha trasteorann amhail athrú aeráide, agus ag neartú na dlúthpháirtíochta i measc na mBallstát.

Mar atá luaite sa Teachtaireacht ón gCoimisiún "Buiséad don Eoraip 2010"[53], is beartas Eorpach i bhfírinne an CBT. Seachas 27 beartas talmhaíochta agus buiséad talmhaíochta ar leith a fheidhmiú, déanann na Ballstáit a n-acmhainní a chomhthiomsú chun beartas Eorpach aonair mar aon le buiséad Eorpach aonair a fheidhmiú. Ciallaíonn sé seo go nádúrtha gurb ionann an CBT agus sciar suntasach de bhuiséad an AE. Mar sin féin, tá an cur chuige seo níos éifeachtúla agus níos eacnamaíche ná cur chuige náisiúnta neamh-chomhordaithe.

[53] COIM(2011) 500 críochnaihteach, 29 Meitheamh 2011.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí chosúil roimhe seo*

Bunaithe ar an meastóireacht ar an gcreat beartais reatha, agus comhairliúchán fhairsing leis na geallsealbhóirí chomh maith le hanailís ar dhúshláin agus ar riachtanais amach anseo, cuireadh measúnú cuimsitheach tionchair i gcrích. Tá mionsonraí breise ar fáil sa mheasúnú tionchar agus sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis na tograí dlíthiúla.

*1.5.4. Comhchuibheas agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí ábhartha eile*

Ba cheart féachaint ar na tograí reachtacha a bhaineann leis an ráiteas airgeadais seo i gcomhthéacs níos leithne an togra le haghaidh creat-rialachán aonair le comhrialacha maidir le cistí an chomhchreata straitéisigh (CETFT, CFRE, CSE, an Ciste Comhtháite agus CEMI). Cuideoidh an creat-rialachán sin go suntasach leis an ualach riaracháin a laghdú, le cistí an AE a chaitheamh ar bhealach éifeachtach, agus le simpliú a chur i ngníomh. Leis seo daingnítear freisin coincheapa nua an chomhchreata straitéisigh le haghaidh na gcistí sin go léir agus na Conarthaí Comhpháirtíochta atá ag teacht aníos a chumhdóidh na cistí sin freisin.

Sa chomhchreat straitéiseach a bhunófar, déanfar cuspóirí agus tosaíochtaí Straitéis Eoraip 2020 a thiontú ina dtosaíochtaí don CETFT mar aon leis an CFRE, CSE, an Ciste Comhtháite agus CEMI, rud a áiritheoidh úsáid chomhtháite na gcistí chun comhchuspóirí a chur i gcrích.

Sa chomhchreat straitéiseach leagfar amach meicníochtaí comhordúcháin freisin le beartais agus ionstraimí ábhartha eile an Aontais.

Ina theannta sin, maidir leis an CBT, gheofar sineirgíochtaí agus éifeachtaí simpliúcháin suntasacha trí na rialacha maidir le bainistíocht agus rialú don chéad cholún (CERT) agus don dara colún (CETFT) den CBT a chomhchuibhiú agus a ailíniú. Ba cheart an nasc láidir idir an CERT agus an CETFT a chothabháil agus na struchtúir atá curtha ar bun cheana sna Ballstáit a choimeád.

**1.6. Fad agus tionchar airgeadais**

x Togra/tionscnamh **d'fhad teoranta (i gcás na ndréacht-rialachán maidir le scéimeanna íocaíochta dírí, forbairt tuaithe agus rialacháin idirthréimhseacha)**

– x Togra/tionscnamh in éifeacht ón 1.1.2014 go dtí an 31.12.2020

– x Tionchar airgeadais do thréimhse an chéad chreata airgeadais ilbhliantúil eile. D'fhorbairt tuaithe, tionchar ar íocaíochtaí go 2023.

x Togra/tionscnamh **d'fhad neamhtheoranta (i gcás an dréacht-rialacháin maidir leis an CEM aonair agus an rialacháin chothrománaigh)**

– Cur chun feidhme ó 2014 amach

## 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[54]

x **Bainistíocht dhíreach láraithe** ag an gCoimisiún

☐ **Bainistíocht indíreach láraithe** trí na cúraimí cur chun feidhme a tharmligean chuig:

– ☐ gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

– ☐ comhlachtaí arna mbunú ag na Comhphobail[55]

– ☐ comhlachtaí náisiúnta san earnáil phoiblí/comhlachtaí a bhfuil misean de sheirbhís phoiblí acu

– ☐ daoine a bhfuil sé de chúram orthu gníomhaíochtaí ar leith a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus atá sainaitheanta sa ghníomh bunaidh ábhartha de réir bhrí Airteagal 49 den Rialachán Airgeadais

x **Bainistíocht chomhpháirteach** leis an Ballstáit

☐ **Bainistíocht dhíláraithe** le tríú tíortha

☐ **Comhbhainistíocht** le heagraíochtaí idirnáisiúnta ***(tabhair sonraí)***

Nótaí

| |
|---|
| Gan athrú substainteach ar bith i gcomparáid leis an staid reatha, i.e. déanfar formhór an chaiteachais a bhaineann leis na tograí reachtacha maidir le hathchóiriú an CBT a bhainistiú trí chomhbhainistíocht ag na Ballstáit. Mar sin féin, leanfar de chuid an-bheag a bheith faoi bhainistíocht dhíreach láraithe ag an gCoimisiún. |

[54] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin DG Budg: http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag_en.html

[55] Mar a thagraítear dóibh in Airteagal 185 den Rialachán Airgeadais.

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### *2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe*

I dtéarmaí fhaireachán agus mheastóireacht an CBT, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle gach 4 bliana, agus tá an chéad tuarascáil le tíolacadh tráth nach déanaí ná deireadh 2017.

Comhlántar an méid sin le forálacha sonracha i réimsí uile an CBT, mar aon le ceanglais chuimsitheacha éagsúla maidir le tuairisciú agus fógra a thabhairt atá le sonrú sna rialacha cur chun feidhme.

Maidir le forbairt tuaithe, déantar foráil maidir le rialacha chun faireachán a dhéanamh ar leibhéal na gclár, a dhéanfar a ailíniú leis na cistí eile, agus a dhéanfar a chúpláil le meastóireachtaí *ex ante*, leanúnacha agus *ex post*.

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

#### *2.2.1. Na rioscaí a aithníodh*

Tá níos mó ná seacht milliún tairbhí ag an CBT, a fhaigheann tacaíocht faoi a lán cineálacha éagsúla scéimeanna cabhrach, a bhfuil critéir incháilitheachta mhionsonraithe agus chasta ar uairibh ag gach ceann acu.

